




*Biseach 2001*

*Glór  
an  
Chnoic*

CENTRA

156 PLU

**Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige**

*i gcomhar le*  
**Glór na nGael**



£2.50

# CUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Pádraig Ó Healaí  
Cathaoirleach

**B**íonn cruinniú míosúil ag an gCumann ag a ndírítear ar fhobairtí fisiciúla agus cultúrtha a mheastar a rachadh chun tairbhe don cheantar agus a dhéanadh leas don phobal.



Ó chlér: Pól Ó Foighil, Jimí Ó Fátharta, Siorcha Uí Scanlán, Barry Ó Coisdealbha, Pádraic Ó Héalaí, Breandán Ó Tuairisg, an tAthair Ó Flannabhra, Seán Ó Tuairisg, Bertie Ó hAinmhíre, Pádraig Ó Fátharta.

Ar na tograí a raibh an Cumann gafa leo le bliain anuas bhí:

## Plean Ceantair

Ar mholadh ón Athair Ó Flannabhra, chuir Cumann Forbartha Chois Fharraige roimhe plean forbartha agus maisiúchain don bhóthar réigiúnach, R336, ó Abhainn an Spidéil go Droichead Chromghlinne a chur le chéile agus céimeanna áirithe a thógáil chun an phlean a chur i gcrích. Ar iarratas ón gCumann agus ar chostas an Chumainn chuir comhlacht innealtóireachta agus suirbhéireachta, Michael Naughton Ltd., Na Forbacha, dréachtphlean ar fáil agus tar éis é a phlé ag roinnt cruinnithe, bheartaigh an Cumann glacadh leis. Dírítear sa bplean ar leasuithe a chuirfeadh le sábháileacht an bhóthair, mar shampla, cosáin do choisithe, rothair, línte bóthair, luasteorainneacha, fairsingiú ar bhéal bóithriní, agus dirítear ann freisin ar fhorbairtí fisiciúla mar sconsaí slachtmhara agus stadanna bus faoi dhíon.

Rinne an Cumann Forbartha iarrachtaí éagsúla ar phlean a chur chun cinn trí bhrú a chur ar ionadaithe poiblí maidir leis na moltaí atá i gceist ann. Chuige sin chas toscaireacht ón gCumann faoi dhó le grúpa de Chomhairleoirí Contae ó Chonamara agus aríst leis an Aire Stát, Éamon Ó Cuív, T.D., chun an phráinn a bhain le gnéithe den phlean a chur ina luí orthu. Ní miste a cheapadh go raibh baint nach beag ag an mbrú seo leis an dul chun cinn atá tarlaithe maidir le soiliú agus sconsaí fán an bhóthair seo le déanaí.

## Aighneacht chuig Coimisiún na Gaeltachta

Chuir an Cumann aighneacht chuig Coimisiún na Gaeltachta ina raibh moltaí ag tagairt go háirithe do riach-

Pádraic Ó Héalaí  
Cathaoirleach  
Cumann Forbartha  
Chois Fharraige agus  
Máire Ní Chochláin  
T.D. an tAire Stáit sa  
Roinn Ealaíon,  
Oidhreacht,  
Gaeltachta agus  
Oileán



tanais an phobail seo i gcúrsaí oideachais ag gach leibhéal, an réamhscolaíocht san áireamh, agus freisin inar cuireadh chun cinn éilimh maidir le cothrom na féinne don Ghaeilge ó Ranna Rialtais agus ó fhorais rialtais áitiúil.

### Ar na nithe eile a tuadh san aighneacht bhí:

- ◆ moladh go mbeadh deontais do mhonarchana sa nGaeltacht coinníollach ar an iarracht a dhéanann siad an Ghaeilge a chur chun tosaigh ina ngnó.
- ◆ moladh go mbunófaí ionaid cheardaíochta traidisiúnta sa nGaeltacht le deis agus spreagadh a thabhairt do dhaoine óga na seancheirdeanna a fhoghlaim in athuair.
- ◆ moladh go ndéanfaí maoiniú ar struchtúr na n-eagras óige sa nGaeltacht ionas go mbeadh foireann ghairmiúil lánaimseartha ar fáil mar thacaíocht don fhreastal a dhéantar ar an óige faoi láthair.
- ◆ moladh go gcuirfí breis airgid ar fáil do 'Pléaráca' le siamsaíocht thraidisiúnta a chur chun cinn sa nGaeltacht.

## Biseach 2001 Glór an Chnoic

Iris Chumann Forbartha Chois  
Fharraige 2001 i gcomhar le Glór na  
nGael

## Paróiste an Chnoic Buaitheoirí Glór na nGael 2000

### Réamhrá

Tá seanfhocal ann a deir gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus níl aon amhras ann ach go bhfuil an seanfhocal céanna fíor i gcás caomhnú na Gaeilge i bParóiste an Chnoic. Murach na dianiar-rachtaí atá déanta ag daoine agus ag Coistí deonacha thár na blianta ní bheadh an t-aitheantas seo ó Ghlór na nGael tuillte ag pobal an Chnoic i mbliana. Tuigeann an pobal seo gur acmhainn fíorthábhachtach dúinn í an Ghaeilge agus níl i gceist againn í a thréigean. Thárla sé sin i gceantair eile agus tá cuid de na ceantair sin buailte go dona inniu. Ní aon ualach orainn Gaeilge a thabhairt do na glúine atá ag teacht mar ní féidir linn a thomhais cén caillteanas a bheadh ann dá dtréigfí an teanga anois. Tá go leor bun-táistí ag an bpobal seo sa lá atá inniu ann - an cultúr, an ceol, an áilleacht atá timpeall orainn, an glaineacht aeir agus uisce, an caighdeán maireachtála &rl. - níl i gceist againn an seoid is luachmhaire atá againn a chaitheamh le haill.

### Altanna san eagrán seo ...

|                                                                      |     |
|----------------------------------------------------------------------|-----|
| Cumann Forbartha Chois Fharraige .....                               | 1&2 |
| Deireadh Seachtaine Ghlór na nGael .....                             | 3   |
| Tionchar Chomharchumann Shailearna ar Fhorbairt Ghlór na nGael ..... | 4   |
| An Tulach .....                                                      | 6   |
| Úsáid Nua do Phortaigh i gCois Fharraige .....                       | 9   |
| Uisce Te á Bhaint as Uisce Fuar .....                                | 9   |
| Abhainn an Chnoic .....                                              | 10  |
| Dhá Scór Bliain agus ag dul i dTreise: Scoil Cholmcille ..           | 13  |
| Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta .....                        | 14  |
| Mol an Óige: Scoil Sailearna Inniu .....                             | 16  |
| Plean Gaeilge Scoil Sailearna .....                                  | 17  |
| Tomás Ó Ráighne .....                                                | 22  |
| Glór na nGael - Ball Áluinn .....                                    | 23  |
| Glór na nGael in Uladh .....                                         | 24  |
| Glór na nGael - Inis Oirr .....                                      | 25  |
| Fiche Bliain ag Fás:                                                 |     |
| Cumann Camógaíochta Chois Fharraige .....                            | 26  |
| Liathróid Láimhe ar an gCnoc .....                                   | 27  |
| Páirc an Chnoic .....                                                | 28  |
| Cumann Mhicheál Breathnach - Peil .....                              | 30  |
| Cumann Mhicheál Breathnach - Iománaíocht .....                       | 33  |
| Trí Cinn as a Chéile! .....                                          | 34  |
| Corn "Sam Maguire" .....                                             | 36  |
| Cúinne na nÓg .....                                                  | 40  |
| Coláiste Lurgan .....                                                | 44  |
| Naíonra Chois Fharraige Seanscoil Shailearna .....                   | 47  |
| Socos Teo .....                                                      | 49  |
| Siopa an Phobail .....                                               | 51  |
| Tearmann Ainnín Teo & Tearmann Éanna Teo .....                       | 52  |
| Ó Bhaile an Phuitigh go Las Vegas! .....                             | 56  |
| I ngan Fhios don Saol .....                                          | 58  |
| Ga Gréine i gCnoc na hAille: Coláiste Cholmcille .....               | 61  |
| Glacadh na Cinniúna .....                                            | 62  |
| Maidhc Ó Cadhain .....                                               | 63  |
| Campa Saoire Chois Fharraige .....                                   | 64  |
| Tom Pheaidí Mac Diarmada 1909 - 2001 .....                           | 66  |
| Lá Oibre .....                                                       | 68  |
| Máire Áine Ní Dhonnchadha .....                                      | 69  |
| Glór na nGael - Ceathrú Thaidhg .....                                | 73  |
| Club Óige Lurgan .....                                               | 74  |
| Brenda Uí Shuilleabháin .....                                        | 76  |
| Glór na nGael - Ceantar Naithí .....                                 | 77  |

## CUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

### Glór na nGael

Bhí cúrsaí Ghlór na nGael ar chlár cruinnithe an Chumainn le bliain anuas agus bhí plé go rialta le Tríona Ní Ráinne agus Nóra Welby, feidhmeannaigh de chuid na heagraíochta Glór na nGael, agus táimid go mór faoi chomaoín acu beirt as an treoir a thug siad dúinn inár n-iarrachtaí maidir leis an gcomórtas. Thug ionadaithe ó thart ar scór eagraíocht/coiste atá gníomhach sa bpobal seo cuntas ar a n-imeachtaí ag dhá bhabhta moltóireachta don chomórtas a reáchtáladh i Seanscoil Shailearna. Feidhmíonn na heagraíochtaí seo i réimse an oideachais, i gcúrsaí sóisialta, i gcúrsaí spóirt agus i gcúrsaí gnó/bainistiú airgid. Tá an Cumann Forbartha fíorbhuíoch de na daoine seo a leanas as a rannpháirtíocht in ócáidí na moltóireachta: Peigí Uí Chéide (Naíonra); Seán Ó Tuairisc (Coláiste Cholm Cille); Máire Ní Fhlathartaigh (Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta); Peadar Mac an Iomaire (Oideachas Tríú Leibhéal); Micheál Ó Foighil (Coláiste Lurgan); Liam Puirseil (Scléip Teó); Séamus Ó Fátharta (Cumann Micheál Breathach, peil); Brian Ó Cuív (Cumann Micheál Breathnach, iomáint); Ruaidhrí Ó Béarra (Coiste Óige Chumann Micheál Breathnach); Máirtín Ó Dúill, Máire Denvir (Cumann Camógaíochta); Tadhg Ó Conghaile (Cumann Caitheamh Crúite); Páraic Ó Fatharta (Coiste Riartha na Páirce); Sorcha Uí Scanláin, Barry Ó Coisdealbha (Club Óige); Pól Ó Foighil

(Tearmann Ainnín, Tearmann Éinne); Bertie Ó Finneadha (Pobal ar Aire); An tAthair Micheál Ó Flannabhra, Philomena Uí Dhúill (Seirbhísí Eaglasta); Dónall Mac Giolla Bhride (Comhar Creidmheasa Cholm Cille); Seán Ó Foighil, Colm Ó Cualáin (Cúrsaí Gnó); Caitlín Nic an Ultaigh, Breandán Ó Tuairisc (Comharchumann Shailearna); Pádraig Ó Héalaí (Cumann Forbartha Chois Fharraige). Níl aon amhras ná gur chinntigh an tacaíocht a thug siad seo gurb é pobal An Chnoic a ghnóthaigh an chéad duais i gcomórtas Ghlór na nGael i mbliana.

### Urraíocht

Bhí áthas ar an gCumann a bheith in ann cúnamh airgid a thabhairt do dhá thogra a bhaineann le cúrsaí spóirt sa bpobal, mar atá, geansaithe a chur ar fáil d'fhoireann peile faoi 16 Chumann Micheál Breathnach agus sintiús a tabhairt do thógáil seomraí feistis ag páirc imeartha Choláiste Cholm Cille.

### Oifigigh agus baill choiste an Chumainn

Cathaoirleach: Pádraig Ó Héalaí; Rúnaí: Sorcha Uí Scanláin; Cisteoir: Séamus Ó Fátharta; Baill: Paula Ní Chionnaith; Bertie Ó hAinmhire; Ruaidhrí Ó Béarra; Steve Ó Cualáin; Máirtín Ó Fátharta; An tAthair Micheál Ó Flannabhra; Barry Ó Coisdealbha; Páraic (Willie) Ó Fátharta; Pól Ó Foighil; Seán Ó Tuairisc; Breandán Ó Tuairisc.

## DEIREADH SEACHTAINE BHRONNADH GHLÓR NA nGAEL



"Creidim go dtarlaíonn forbairt pobail agus athréimíniú teanga de thoradh dhá fhórsa, ón mbarr anuas agus ón mbonn aníos. Tá gá le gníomhú láidir stáit. Ní féidir don stát an fhreagracht ar fad a leagan anuas ar an bpobal. Ní mór don stát feidhmiú ar dhá leibhéal. Ar dtús, a theach féin, mar a déarfá, a bheith in eagar agus gan loiceadh ina pholasaí féin ach a bheith ceannródaíoch ina chur chuige. Ina theannta sin, ní mór don stát feidhmiú mar a bheadh éascaitheoir, ag cuidiú leis an bpobal ina gcuid iarrachtaí pobal-díríthe agus teanga-dhíríthe féin mar phobal. Ag an am céanna, ní leis an stát an teanga. Is gníomh idir dhaoine údáid na teanga, gníomh sóisialta pobalbhunaithe. Is leis an bpobal an teanga. Agus tá leas na teanga augs leas an phobail spleách ar an dinimic phobail, dinimic a bhíonn le múscailt ar uairibh. Agus is ansin atá neart Ghlór na nGael. Mar is gléas iad na coistí pobail a thugann a sprid féin chun tosaigh sa phobal, sprid chun macnaimh agus sprid chun gnímh.

Níl aon phobal nach bhfuil an Ghaeilge ann go leibhéal éigin, mar theanga phobail nó mar theanga iarsmach ('residual') nó mar theanga phóitéinsil. Tá bailte sa Ghalltacht a mhaigh i nDaonáireamh 1996 go raibh cumas sa Ghaeilge ag breis is 50% den daonra iontu. Tá raidhse maith dátheangaigh neamhghníomhacha ('passive bilinguals'), lucht na tuisceana amháin, le cur leis an lucht seo an humais. Is ansin atá dúshlán, agus dóchas, do choistí Ghlór na nGael. Conas glór a thabhairt do na daoine seo, conas ócáidí úsáide a chinntiú a bheidh oiriúnach, insroichte agus inúsáide dóibh mar chuid de pholasaí leathan fhorbairt pobail."

Helen Ó Murchú

Cathaoirleach Choiste Stiúrtha Ghlór na nGael  
ag Ócáid Fhógartha Thorthaí Ghlór na nGael i gCaisleán  
Bhaile Átha Cliath  
- 27 Feabhra 2001

### Dé hAoine Meán Fómhair 2001

|        |                                                                                                                                                                 |
|--------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 8 i.n. | Fáiltiú agus Oscailt Oifigiúil<br>SEANSCOIL SAILEARNA, AN CNOC<br>Máire Ní Chochláin T.D.<br>Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht,<br>Gaeltachta agus Oileán |
|        | Seisiún & Céilí<br>SEANSCOIL SAILEARNA<br>Ceol le Clann Mhicael Mháire Ghabha,<br>Club Óige Lurgan & Ceoltóirí áitiúla                                          |

### Dé Sathairn 15 Meán Fómhair 2001

|         |                                                                                                                                                                                              |
|---------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 11 r.n. | Lá Spóirt PÁIRC NA mBREATHNAIGH<br>Cluichí Peile<br>Cluichí iománaíochta, camógaíochta<br>Comórtas Liathróid Láimhe<br>agus Caitheamh Cruití<br>(Fáilte roimh chuairteoirí bheith páirteach) |
| 2 i.n.  | Turas Cumarsáide<br>(Ros na Rún, Telegael, TG4, Raidió na<br>Gaeltachta, Foinse 7rl)<br>Teacht le chéile:<br>SEANSCOIL SAILEARNA                                                             |
| 2 i.n.  | Siúlóid Phortaigh<br>Teacht le chéile:<br>SEANSCOIL SAILEARNA                                                                                                                                |
| 8 i.n.  | Comórtas Amhránaíochta Tom Pháidín Tom<br>TÍ CHUALÁIN<br>eagraithe ag Pléaráca agus an Gaelacadamh<br><br>Ceol sna Tithe Tábhairbne áitiúla                                                  |

### Dé Domhnaigh 16 Meán Fómhair 2001

|           |                                                                                                                                                                                 |
|-----------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 11 r.n.   | Aifreann<br>SÉIPÉAL AN CHNOIC                                                                                                                                                   |
| 3 i.n.    | Bronnadh na nDuaiseanna<br>SEANSCOIL SAILEARNA<br>An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh,<br>Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh<br>- ní mór a bheith sna suíocháin ag a 2.45i.n. |
| 4.30 i.n. | Greim le hIthe<br>HALL NA SCOILE NÁISIÚNTA                                                                                                                                      |
| 8.30 i.n. | Oíche le Banna Ceoil 'Máimín Cajun'<br>SEANSCOIL SAILEARNA<br>eagraithe i gcomhar le Pléaráca<br>Síneadh ama sa Bhéar                                                           |



## Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta

ag freastal ar an bpobal  
ó na forbacha go leictir mealláin

### AN COMHAR CREIDMHEASA

4500 ball

Luach £6 mhilliún +  
Deiseanna Coigiltis  
Scéim Coigiltis SSIA  
IASACHTAÍ AR FÁIL  
Árachas ar lasachtaí  
Grúpscéim VHI

### UAIREANTA OSCAILTE

An Cnoc  
Luan 10.30-2.00 i.n.  
Máirt 10.30-4.00 i.n.  
Déardaoin, Aoine 10.30-5.00 i.n.  
Satharn 10.30-3.00 i.n.  
  
An Tulach  
Domhnach 11.00-12.30  
  
Tír an Fhia  
Domhnach 11.30-12.30

Comhghairdeachas le Paróiste an Chnoic  
Beatha teanga í a labhairt

An Cnoc,  
Indreabhán  
091 593421 (fón)  
091 593089 (faics)

## TIONCHAR CHOMHARCHUMANN SHAILEARNA AR FHORBAIRT GHLÓR NA NGAEL

Peadar Mac an Iomaire

**B**a i 1984 a bunaíodh Comharchumann Shailearna. I measc na gcuspóirí a chuir an Comharchumann roimhe bhí: seirbhís uisce a chur ar fáil do thart ar 1,000 teach sa gceantar ón Spidéal go Ros a' Mhíl, chomh maith le seirbhís bhainte mhóna a chur ar fáil do theaghlaigh sa gceantar, agus obair chonraitheoireachta a dhéanamh le trealamh mar leoraithe, tochailteoirí, innill bhainte móna, innill draenála agus araile.

De bhrí gur trí Ghaeilge uilig a rinne Comharchumann Shailearna a chuid oibre, agus gur le ceantar láidir Gaeltachta a bhí sé ag déileáil, agus go raibh baint dhíreach aige le beagnach gach uile theaghlach sa gceantar, chuaigh ceannródaíocht an Chomharchumainn i bhfeidhm ar iompar agus ar bhuanú na Gaeilge sa gceantar. Bhí cúis shimplí leis seo. Rinne an Comharchumann a ghraithe uilig le pobal na Gaeltachta seo trí Ghaeilge.

Bhí de bhuntáiste ag an gComharchumann go raibh sé in ann comhoibriú le coistí pobail agus go mba mhó a thionchar i gcur chun cinn na Gaeilge sa gceantar agus taobh amuigh de, de bharr go raibh baint phraiticiúil aige le saol agus le hobair na ndaoine.

Ag cuimhniú siar anois ar bhunú Ghlór na nGael ag Cumann na Sagart thart ar dhá scór bliain ó shin, is féidir a fheiceáil go raibh praiticiúlacht shaol an tsagairt an-úsáideach do bhunú Chomórtas Ghlór na nGael an chéad lá ariamh. Inár bpobal féin, b'iontach an chomaoín a chuir sagairt éagsúla ar an bpobal seo, ní hamháin i gcúrsaí spioradálta, ach i gcúrsaí forbartha chomh maith. Ba é an Canónach Seán de Bláca a spreag bunú Chumann Forbartha Chois Fharraige i mí an Mhárta 1966. Ba é an Canónach Tadhg Ó Móráin a thóg séipéal, scoil agus halla pobail ar an Tulach in imeacht cúpla bliain. - samhlaigh an costas a bhainfeadh lena dtógáil inniu!. Ba é Ardeaspag Thuama a thug suíomh na seanscoile, ar a bhfuil oifigí Chomharchumann Shailearna anois, agus naoi n-acra le haghaidh páirc peile, pinniúr liathróide láimhe agus páirc spraoi do phobal an Chnoic.

Is mór is fiú na sócmhainní sin inniu. Samhlaigh aon eagraíocht eile a thabharfadh a leithéid de dheis do phobal beag tuaithe le cur lena scileanna forbartha pobail. Is mó fós is fiú an obair forbartha agus na scileanna forbartha a gineadh i bpobal an cheantair seo de bharr na mbronntanas sin ón Eaglais ar an bpobal.

D'fhéadfaí a rá ar an gcéad amharc go bhfuil infheistíocht na hEaglaise sa phobal an-fhlaithiúil, ach tá a bhfuil curtha leis an infheistíocht sin ag an bpobal ó shin ag cur go mór le luach na maoine sin fós don phobal. Spreag an infheistíocht sin an pobal le tarraingt ar acmhainní Stáit agus ar acmhainní deonacha le Seanscoil an Chnoic a athchóiriú, páirc imeartha agus pinniúr liathróide láimhe den scoth a thógáil sa bpobal agus freisin Comharchumann a bhunú a dhéanann freastal ar chuid de riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta an phobail. Tá struchtúr an Chomharchumainn chomh forbartha anois agus go bhfuil sé in ann úsáid a bhaint as acmhainní seachtracha ar mhaithe le seirbhísí a chur ar fáil i gcúram leanaí, don óige, don aostach, do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine gur suim leo oideachas agus oiliúint den dara seans a fháil.

Tá creidiúint ag dul do Ghlór na nGael as ceannródaíocht a thabhairt i gcruthú deiseanna úsáide Gaeilge le cur leis na hiarrachtaí láidre atá á ndéanamh sa tír leis an nGaeilge a mhúineadh i scoileanna céad agus dara leibhéal. Is mór an trua nach bhfuil éirithe le Glór na nGael, agus é ag dul isteach sa mílaois nua, níos mó ná 150 pobal a bheith páirteach sa gcomórtas. Is é an forás eacna-

maíochta, sóisialta agus teanga atá déanta ag Comharchumann Shailearna, i gcomhar le .c. 20 coiste eile sa gceantar seo, a chuidigh go mór le smaoineoireacht a fhorbairt i nGlór na nGael a chuirfeadh forbairt pobail le ceangal Gaeilge chun cinn i go leor pobal ar fud na tíre.

De bhrí nach raibh ach 150 pobal san iomlán ag Glór na nGael sna 32 contae le deich mbliana anuas, bhí sé tábhachtach go rachfaí i gcomhar le heagraíocht a raibh ionadaíocht níos leithne aici sa bpobal agus craobhacha aici ar fud na 32 contae. Sin é an fáth gur spreagadh Cumann Lúthchleas Gael le plean Gaeilge a chur chun cinn a chuirfeadh forbairt pobail le ceangal Gaeilge chun cinn agus go ndéanfaí é sin trí chomórtas a reáchtalfaí faoi scáth Ghlór na nGael.

I bpobal an Chnoic tá tionchar ag Comharchumann Shailearna ar na daoine fásta i dteaghlaigh an phobail, ach tá tionchar níos mó agus níos dearfaí i dtreo na teanga, na haclaíochta, na féinforbartha agus an chaidrimh phoiblí ag Cumann Lúthchleas Gael ar óige an cheantair ó aois bunscoile go dtí go mbíonn daoine meánaosta. Tá an fhorbairt atá déanta ón mbonn aníos ag na scórtha daoine sa bpobal seo trí Chumann Lúthchleas Gael fíorluachmhar don phobal féin agus mar eiseamláir do phobail eile ar fud na tíre. Ar feadh na gcéadta bliain ba thalamh, fearais iompair agus ceirdeanna príomhdheiseanna maireachtála na ndaoine. San aois seo caite ba é an t-airgead an acmhainn ba thábhachtaí dóibh siúd a bhí ag iarraidh dul chun cinn. Sa lá atá inniu ann is iad an

t-eolas, an t-oideachas agus an oiliúint na huirlísí is luachmhaire le dul chun cinn a dhéanamh. Tríd an earnáil dheonach tá éirithe le daoine eolas a roinnt lena chéile agus leis an bpobal chun leas na háite. Is áis mhalartaithe agus áis bhailithe eolais don oibrí deonach a chuid oibre ar choistí. Faightear ar ais i dtaithe agus in eolas ar a laghad, a dtugtar in aisce do, choistí deonacha.

Dá mbeadh praghas le cur ar an obair dheonach atá déanta ag an bpobal ar son Chomharchumann Shailearna agus ar son Chumann Lúthchleas Gael agus gach coiste deonach eile dá bhfuil ag feidhmiú i bParóiste an Chnoic, bheadh na milliúin punt de luach air dá mbeadh iocaíocht de réir na huairde le déanamh leis na daoine uilig atá ag cur a gcuid seirbhíse ar fáil saor in aisce. B'fhiú don Stát an luach a chur san áireamh agus scéimeanna á gceapadh aige le forbairt na tíre a chur chun cinn. Tá Comharchumann Shailearna seacht mbliana déag d'aois ag an bpointe seo agus nuair a éireoidh le coiste an Chomharchumainn an plean oibre atá aontaithe acu anois a chur i bhfeidhm, is fórsa láidir i bhforbairt pobail a bheas sa gComharchumann sa gceantar seo ar feadh blianta fada. Ní éireodh leis murach an tacaíocht láidir. Le Glór na nGael, na heagrais Ghaeilge agus Cumann Lúthchleas Gael ag cur a gcuid acmhainní le chéile ar mhaithe le forbairt pobail le ceangal Gaeilge, tá an taithe agus an deis ann leis na struchtúir chuí i bhforbairt pobail a thógáil agus deis a thabhairt don Stát infheistíocht a thabhairt do phobail atá in ann iad féin a eagrú trí dhuaisianna tarraingteacha a chur ar fáil don chomórtas.

Níor tháinig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán ná Údarás na Gaeltachta chuig pobal an Chnoic ag iarraidh orthu comharchumann a bhunú ná iad féin a eagrú, ach

d'eagraigh an pobal Comharchumann dá gcuid féin agus chaith siad tamall réasúnta ag bualadh ar dhoirse na n-údarás sula raibh an tacaíocht uilig a bhí ag teastáil uathu ag teacht chucu go héasca. Bhí daoine sna heagraíochtaí sin a bhí báuil le hiarrachtaí an phobail sa bhforbairt, ach bhí ar an bpobal féin agus ar cheannródaíthe an phobail cás a dhéanamh le go n-aithneodh an Státhóras fiúntas an iarratais a bhí á dhéanamh acu ar thacaíocht airgid.

Ina theannta sin bhí ar cheannródaíthe an phobail an dream a bhí ag aontú le chéile a thabhairt le chéile agus a láidriú le gur éirigh leo na rudaí a cheap siad a bheith riachtanach agus tairbheach don phobal a fháil ón Státhóras. Ar scáth a chéile a chuidigh an pobal seo leo féin. Ar scáth a chéile a chaithfeas pobail agus eagraíochtaí oibriú le go n-éireoidh leo agus linn ar fad pobail Ghaeilge a chruthú in áiteanna éagsúla sa tír seo a thabharfas deis cur leis an obair mhór atá á déanamh i dteagasc na Gaeilge sna scoileanna agus taobh amuigh, le go mbeidh an teanga á labhairt mar ghnáthmheán cumarsáide ag daoine taobh amuigh den Gaeltacht. Seo ré an eolais. Is linne é a úsáid leis an nGaeltacht a chaomhnú agus pobail Ghaeilge a chruthú ar fud an oileáin seo trí a bheith ag roinnt eolais le lucht labhartha na Gaeilge ar mhaithe leo féin agus leis an nGaeilge a chur chun cinn tríd an bpróiseas forbartha pobail.

Ní náire do Chomharchumann Shailearna, dá chuid scarshealbhóirí, dá choiste agus dá fhoireann oibre go bhféachfadh ceannródaíthe Gaeilge na tíre ar an struchtúr atá forbartha aige leis na blianta le go bhfoghlaiméoidís a bhfuil le foghlaim ón gcleachtas forbartha agus comhoibrithe sa bparóiste seo. ■

## Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic Fuinneamh Gaoithe Teo

# An Tulach

Séamus Ó Finneadha  
Rúnaí Choiste Pobail na Tulai

**D**éanann Coiste Pobail na Tulai comhghairdeachas le Pobal an Cnoic agus príomhdhuais Ghlór na nGael buaite acu aríst. Mar choiste a ghlacann páirt go rialta sa gcomórtas tá a fhios againn an obair mhór atá déanta ag an gcoiste sin chun an caighdeán ard atá socraithe acu dóibh féin a choinneáil. Tá toradh a gcuid oibre le feiceáil, ní hamháin i gceantar an Chnoic ach i ndeisceart Chonamara ar fad.

Tá Coiste Pobail na Tulai ar an bhfód anois le fada agus cé go bhfuil sé níos deacra daoine a fháil anois chun obair dheonach a dhéanamh tá coiste breá gníomhach againn i gcónaí, buíochas le Dia. Is cuid de Pharóiste an Chnoic an Tulach, le ceantar na Mine atá i bParóiste an Spidéil istigh eadrainn. Bíonn cruinniú cinn bhliana ag an gCoiste chuile bhliain ag tús na bliana - go hiondúil i mí Feabhra. Toghtar Coiste nua chuile bhliain ag an gcrúinniú sin agus bíonn cead ag baill an tseanchóiste áit a lorg ar an gcoiste nua. Déantar poiblíocht mhaith ar an gcrúinniú cinn bhliana roimh ré i gcónaí. Tá na bailte fearainn seo i gceantar an Choiste Pobail: Na Creagáin; An Caisleán; An Tulach; Baile na hAbhann; An Chloich Mhóir; An Bhánrainn Bhán; Caorán na gCearc; Cnoc Aduaidh, agus ba bhréa leis an gCoiste Pobail go mbeadh ionadaí ó chuile bhaile ar an gCoiste. Tá fáilte romhat má tá fonn ort an ceantar a chur chun cinn áit a ghlacadh ar an gCoiste. Tá baill den Choiste Pobail ar choistí eile atá gníomhach sa gceantar ar nós: Coiste an Chomharchumainn; Cumann Peile Mhicheál Breathnach; Pobal ar Aire agus Cumann Forbartha Chois Fharraige gan a lua ach cuid acu.

Tá obair mhór déanta ag Coiste Pobail na Tulai ó bunaíodh í. Bhí an Coiste gníomhach ag iarraidh go lonnófaí Ceannteathrú TG4 ar an Tulach agus ní bheadh an tEastát Tionsclaíoch chomh gnóthach agus atá murach spreagadh an Choiste. Tá go leor oibre le déanamh fós: cosán coisithe siar chomh fada leis an gCaorán agus timpeall Ros a' Mhíl ar fad; bóithre bailte a fheabhsú; bóithre portaigh an cheantair atá ar dhrochchaoi a dheisiú, creimeadh cósta a stopadh agus mar sin de.

Faoi láthair tá Scéim FÁS ag an gCoiste agus tá buíochas mór ag dul do FÁS, d'Údarás na Gaeltachta agus go speisialta d'oibrithe na Scéimeanna, iad siúd atá ag obair faoi láthair agus dóibh siúd a bhí ag obair ar Scéimeanna roimhe seo. Tá go leor oibre déanta acu thar na blianta agus an-slacht curtha acu ar an gceantar.

An tionchar is mó a bhíonn ag comórtas Ghlór na nGael ná go mbíonn ar na pobail éagsúla súil a chaitheamh ar staid na Gaeilge ina gceantar féin. Bhí Pobal na Tulai ar cheann den chéad dream a d'fhoilsigh plean Ghaeilge dá gceantar

féin. Tá an Ghaeilge faoi bhrú i ngach ceantar agus cuidíonn pleananna den tsórt seo chun cur ar chumas pobal seasamh in aghaidh an bhrú sin. Mar atá ráite roimhe seo glacann an Coiste páirt chuile bhliain i gcomórtas Ghlór na nGael agus tá duaiseanna bainte amach againn - duais de £500 i mbliana - agus tá muid an-bhródúil as an aitheantas atá tugtha ag Glór na nGael d'obair an Choiste. 'Sí an Ghaeilge teanga na Scoile Náisiúnta agus is ábhar bróid dúinn ar fad ar an Tulach gur inár Scoil Náisiúnta a dearnadh ceann de na cláracha chun an Teagasc Críostaí a mhúineadh sna bunscoileanna - "Beo go Deo 4" - anuraidh agus atá le fáil anois ar fhistéip. Bhí obair mhór i gceist agus chuir múinteoirí, tuismitheoirí agus ar, ndóigh, na daltaí scoile iad féin go leor oibre isteach i ndéanamh na fístéipe sin.



Rang 2, 3, 4 le linn dóibh a bheith san Taibhdhreach leis an Dráma: Rampelstilsin



Scoil Cholmcille, Tulach: Buaiteoirí Spraoicheist Ghael Linn -Nollaig 2000.  
Ó chlé: Siobhán Ní Dhubháin, Gearóid Ó Fátharta, Breandán Ó Cadhain, Dónal Ó Ceallaigh

Bíonn dhá Choláiste Gaeilge ar an Tulach i rith an tSamhraidh - Coláiste Uí Chadhain agus Coláiste Chamuis. Cuireann an Coiste Pobail a gcuid áiseanna ar fáil dóibh agus tá muid ríméadach go dtagann siad. Is iontach an spreagadh a thugann na Coláistí seo agus a bhfoghlaimoirí Gaeilge don aos óg áitiúil chun an Ghaeilge a labhairt agus a choinneáil mar phríomhtheanga an cheantair. Chomh maith leis sin, ar ndóigh, bíonn fáilte mhór roimh an airgead a thugann na Coláistí isteach go dtí an ceantar. Tá neart forbartha ar siúl sa gceantar faoi láthair. Tá obair mhór ar siúl ag Coiste na nAostach ar an Tulach agus iad ag tógáil scór tithe agus tá súil go mbeidh siad ag tosú go luath ag forbairt Ionaide Lae agus áiseanna eile a bhfuil géarghá leo. Cuireann an Coiste Pobail fáilte mhór roimh an bhforbairt sin.

Tá TG4 ag déanamh forbairt mhór ar a gceanncheathrú rud a spáineann go bhfuil siad ag dul ó neart go neart. Tá an Coiste pobail féin ag cur fad leis an bpáirc peile le cabhair Scéim FÁS.

Tugann tithe osta an cheantair - Tigh Mháirtín Kelly 'Tir na nÓg', Tigh Johnny Sheáin, agus Tigh Pheadair Dick - chomh maith leis na siopadóirí áitiúla, Eoin Durkin agus Tommy Sheáin Pheadair an-tacaíocht dúinn i gcónaí agus muid ag bailiú airgid agus, ar ndóigh, tá a gcuid seirbhísí ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Tá na seirbhísí Eaglasta ar fad ar fáil trí Ghaeilge agus bíonn an tAifreann á léamh i nGaeilge bhréa Acla ag an Athair Ó Gallchóir.

Feictear don Choiste Pobail gur fás atá i ndán do cheantar na Tulai agus go gcaithfidh smacht a bheith ag an bpobal áitiúil ar an bhforbairt sin. Tá comhlacht taighde as Baile Átha Cliath, Brady, Shipman, Martin, tar éis tuarascáil a scríobh faoin gceantar thar ceann Údarás na Gaeltachta. Tá an Coiste sásta leis na moltaí atá déanta sa tuarascáil sin ar an mbealach is fearr chun tabhairt faoi fhorbairt an cheantair agus tá an Coiste Pobail ar a sheandícheall go gcuirfear na moltaí i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Is ceantar álainn stairiúil é ceantar na Tulai. Tá locha breátha ann agus iad lán le hiasc. Tá an ceantar suite ar bhrúach chuan na Gaillimhe agus níl tránna níos glaine ná chomh breá le fáil in aon áit sa tír. Chomh maith leis sin tá siúlóidí breátha sléibhe buailte orainn chomh maith le rian láidir den stair. Tá fothrach sheanchaisleán na mBlácach nó an Teach Mór le feiceáil fós. Tá cáil ar fud Chonamara ar an Tulach mar gheall ar an mbaint a bhí ag Colmcille leis agus tá an Séipéal agus an Scoil ainmnithe ina onóir. Tháinig sé i dtír ar an mBánrainn tar éis dó féin agus Naomh Éanna titim amach agus déantar é a cheiliúradh chuile bhliain ar an 9 Meitheamh - Lá an Phátrúin. Duine ar bith atá ag lorg áit álainn chun saoire a chaitheamh ní fhéadfadh sé áit níos deise ná an Tulach a roghnú chun an tsaoire sin a chaitheamh. Aríst, comhghairdeachas le Coiste Ghlór na nGael an Chnoic agus le muintir an Chnoic ar fad as an éacht atá déanta acu ar son na Gaeilge.



Ó chlé: Máirtín Pháidín Ó Droighneán (Cor na Rón), Peadarín Phádraic Ó Coinceanainn (Baile an Logáin), Máirtín Stiofáin Ó Cualáin (Cor na Rón).



Ó chlé: Lorcán Sheáin Jimí Ó Cualáin (Cor na Rón), Pádraic Ó Ceannabháin (Na hAille), Máire Mháirtín Choilm Ní Chualáin (Na hAille)



Ó chlé: Jude Mháirtín agus Seánín Beag Ó Tuairisg (Lochán Beag).



Ó chlé: Michael an Tailliúra Ó Cadhain (Lochán Beag), Mamie an Ghabha Uí Choitir (Lochán Beag)

# Clódóirí Lurgan Teo.

Indreabhán, Co na Gaillimhe.  
Fón: 091 593251 Faics: 091 593157

• CLÓDÓIRÍ NA GAELTACHTA •

Leabhra

Foirmeacha

Cláranna

Leabhra NCR

Póstaeir

Nuachtlitreacha

Cártaí Gnó

Stáiseanóireacht

Tuarascálacha

Billeoga Aifrin

GACH CINEÁL CLÓDÓIREACHT & CEANGAL LEABHAR

Cuir Glaoch Orainn

## Úsáid Nua do Phortaigh i gCois Fharraige

Caitlín Nic an Ulaigh

D'éirigh le Comharchumann Shailearna cúnamh a fháil ó Údarás na Gaeltachta agus ó Bhord Fáilte le bealach siúlóide a dhéanamh ar straidhp de thalamh portaigh ó thuaidh den tSeanscoil. Tá an píosa seo ag síneadh ó bhóthar na Seanscoile soir chomh fada leis an draein mhór. Tá míle bealaigh de chosán adhmaid déanta ar an bpíosa portaigh seo.

Is deis é an cosán seo do mhuintir na háite a bhfuil suim acu tabhairt faoi shiúlóid sléibhe agus gan a gcosa a fhlúchadh. Is seans freisin é do ghasúir na háite agus do ghasúir ó áiteanna eile turais scoile a thabhairt ar an áit seo. Meallfaidh sé gasúir ó áiteanna eile sa tír teacht chun na háite ag amanna sa mbliain seachas an samhradh. Méadóidh seo meas na hóige ar an timpeallacht. Is bealach é seo ag Údarás na Gaeltachta trí Ghaelsaoire agus ag Bord Fáilte le turasóirí ó áiteanna éagsúla sa domhain a mhealladh le staidéar a dhéanamh ar chuid d'acmhainní nádúrtha an cheantair

seo. Amach anseo beidh saotharlann sa stór ar chúl na Seanscoile. Beidh an tionsamh seo á mhaoiniú ag Bord Fáilte agus ag Gaelsaoire i gcomhar le hOllscoil na hÉireann Gaillimh. Nach mór an t-athrú atá ar shaol na ndaoine óga sa taobh seo tíre le roinnt bhlianta? Go deimhin, is beag gasúr a chuaigh trí seanscoile ó 1885 go dtí 1972 nach raibh an chuid is mór den samhradh caite ar an bportach acu ag scaradh, ag gróigeadh agus ag cur amach mhóna. Is dóigh gur trí fhístheip a choinneofar cuimhne amach anseo ar obair phortaigh an ama atá caite.

Ó chlér: Pádraic Bán Breathnach (An Chathair) agus Johnny Dan Ó Curraoin (An Chathair)



Ó chlér: Máirín na mBreathnaigh (Lochán Beag), Ultan Kerrigan (Bleá Cliath), Seán Phádraic Sheáin Bhairbre Ó Finneadha (Lochán Beag) - An "Champion" mar a b'fhearr aithne air.

Lá dá raibh muid ag cur isteach fuinneoga sa tseanscoil Ltháinig Gearóid de Faoite, iarbhainisteoir Chomharchumann Shailearna Teo., chugainn, agus alt beag aige as páipear nuachta faoi chóras teasa. Córás nua a bhí i gceist, nach raibh sa taobh seo tíre go fóill. Léigh mé é, agus dúirt mé nach ndéanfaidh sé aon dochar tuilleadh eolais a fháil amach faoin rud nua seo. Comhlacht as Cloich na Coillte i gCo. Chorcaí a bhí ag plé leis an mbealach nua seo le teas a chur ar fáil gan ola, gual ná móin.

Rinne Gearóid teangmháil leo, agus ba ghearr ina dhiaidh sin go raibh Barry Donavan ón gComhlacht ar shráid na seanscoile agus chuile eolas aige faoin gcóras nua seo. Phléigh muid go mion é, agus phléigh Gearóid le hÚdarás na Gaeltachta é, agus tar éis cuid mhaith cainte shocraigh muid gur cheart dúinn tabhairt faoi. Ba é seo an chéad cheann acu seo sa taobh seo tíre, ach tá roinnt mhaith acu sa gceantar agus in Árann ó shin.

'Sé an chaoi a n-oibríonn an fearas seo ná go gcuirtear píopaí leathorlaigh faoin urlár coincreíte chuile hocht n-orlaí agus trí nó ceathair de throithe ar domhain agus an ceangal uilig déanta ag pointí áirithe os cionn an urláir sa mballa, rud a dtugann siad ilphiobán nó *manifold* air. Is píopaí speisialta iad seo agus ní bhíonn aon phiopa ceangailte le chéile faoin urlár. Ó na hilphiobáin seo, bíonn dhá phiopa ag dul amach go dtí an seomra gléasra nó *plant-room*. Séard atá sa seomra gléasra ná teachín beag, tuairim is sé troithe le sé troithe. Anois, tá an méid céan na píopaí le cur taobh amuigh 2m ar domhain faoin gcréafóg;

## UISCE TE Á BHAINT AS UISCE FUAR

Breandán Ó Tuairisg

píopaí 'hydradome' iad seo agus, aríst, níl aon chead aon dá phiopa a bheith ceangaile dá chéile faoi thalamh, ach iad ar fad ag dul go dtí an t-ilphiobán taobh amuigh sa ngarraí agus uaidh sin tá dhá phiopa ag dul go dtí an seomra gléasra. Sa seomra gléasra seo tá rud ar a dtugtar malartán teasa nó *heat exchanger* air, mar gheall go bhfuil an t-uisce atá taobh amuigh níos teocha na an t-uisce atá taobh istigh faoin urlár; agus ansin sa seomra beag seo baineann an malartán teasa teas ón uisce atá taobh amuigh agus cuireann sé leis an uisce atá taobh istigh é. Anois, ní mheascann an dá uisce le chéile agus ní théann an t-uisce atá taobh amuigh isteach sa scoil ná an t-uisce atá taobh istigh amach.

Is coras an-simplí é nuair atá sé déanta. Rud beag níos costasai ná córas ola, ach nuair atá sé déanta tá tú ag sábháil airgid. Is dóigh liom go mbrisfeá cothrom tar éis dó nó trí de bhlianta. Is córas an-ghlan é, agus thar a bheith compóirteach agus saor le rith. Mholfainn do dhuine ar bith a bheadh ag togáil tí ceist a chur faoi, mar creidim gurb é sin an bealach le teas a chur ar fáil i do theach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hÚdarás na Gaeltachta a thug an-chabhair airgid dúinn leis an gcóras nua seo a chur isteach.

## Abhainn an Chnoic

Pádraig Tom Bán Breathnach

**A**r nós chuile abhainn, sruthán, agus bóithrín, chuile chnoc, gleann agus cosán, tá stair, seanchas agus scéalta ag baint leo agus stair shaibhir agus 'sé a araíocht sin ag an abhainn seo é agus na céadta scéal imithe go deo leis na seandaoine. Éiríonn Abhainn an Chnoic sé nó seacht de mhílte amach ó bhaile fearainn an Bhóthair Bhuí agus píosa soir ó Thulach na Sióg, réimse sléibhte atá chomh hiargúil sin nach bhfaca Dia ná Diabhal é leis na cianta.

**S**níomhann sruthán isteach inti as Loch Thulach an Leath Thoir ar Thalamh Fenton, áit a bhfuil na portaigh ag an gComharchumann. Téann go leor sruthán beag eile isteach inti ó locha beaga éagsúla agus í ag sníomh a bealaigh tríd an gcriathrach achrannach agus na bailte fearainn Leitir Fir, Seana Dhraighin, Baile na mBroghach, Leithrinn, Baile na hAbhann agus Caol Rua. Téann sé trí Ionad Tionscal Údarás na Gaeltachta, croí eacnamaíoch shaol Chois Fharraige, áit a bhfuil ós cionn 400 duine fostaithe agus monarcha amháin, Bioniche Teoranta, atá ag brath go huile is go hiomlán uirthi mar gurb é an t-uisce an bunábhar atá acu agus iad ag táirgeadh ábhar leighis agus á n-easportáil ar fud an domhain. Tathadh bruach na habhann le tús a chur le réabhlóid na tionsclaíochta i gCois Fharraige ag tosú leis an monarcha marmair ós cionn deich mbliana fichead ó shin. Ré nua i stair na háite agus deireadh ag teacht leis an seanré a bhí acu ar an talamh leis na céadta bliain agus ag tabhairt droim láimhe d'acmhainní nádúrtha an cheantair.

Téann sí trasna faoi Bhóthar Chois Fharraige, nó Bothar an Rí mar a thugtaí air sa sean-aimsir, díreach in aice le Siopa an Phobail. Tá an droichead é fhéin neamhghnách mar níl air ach súil mhór amháin agus súilín beag eile ag an taobh a thógann an fuarlach sa ngeimhreadh. Deineadh cóiríú mór ar an droichead seo sna scéimeanna tar éis an Ghorta Mhóir sa 19ú céad. Bhí na scéimeanna seo ar nós na scéimeanna FÁS sa lá atá inniu ann. Téann sí i bhfar-

raige díreach in aice leis an Aill Fhionn, an áit a bhfuil an reilig anois. Bheadh cáil níos mó ar bhun na habhann mar ba é seo suíomh chéibh an Spidéil 1867 ach tá sé ráite go raibh baint nach beag ag na Muiríseacha, na tiarnaí talún, í a athrú soir san áit ina bhfuil sí anois mar chuir siad roinnt airgid isteach sa togra ar a gcuid talúna fhéin. Ní raibh sásamh na muc ná na madraí sa gcéibh chéanna seo ariamh ó shin mar bhí an suíomh i bhfad róthanaí agus chaití fanacht le barr láin le do bhád a chur chun farraige. Ach thug sé saothrú maith do mhuintir na háite ar feadh cúpla bliain agus d'oibrigh mo sheanathair fhéin, Patch Breathnach, as an mBaile Ard, sa Spidéil uirthi ar 10d sa ló mar shaor cloiche.

Bhí an abhainn seo ar cheann de na haibhneacha liatháin ab fhearr i ndeisceart Chonamara go dtí seasca nó seachtó bliain ó shin agus ní raibh aon chailleadh uirthi le corbhradán freisin ach, faraor, níl fad do mhéire ar an méid atá fanta uirthi anois. Bhíodh poitín á dhéanamh píosa suas an abhainn seo go dtí le fíorghairid san áit a dtugaidís Poll an Ghabhair air. Bhíodh muileann ar an abhainn seo freisin agus seans go bhfuil corrdhuine thart a chuimhníonn air ag obair, ach sin scéal go lá eile.

Tá sé ráite faoi dhuine de chlann Uí Dhonnchadha as an áit gur piocadh amach é le hóráid a scríobh agus fáilte a chur roimh Rí Shasana go Cathair na Gaillimhe. Tá sé ráite go raibh an fear seo ar cheann de na stiúrthóirí tigh Mháirtín Mhóir. Rinne sé jab chomh maith sin ag eagrú na hócáide gur bronadh an teideal *Sir* air. Is mór i gceist é *Sir* Anthony O'Reilly inniu ach is beag

an chuimhne atá ag muintir Chois Fharraige acu féin thart ar chéad bliain ó shin ainm an fhir seo, *Sir* James Donoghue. Thart ar mhíle suas an abhainn tá an Poll Gorm, poll domhain é seo a mbíodh stopóg ag na bric agus chruinníodh muintir an cheantair ann Dé Domhnaigh le slait agus eangacha ag iarraidh na bric a mhealladh.

Thart san áit chéanna tá Eas an Dúin ar thrácht an file cáiliúil Joe Sheámuís Sheáin ina amhrán 'Leithrinn'. Rugadh é ar bhruach na habhann agus is é an file seo a scríobh, tá sé chomh maith duit a rá, Cúirt an Mheán Oíche nó caoineadh Airt Uí Laoghaire Chois Fharraige - sin an t-amhrán cáiliúil 'Lá na Fola', ag cur síos go cumasach ar an dara cogadh mór san Eoraip

Díreach taobh amuigh de Choláiste Lurgan bhíodh gleann mór sa mbóthar, Gleann na hAbhann an t-ainm a bhí air agus in aimsir Chogadh na Saoirse d'ionsaigh buíon áitiúil de na hÓglaigh leoraí Crossley Tender na nDubhchrónach. Chuir siad urchar trí thanc an pheitril agus rinne an Crossley staic i lár an bhóthair. Is dóigh nach raibh mórán fonn orthu an dá mhíle go dtí beairic an Spidéil a shiúl agus chroch siad leo cairrín asail ó theach na gcomharsan. Ag dul soir ag an gCathair chonaic siad beirt fhear ag teacht amach as teach cuarta agus mháirseáil siad amach roimh an gcairrín asail iad agus chuir siad faoi ndeara dóibh a lámha a chur san aer ar feadh an bhealaigh agus caitheadh isteach sa mbeairic iad. Chuaigh na Tans isteach i dteach ósta sa Spidéil

## Coiste Phobal ar Aire Chois Fharraige

f/ch. Comharchumann Shailearna Teo.

Na hAille

Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Tá Coiste Phobal ar Aire Chois Fharraige ag feidhmiú i gceantar Chois Fharraige ó 1994 i leith. Tá cúram riaracháin Phobal ar Aire tógtha air féin ag Comharchumann Shailearna anois le roinnt míonna agus roimhe sin bhíodh seo á dhéanamh ag Forbairt Phobal Teo. faoi chúram Phóil Uí Fhoighil. Seo a leanas an plean oibre atá leagtha amach don bhliain seo romhainn:

- \* Turais lae a eagrú d'Aostaigh an cheantair ar Ionaid Lae eile atá ag feidhmiú i gConamara
- \* Turas lae a eagrú go hInis Meáin
- \* Turas go Cnoc Mhuire ar Lá na Gaeltachta
- \* Lá Bealtaine - ócáid shóisialta d'Aostaigh Chonamara
- \* Dinnéar na nAostach - ar an Domhnach deiridh de mhí na Samhna
- \* Ocaidí seachtainiúla i Seanscoil Sailearna
- \* Córás Teileafóin Éigeandála a chur ar fáil d'Aostaigh de réir mar atá éileamh air.

*Cóilín Ó Tuathail (Leaschathaoirleach)*

### Abhainn an Chnoic ...

le haghaidh deoch a ól agus, is dóigh, iad ag ceapadh go raibh sé tuillte go maith acu agus an geábh a dtáinig siad as. D'inis siad don óstóir, fear áitiúil, faoin mbeirt a bhí san mbeairic trasna an bhóthair agus dúirt sé go raibh aithne orthu agus nach raibh baint ná páirt acu leis an luíochán agus scaoileadh leo, rud a rinne siad ar maidin. Tháinig siad anoir le cladach gur shroich siad Baile na Cathrach agus iad sách craite tar éis na hoíche agus a gcroí ina mbéal acu. Ní inniu ná inné a thosaigh an Birmingham Six na an Guildford Four.

Bhí an eas seo chomh maith ina tuar aimsire agus bhíodh na daoine ag rá go mbíodh sé an-siúrálte; dá gcloisfeá í ag fógairt sa ngeimhreadh bheadh aimsir chrua sheaca amach romhat agus sa samhradh bheadh aimsir mhaith ann.

Tá sí le cloisteáil go follasach sna bailte máguaird ach níor chuala mé fós i mbliana é ach cuimhním ar m'athair, Tom Bán, agus na comharsana ag rá: "Tá an eas ag cur a craicinn di, tá aimsir bhreá amach romhainn", rud nach bhfuil i mbliana, faraor, ag teacht abhaile ó theach na cuairte. ■



*Ar chúl ó chlé: Kate Sheáinín Mháire Nella, (Bean Tom Bán Breathnach), Patch Breathnach agus a bhean Jude Ní Mhárta as an gCathair.*

*Chun tosaigh ó chlé: Seáinín Tom Bán, Máirtín Tom Bán, Pádraic Tom Bán agus Máirín Tom Bán.*

## Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic Cló Iar-Chonnachta



Indreabhán, Co. na Gaillimhe  
Fón: (091) 593307 Facs: (091) 593362  
r-phost: cic@iol.ie http://www.cic.ie



Saothair nua ó CIC

**NAN TOM TEAIMÍN**  
*Traditional Songs from Connemara*  
CICD 149 CD £13.99, Cass. £7.99

Amhráin ar an sean-nós agus dhá bhailéad Bhéarla, ina measc Róisín Dubh, An Cailín Fearúil Fionn, An Buachaillín Múinte agus Amhrán Mhainse.



**SARAH GHRIAL-  
LAIS**  
CD £12.99

... ar dhuine d'fhíorfhonnadóirí sean-nóis ár linne agus bheadh sé doiligh í a shárú ó thaobh soiléireacht fhriotail agus saibhreas ceoil de.  
—Foinse



# Feeney • Keating Limited

Oldenway Business park,  
Ballybrit, Galway.  
Tel/Fax: 353 91 770 101  
E-mail: fkl@eircom.net

*Comhghairdeas le Pobal  
Pharóiste an Chnoic*



**Peadar Ó Finneadha**

Lochán Beag, Indreabhán, Co na Gaillimhe

Fón: 091 - 593061

Uimhir Soghluaiste: 087 - 2221333

*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic*

## Ó Fátharta Teo

Tógalaí

Na hAille Thoir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón: 091 - 593323

*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic*

## Dhá Scór Bliain agus ag dul i dTreise: Scoil Cholmcille

*Fil Úí Dhubhghaill  
Múinteoir*

**T**á roinnt mhaith athruithe feicthe ag Scoil Cholmcille, An Tulach ó tógadh í i 1961 ar an suíomh ina bhfuil sí faoi láthair. Sa mbliain sin ba é Micheál Ó Fátharta (R.I.P.) as Cnoc na hAille a bhí mar Phríomhoide, agus bhí beirt mhúinteoirí eile ina theannta. I 1970 rinneadh cónascadh idir Scoil Cholmcille na Tulaí agus Scoil Bhríde na Mine. Ba í Bríd Bn Uí Dhonncha a bhí ag múineadh i Scoil na Mine ag an am. D'aistrigh sí féin agus an dáréag dalta, a bhí sa scoil léi, go dtí Scoil na Tulaí an bhliain sin. Bhí Bríd ag múineadh sa scoil go dtí gur éirigh sí as a post i Mí Dheireadh Fómhair seo caite. Ba í Bríd Bleasdale as Baile an tSléibhe, Ros a' Mhíl a ceapadh ina háit.

Ba scoil trí-oide a bhí sa scoil go dtí 1981 nuair a bhí 109 dalta cláraithe ar an rolla. Sa mbliain sin ceapadh Séamus Ó Conghaile mar Phríomhoide agus ceapadh an tríú cúntóir i.e. Máire Ní Dhonnchadha (Uí Fhuaráin) as Cor na Rón. Chaith Máire ceithre bliana déag ar fhoireann teagaisc na scoile. Phós sí sa mbliain 1995 agus tá cónaí uirthi i Sligeach ó shin. Is í Yvonne Ní Laife as Gleann Tréigh atá ina háit. Tógadh seomra réamhdhéanta chun freastal ar an rang breise agus bhí sé fós ag feidhmiú mar sheomra ranga go dtí 1998 nuair a tógadh seomra ranga nua, seomra foirne agus seomra uilefhiúntach. Rinneadh athchóiriú iomlán ar an tseanfhoirgneamh freisin agus tá an-mholadh tuillte ag an mBord Bainistíochta, na tuismitheoirí agus ag an Athair Ó Lachtnáin - a bhí mar Chathaoirleach ag an am - as an gcóir bhreá a cuireadh ar an scoil.

Ó 1996 - 1999 ghlac an scoil seo, mar aon le scoil na hAird Móire, páirt i dTionscnamh Eorpach Comenius agus rinneadh nascadh le dhá scoil sa Phortaingéil, dhá scoil sa bhFrainc agus scoil amháin sa bhFionlainn. Bhí a lán oibre i gceist i

rith na trí bliana ach ba tréimhse an-spéisiúil a bhí ann i ré na scoile, go háirithe nuair a thug múinteoirí ó na scoileanna sin cuairt ar an scoil i Mí na Nollag 1998.

Cuirtear an-bhéim ar spórt sa scoil agus bhí an-bhliain againn anuraidh nuair a bhuaigh cailíní na scoile trí chraobh - Corn Orla Ní Neachtain (cispheil), Corn TG4 (camógaíocht) agus Comórtas na mBunscoileanna sa bpeil (maraon le Scoil Shailearna). Bhí an bua aríst ag na cailíní i mbliana sa pheil agus níor thug na buachaillí le rá é go mbeadh an ceann is fearr faighte ag na cailíní orthu mar bhain siad féin amach an chraobh i gComórtas Chumann na mBunscoil.

Ba bhliain mhaith don drámaíocht a bhí inti i mbliana chomh maith. D'éirigh leis na páistí ó rang a dó agus rang a trí an tríú áit a bhaint amach i gCraobh na hÉireann sa bhFéile Náisiúnta Scoil drámaíochta leis an dráma 'Rumpelstiltskin'. Bronnadh gradam speisialta orthu freisin de bharr a gcuid cruinnis agus líofacht teanga.

*Nach iontach na scéalta a d'fhéadfadh na ballaí a inseacht agus nach iomaí gasúr a shiúil trí dhoirse na scoile seo le dhá scór bliain.  
Go maire sí dhá scór bliain eile (ar a laghad!)*

## Foras Áiseanna Saothair

*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic*



**FÁS:** ag tabhairt tacaíocht don Phobal  
Scéimeanna Fostaíochta Pobal  
Cursaí Oiliúna  
An Clár Eacnamaíocht Shóisialta

Má tá cabhair uait nó uaibh,  
glaoch ar an Rannóg Seirbhíse Fostaíocht

FÁS: 091 - 534400

# COMHAR CREIDMHEASA CHOLM CILLE TEORANTA

**B**hí plé ar siúl ag tús na 1980idí maidir le Comhar creidmheasa a bhunú i gceantar Chois Fharraige ach is ag cruinniú i Scoil Sailearna ag tús an gheimhridh 1986 a beartaíodh tabhairt faoin gceist i ndáiríre.

Mheas an méid a bhí i láthair ag an gcruinniú sin, timpeall dhá scór, gurbh fhiú tabhairt faoin obair agus roghnaíodh grúpa oibre de scór chun an réamhstaidéar agus gach a bhain leis a dhéanamh.

## Ag tabhairt faoin obair

Faoi rialacha Chomhcheangal na gComhar Creidmheasa in Éirinn bhí sé riachtanach grúpa nach lú ná sé dhuine dhéag tréimhse foghlamtha de shé mhí ar a laghad a chaitheamh sara mbeadh cead comhar creidmheasa a bheadh cláraithe leis an gComhcheangal a bhunú. Tugadh faoin staidéar, ag foghlaim rialacha agus cleachtais bhainistithe airgeadais agus bhunaigh an grúpa comhar creidmheasa beag ina measc féin, ag sábháil cúpla punt, ag aistharraingt agus ag cleachtadh na ngníomhaíochtaí eile a bheadh le déanamh nuair a d'osclofaí na doirse don phobal.

Bhí réamhobair eile, seachas foghlaim faoi bhainistiú comhair chreidmheasa, le déanamh ag an ngrúpa. Bhí ainm le roghnú, ceantar feidhme le haithint, ionad le haimsiú, uaireanta oscailte le socrú, slua oibre le heagrú agus neart sonraí eile mar iad le plé agus le cinntiú.

Roghnaíodh an comhar creidmheasa a ainmniú in onóir Naomh Colm Cille mar gheall ar an gceangal a bhí ag an naomh leis an gceantar.

Nuair a d'oscail Comhar Creidmheasa Cholm Cille ar an gCnoc i mí Meithimh 1987, le ceantar feidhme a bhí ag sineadh ó na Forbacha go Doire an Fhéich i gCasla, mheas an grúpa a bhí ina bhun go bhféadfadh ballraíocht fás go timpeall 400 agus go mbeadh sé go breá dá méadódh na sábháil go dtí timpeall £400,000 taobh istigh de chúig bhliana nó mar sin.

## Ag fás ón tús

Is ar feadh cúpla uair an chloig ar an Domhnach a bhí an Comhar Creidmheasa oscailte don phobal i dtosach ach ba léir go luath nach bhféadfaí freastal ar an ualach oibre ins an am teoranta sin. Ba léir freisin go raibh réamhspríocanna na mbunaitheoirí thar a bheith coimeádach. Thosaigh na huairanta ag síneadh agus thosaigh éileamh ag teacht ar sheirbhísí an Chomhair Chreidmheasa ar fud an cheantair feidhme agus freisin ó mhuintir na Ceathrún Rua agus Cheantar na nOileán, ach go háirithe. Bhí fás sciobtha ag teacht ar bhallraíocht agus ar an méid airgid a bhí baill ag sábháil agus fás ag teacht freisin ar an éileamh ar iasachtaí. Bá léir go raibh Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag freastal ar riachtanas ins an bpobal agus go raibh muinín ag an bpobal ins an gComhar

Creidmheasa agus ins na daoine sin a bhí ina bhun.

Bhí an fás as cuimse seo ag cothú fadhbanna don Bhord Stiúrtha ó bhliain go bliain. Bhí sé deacair feidhmiú le hoibrithe deonacha agus an gnó ag fás, bhí ionad buan seasmhach ag teastáil in áit an ionaid shealadaigh a bhí ann agus bhí an t-éileamh ar na seirbhísí a bhí ag teacht as an gceantar siar ag ardú ceiste eile ar fad.

Fuair na hoibrithe deonacha faoiseamh éigin ón síorobair nuair a earcaíodh fostaithe buana agus tá foireann de sheisear ag obair ins an gComhar Creidmheasa faoi láthair. Ní hin le rá nach bhfuil na hoibrithe deonacha ag déanamh a gcuid an t-am ar fad agus is ceart a rá nach bhféadfadh an Comhar Creidmheasa feidhmiú gan iad.

Réitíodh an cheist maidir le príomhoifig nuair a frithheadh foirgneamh breá nua, i gcroílár pharóiste an Chnoic, ar léas ó Údarás na Gaeltachta. Déanann an Comhar Creidmheasa freastal freisin ar an Tulach agus i dTír an Fhia chuile mhaidin Domhnaigh.

Bhí an cheist maidir le leathnú an cheantair feidhme níos deacra a réiteach mar go raibh ceangal dlíthiúil bainteach leis. Scrúdaíodh na féidearthachtaí comhar creidmheasa nua a bhunú i gCeantar na nOileán / An Cheathrú Rua ach tar éis plé leis an bpobal ins na ceantair sin cinneadh gur cheart ceantar feidhme níos leithne a thabhairt don chomhar creidmheasa a bhí ann agus é a láidriú ar an mbealach sin.

Go gearr ina dhiaidh sin beartaíodh comhar creidmheasa nua a bhunú in Uachtar Ard agus bhí an cheist maidir le ceantar feidhme le scrúdú arís. D'fháiltigh muid roimh an bhforbairt nua agus tugadh gach cúnamh do ghrúpa Uachtar Ard a bhí ag dul tríd an bpróiseas foghlama céanna faoinar thug muid féin i 1986/87. Agus iadsan ag pleanáil a gceantair feidhme bhí ceist maidir le cé chomh fada ó dheas a thiocfaidís le socrú. Socraíodh eadrainn go mbeadh Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag freastal ar an gceantar ó na Forbacha go Leitir Mealláin agus ó thuaidh go Camus, Uachtar Ard ag freastal ar an gceantar soir ó thuaidh as Camus agus an comhar creidmheasa atá ar an gCaiseal ag freastal ar an gceantar siar ó thuaidh. Idir na trí cinn tá Conamara uilig clúdaithe agus ní féidir dearmad a dhéanamh ar Chomhar Creidmheasa Árann atá ag freastal ar na trí Oileáin Árann.

Ins an bhfás atá tarlaithe ó 1987 tá 4,500 duine ins an gceantar mar bhaill de Chomhar Creidmheasa Cholm Cille agus luach atá ós cionn £6 mhilliún ar a gcuid sábháil agus infheistíochtaí. Tá roinnt figiúirí tugtha anseo thíos chun léargas a thabhairt ar an bhfás mar a tharla sé thar na blianta;

| Bliain | Ballraíocht | Sábháil | Iasachtaí | Luach  |
|--------|-------------|---------|-----------|--------|
| 1993   | 1282        | £0.75m  | £0.65m    | £0.81m |
| 1997   | 2654        | £2.00m  | £1.33m    | £2.20m |
| 2001   | 4392        | £5.60m  | £4.40m    | £6.20m |

## Seirbhísí

Go bunúsach tugann an Comhar Creidmheasa áit do dhaoine inar féidir airgead a shábháil agus is léir gurbh 'in an fáth go nglacann daoine ballraíocht ann. Is áit i chun iasacht a fháil chomh maith agus is beag ball nach bhfuil iasacht, cé acu beag nó mór, fáighte acu ag am éigin ó thosaigh muid os cionn 14 bliain ó shin.

Tógann daoine amach iasachtaí do réimse leathan úsáidí, ó leabhra scoile nó cultacha scoile do pháistí, árachas, trealamh tí, saoire, carr nua, athchóiriú tí, agus úsáidí eile ar féidir ceannacht suíomh agus tógáil tí a áireamh ina measc. Is féidir leis an iasacht sin a bheith chomh beag is atá ag teastáil ón mball agus is é timpeall £25,000 an t-iasacht is mó atá tugtha amach go dáta. Bíonn méid na hiasachta ceangailte le cumas aisíochta, rathaíocht, agus ceangailte feisin leis an méid atá sábháilte ag an iarratasóir.

Tá réimse seirbhísí eile ar fail ón gComhar Creidmheasa mar a bhfuil árachas ar iasachtaí agus ar shábháil, ballraíocht grúpscéime san VHI, deis infheistiú i scéim nua an Rialtais a thugann £1 breise ar chuile £4 sábháilte agus neart seirbhísí eile nach iad.

Nuair nach bhfuil airgead amuigh ar iasacht leis na baill bíonn sé infheistithe i gcistí éagsúla ionas go bhfuil ioncam á ghiniúint le díbhinn a íoc ag deireadh na bliana.

## An Ghaeilge

Ins an eagrán seo de *Biseach* atá ag ceiliúradh bua Pharóiste an Chnoic i gcomórtas náisiúnta Ghlór na nGael tá sé tráthúil tagairt a dhéanamh do pholasaí Gaeilge an Chomhair Chreidmheasa.

Ón tús is í an Ghaeilge an teanga atá á húsáid i chuile ghné den obair agus is ceart a rá go bhfuil bród ar chuile dhuine atá páirteach le Comhar Creidmheasa Cholm Cille go bhfuil stádas sin na Gaeilge chomh láidir is atá inár gcuid oibre. Ní raibh sin éasca an t-am ar fad mar go raibh sé sách deacair ag amanna foirmeacha, leabhra ballraíochta agus rudaí mar iad a fháil i nGaeilge. Tá sé sin curtha dhinn againn anois mar go bhfuil ar ár gcumas féin na nithe sin ar fad a fháil príondáilte go háitiúil faoin am seo. Ardaíonn an fhadhb a cloigeann anois is arís fós mar a tharla le gairid leis an scéim nua choigiltis a bhfuil tagairt déanta thuas di. Bhí foirm iarratais a chaithfí a líonadh do gach duine a mbeadh spéis acu sa scéim ach ní raibh fáil ar an bhfoirm sin as Gaeilge. Tar éis an cheist a phlé leis na Coimisinéirí Ioncaim d'aontaigh siad glacadh le leagan Gaeilge den fhoirm ach muid féin a bheith sásta é a aistriú agus gach focal a bheith ar aon dul leis an leagan Béarla. Thug muid faoin aistriú agus ghlac siad leis agus is dócha gurb é Comhar Creidmheasa Cholm Cille an t-aon eagrás airgeadais ins an tír atá ag úsáid leagan Gaeilge den fhoirm sin.

Is léargas maith é Comhar Creidmheasa Cholm Cille gur féidir gnó a rith in iomlán trí Ghaeilge ach an meon ceart i leith na teanga a bheith acu siúd atá ina bhun.

## An Pobal agus an Comhar Creidmheasa

Is le pobal dheisceart Chonamara uilig Comhar Creidmheasa Cholm Cille. Muintir na háite atá mar chroílár an Chomhair Chreidmheasa agus tá ballraíocht oscailte d'aon duine atá ag cónaí nó ag obair ins an gceantar. Thosaigh sé i bParóiste an Chnoic ach tá sé leathnaithe amach anois le freastal ar réigiún leathan le pobal mór. Cé go bhfuil an phríomhoifig bhuan suite i bParóiste an Chnoic, caithfear glacadh leis anois go bhfuil an pobal ó Chasla aniar á úsáid, agus páirteach i gcomhlíonadh réimse leathan de na dualgaí atá riachtanach chun é a choinneáil ar an mbóthar.

Ón tús tá uimhir mhór, go maith os cionn céad duine a bhfuil go leor ama tugtha acu don Chomhar Creidmheasa. Nuair a thosaíonn tú ag lua ainmneacha, mar is eol don saol mór, tá tú ag dul ag tarraingt antró ort féin mar go mbeidh duine éigin fágtha ar lár. Leis an méid atá tar éis a gcuid ama a thabhairt don Chomhar Creidmheasa go deonach thar na mblianta ní féidir iad go léir a lua ach is fiú roinnt a lua. Bhí tionchar nach beag ag na daoine seo a leanas ar bhunú agus forbairt Chomhar Creidmheasa Cholm Cille ó thus an gheimhridh sin i 1986;

## An Grúpa Staidéir a chuir tús leis:

An tAthair Mícheál Mac Aoidh (nach maireann), Diarmuid Ó Donnchadha (an chéad bhainisteoir agus atá ar shlí na fírinne anois), Betí Uí Bhaoill, Antoine Ó Curraoin, Bertie Ó Finneadha, Séamus Ó Scanláin, Máiréad Uí Fhinneadha, Siorcha Ní Dhonncha, Brendán de Barra, Jean Uí Fhatharta, Brian Ó Cuív, Hannah Uí Thuairisg, Áine Uí Churraoin, Fergal Redmond, Gearóidín Uí Chonghaile, Máire Ní Chéidigh, Bríd Ní Shírin, Dónall Mac Giolla Bhride agus Máirín Ní Chonghaile atá mar bhainisteoir.

In éineacht le Máirín Ní Chonghaile ar an bhfoireann oibre tá: Máirín Ní Dhroighneán, Bobbi Uí Áinle, Treasa Ní Chonghaile, Máirín Uí Chadhain agus Treasa Uí Fhatharta.

Ní féidir chuile dhuine a ainmniú agus murna bhfuil tú luaite níl tú leat féin. Bhí boird stiúrtha, coistí creidmheasa, smachtú creidis, maoirseoireachta, agus coistí eile nach iad gníomhach le 14 bliain anuas. Bhí páirt lármach ag chuile dhuine acu i rith Chomhair Creidmheasa Cholm Cille agus tá ag cuid acu fós, gan iad ní bheadh sé ann. Le cúnamh Dé, beidh siad sin agus daoine eile nach iad ag glacadh páirt ghníomhach i stiúradh an Chomhair Chreidmheasa ins an blianta amach romhainn.

*Is leatsa é agus tá fáilte romhat páirt a ghlacadh.*

# Mol an Óige: Scoil Sailearna Inniu

Bertie Ó hAinmhire, Cathaoirleach  
Coiste Tuismitheoirí Scoil Sailearna

**I**s iomaí athrú atá tagtha ar an gcóras Loideachais ó thús an chéid seo caite. Tuigeann tuismitheoirí tábhacht an Oideachais níos fearr anois. Ar ndóigh, níl an obair chéanna le déanamh sa mbaile anois is a bhí an uair sin. Caithfear a rá freisin go bhfuil tuismitheoirí níos rannpáirtí in oideachas a ngasúr sa lá atá inniu ann ná mar a bhí cheana. Tá an lá imithe gur féidir na gasúir a fhágáil ag geataí na scoile agus dearmad a dhéanamh ar chúrsaí scoile ina dhiaidh sin. Tá tuismitheoirí páirteach i mbainistíocht na scoile freisin. Airíonn siad go bhfuil ról acu in imeachtaí scoile. Is beag scoil anois nach bhfuil Coiste Tuismitheoirí ann. Is amhlaidh atá an scéal i Scoil Sailearna freisin.

Gan amhras ní bheadh na háiseanna agus an chóiríocht chéanna againn sa scoil gan saothar na dtuismitheoirí thar na blianta agus tá tuilleadh ar na bacáin. Tá moladh mór ag dul do na Coistí éagsúla a rinne an obair éachtach sin. Nuair a ceapadh an Coiste atá ann faoi láthair i 1999, rinneadh cinneadh gurbh é an príomhchuspóir a bheadh aige cabhrú leis an scoil, leis an mBord Bainistíochta agus le múinteoirí na scoile ar mhaithe leis na gasúir. Bhí sé mar sprioc againn comhlúadar tuismitheoirí a chruthú sa scoil agus páirtíocht a chruthú idir an baile agus an scoil. D'úsáid Coiste Tuismitheoirí Scoil Sailearna bealaí éagsúla chun na spriocanna seo a bhaint amach.

## Nuachtlitir

Bhí an tuairim ann go raibh sé riachtanach teagmháil rialta a dhéanamh le tuismitheoirí na scoile le go mbeadh siad ar eolas faoi fhorbairtí sa scoil agus go mbeadh deis acu dul i dteagmháil leis an gCoiste. Tá roinnt mhaith Nuachtlitreacha curtha timpeall go dáta agus smaointe agus tuairimí éagsúla faighte ar ais ó thuismitheoirí. Chomh maith leis sin d'eagraigh an Coiste ócáidí ar nós: cóisir do na gasúir i rang a sé a bhí ag fágáil na scoile; cóisir sa scoil do na gasúir a rinne a gcéad chomaoineach; tráth na gceist Tigh Chualáin agus araile. Ar ugach ó Choiste na dTuismitheoirí bhunaigh an Chomhairle Contae scéim speisialta timpeallachta sa scoil a bhain go príomha le hathchúrsáil. Mar thoradh air seo bhuaigh an Scoil an brat glas i mbliana agus tá comhghairdeas ag dul do na múinteoirí agus do na gasúir a bhí páirteach sa tion-scadal seo. Bhí sé i gceist freisin ag Coiste na dTuismitheoirí úsáid a bhaint as cúnamh an Stáit ar mhaithe leis an scoil agus

tá go leor trealamh curtha ar fáil de bharr na hoibre seo, ina measc ríomhairí, ceamara, clódóirí, leabhair agus eile. Fuair Coiste na dTuismitheoirí deontas speisialta ó Údarás na Gaeltachta le haghaidh bhuanú agus chaomhnú na Gaeilge sa scoil.

## Plean Gaeilge

Agus muid ag caint faoin nGaeilge caithfear dhá fhocal a rá. Chuidigh Coiste na dTuismitheoirí leis an mBord Bainistíochta Plean Gaeilge a chur le chéile don scoil. Faraor go bhfuil gá lena leithéid ach, buíochas le Dia, tá ag éirí go maith leis agus pleananna idir lámha chun é a thabhairt céim eile ar aghaidh an bhliain seo chugainn. Tá súil againn gur chabhraigh ár bPlean Gaeilge leis an bParóiste nuair a bhuaigh siad an chéad duais sa tír i gcomórtas Ghlór na nGael. Go deimhin tá a fhios againn gur baineadh úsáid as an bPlean s'againne mar eiseamláir in áiteanna eile taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Tuigimid go bhfuil an Ghaeilge ar an acmhainn is tabhachtaí atá againn sa scoil agus sa gceantar agus ta ról lárnach ag tuismitheoirí i gcaomhnú na teanga ar mhaithe leis an scoil agus ar mhaithe leis an bpobal.

## An Todhchaí

Níl aon amhras ach go bhfuil Scoil Sailearna ar cheann de na scoileanna is fearr sa tír. Féach ar na duaiseanna éagsúla atá buaite ag an scoil ar an bpáirc agus ar an stáitse - ina measc an chéad duais i bhFéile Scoilrámaíochta na hÉireann. Is léir freisin go bhfuil tuismitheoirí na scoile fíorbhródúil as dul chun cinn na scoile. Taispeánadh an méid sin i mí na Bealtaine i mbliana nuair a bailíodh os cionn £2,500 taobh istigh de seachtain don chrannchur a d'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí. Ach is minic le duáilce a theacht orainn agus gan súil leis. Buille tubaisteach a bhí ann don scoil i mí Mheán Fómhair 2000 nuair a bhásaigh an Príomhoide, Tomás Ó Ráighne. Tógfaidh sé blianta orainn teacht as an gcailliúint thragóideach sin. Go soilsí Dia solas na bhFlaitheas duit, a Thomáis.

Is treise toil ná tuiscint ach tuigeann gach tuismitheoir gur trí chomhoibriú agus i gcomhpáirtíocht leis na himreoirí eile sa scoil a dhéanfar dul chun cinn. Is iomaí athrú atá tagtha ar an taobh seo tíre ón uair a d'oscail Seanscoil Sailearna na geataí breis agus céad bliain ó shin. Ní hé an bád bán atá i ndán d'óige an cheantair a thuilleadh agus tá an t-oideachas thar a bheith tábhachtach sa lá atá inniu ann. Tá dúshlán mór amach romhainn ó thaobh an churaclaim nua, ó thaobh na sábháil-teachta ag an scoil, ó thaobh na bhforbairtí ag an scoil agus ó thaobh na n-áiseanna atá ag teastáil ansin, i measc rudai eile. Ar ndóigh tá tuismitheoirí na scoile ar deireadh thiar thall ar mhaithe lena ngasúir féin agus, gan amhras, tá todhchaí na scoile agus todhchaí an cheantair ag brath ar na gasúir chéanna. Go n-eirí leo uilig sa todhchaí. ■

# Plean Gaeilge Scoil Sailearna

Fearghas Mac Lochlainn  
Príomhoide

**Tá Plean Gaeilge á chur i bhfeidhm sa scoil le cúpla bliain anuas agus tá ag éirí thar cionn leis. 'Sí Máire Ní Mháille, leas-phríomhoide na scoile, a chur an plean seo sa tsiúl an chéad lá riamh i gcomhar le Coiste Tuismitheoirí na scoile. Is feachtas spreagúil, leanúnach atá i gceist leis an bPlean Gaeilge, feachtas atá dearfach. Cuirtear an bhéim ar fad sa bhfeachtas ar na gasúir a mholadh, a ghríosadh agus a spreagadh le Gaeilge a labhairt.**

Uair sa mí bronnar teastas speisialta ar na gasúir a bhí dílis don Ghaeilge ar feadh na míosa. Uair sa ráithe ansin bronnar bonn speisialta ar na gasúir a ghnóthaigh trí theastas ar feadh na tréimhse. Tugtar aitheantas agus moladh dá bhrí sin do na gasúir a dhéanann iarracht ar leith agus a bhíonn dílis don Ghaeilge. Níl aon fhaillí á dhéanamh ach an oiread orthu siúd atá ar bheagán Gaeilge. Tá múinteoir sealadach teanga ag freastal ar ghasúir a rugadh thar lear ach ar tháinig a muintir anall abhaile. Leis an gcúnamh breise seo beidh na gasúir seo in ann a bheith iomlán páirteach i saol na scoile agus ar a gcom-póirt ag úsáid na Gaeilge gan mórán achair. Tá múinteoir sealadach eile ag freastal orthu siúd a rugadh taobh amuigh den Ghaeltacht ach gurb as Éirinn a gcuid tuismitheoirí.

Tá ag éirí thar cionn leis an bPlean Gaeilge ach, ar ndóigh, tá go leor le déanamh fós. Mol an Óige agus tiocfaidh sí! Le spreagadh, le díogras agus le comhoibriú, níl a fhios céard is féidir linn a bhaint amach! Le cúnamh Dé leanfaidh an dea-obair agus dea-cháil Scoil Sailearna. Scaipfidh an clú atá bainte amach ag gasúir na scoile agus beidh Scoil Sailearna agus an Plean Gaeilge mar dhea-shampla ag scoileanna uile na Gaeltachta.

## Molaim sibh a ghasúra!



Grúpa a rinne an Comhneartú sa bhliain 2001.

**Ar chúl ó chl:** Micheál Ó Máille, Múinteoir, Pádraic Ó Dómhnaill, Daithí Ó Loideáin, Seán Seoige, Ciarán Ó Cualáin, Luke Ó Riada, Tomás Breathnach, Oisín Ó Ceallaigh, Deaglán Ó Céidigh.

**Sa lár ó chl:** Pádraic Ó Maoláin, Piaras Mac an Iomaire, Pádraic Óg Ó Conaire, Piaras Ó Tuathail, Risteárd Ó Coisdealbha, Cara Nic Dhiarmada, Maria Ní Chonghaile, Ciana Ní Challanáin, Maud Trahan, Natasha Ní Fhatharta.

**Chun tosaigh ó chl:** Máire Ní Fhionnagáin, Sarah Ní Fhlannacha Ní Mháille, Labhaoise Ashford, Áine Máire Ní Ghriofa, Amanda Ní Mháille, Bairbre Ní Lochlainn, Louise Ní Cheannabháin.


# GLÓR NA nGAEL

## 1961 - 2001

*Comghairdeas le Paróiste an Chnoic  
as an éacht oibre  
atá déanta agaibh.*

*Go maire sibh bhur ngradam.*

*Comghairdeas leis na pobail eile ar fud na tíre atá i measc na mbuaiteoirí  
agus na pobail atá páirteach sa Chomórtas le blianta.*




Glór na nGael  
46 Sráid Chill Dara  
Baile Átha Cliath 2

T: 01 679 4780

F: 01 679 0214

R: nora@glornangael.ie

  
Raidió na Gaeltachta  
www.rnag.ie



**RnaG**  
92-94FM & 102.7FM  
RTÉ

*Nuacht, Cúrsaí Reatha, Spórt, Cláracha agus Scoth an Cheoil*



Ó chlé: Pádraic Mór Ó Fátharta (Clochar na gCon),  
An tAthair Nioclás Ó Cualáin (Teach Mór)



An tUachtarán, An Dochtúr Pádraig Ó h-Irigile ag bronnadh Duais Glór na nGael ar Paróiste an Chnoic sa bhliain 1988/89



Ó chlé ar chúl:  
Caitlín Phádraic Sheáinín Uí  
Tuairisg (Lochán Beag), Caitlín  
Mholly Ní Thuairisg (Lochán  
Beag), Mamie Mhaidhc Ní  
Chadhain (Lochán Beag), May  
Mholly Ní Thuairisg (Lochán  
Beag).

Ó chlé chun tosaigh: Celia Ní  
Thuairisg (Lochán Beag), Máire  
Ní Mháille (Cor na Rón) Sally  
Sheáinín Ní Thuairisg (Lochán  
Beag), Kate Mhaidhc Ní Chadhain  
(Lochán Beag).

## AG FREASTAL AR PHOBAL NA GAEILGE & NA GAELTACHTA

*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic 'Éacht eile déanta'*

### LE TEACHT 2001/2002

|                   |                                                |
|-------------------|------------------------------------------------|
| Meán Fómhair 2001 | Seimineár ar Straitéis Timireachta             |
| Meán Fómhair 2001 | An Bille Comhionannais um Theangacha Oifigiúla |
| 25-30/09/2001     | Cuairt na bhFilí go hAlbain                    |
| 12-13/10/2001     | Fóram na Gaeltachta Cruinniú Cinnbhliana       |
| Samhain 2001      | Simineár ar Theanga & Teiripe                  |
| 02-16/02/2002     | Tóstal na Gaeilge 2002                         |



Tuilleadh eolais:  
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge,  
46 Sr. Chill Dara, B.Á.C. 2  
Fón: 01 - 6794780  
Faics: 01 - 6790214  
E-phost: eolas@comhdhail.ie  
Suíomh Idirlín: www.comhdhail.ie



Foras na Gaeilge

**Ceist agat?**

call 1850 325 325 / 0845 309 8142 (N.I.)

7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2. E: eolas@bnag.ie I: www.forasnagaeilge.ie

# Bain triail as!

*Gach uair a labhraíonn tú Gaeilge cuireann tú síol. Le gach síol tagann fás. Agus ní fás go fómhar.*

**Scaip beagán Gaeilge**

*... agus ní fada go bhfeicfidh tú toradh do chuid cainte.*

*Every time you use your Irish it's like planting a seed and watching it grow. The seeds are already there... all they need is a little nurturing.*

**Go on, give it a try**

*... it's on the tip of your tongue!*

# Tomás Ó Ráighne

Seán Bán Breathnach

*Seo í an óráid a thug Seán Bán Breathnach ag an uaigh an lá a cuireadh Tomás Ó Ráighne.*


Ag tús Mhí Mhéan an Fhómhair i mbliain an dá mhíle a d'fhág muid slán, faraor géar, ag sárfhéar, fear an-chumasach, fear an-léananta, fear ildánach, óráidí agus cainteoir den scoth i nGaeilge agus i dteanga na Banríona freisin. Deaíde den scoth, oide scoile gan sárú, ár gcara - Tomás Ó Ráighne. Ní raibh eadrainn ach an da gharraí agus muid ag fás aníos agus is síos tigh Ráighne a bhíodh muid ag dul fadó ag cuartaíocht.

Chuaigh Tom go dtí Scoil Shailearna agus ina dhiaidh sin go Coláiste Éinne i nGaillimh. Sáriománaí a bhí ann agus d'imir sé don Choláiste agus nuair a bhíodh sé sa mbaile ón scoil bhíodh muid thíos sa bpáirc ó dheas de Thigh Mharcais, sa ngarraí beag sin - Tom, Colm Mharcais, mé féin, Máirtín, Pádraic, Seánín Mhicil, agus Peadairín agus Timín Thadhg Gabha - agus bhíodh muid ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar Tom ach ní raibh aon mhaith ann. Is aige a chonaic mé an chéad chamán riamh agus an plástar dubh casta timpeall go néata air.

Tá a fhios againn gur fear fíorphointeáilte ar fad a bhí ann agus ní ón ngaoth a thug sé an phointeáilteacht ach óna dhaide, Beartla. Nuair a d'fheicfeá portach móna bainte ag Beartla ní raibh bun cleite isteach na barr cleite amach, chuile shórt néata glan.

Chomh maith leis an iománaíocht b'iontach an fear le *billiards* nó snúcar é Tom agus bhí sé tharr barr le leadóg boird. Is aige freisin a chonaic mé an chéad ghléas taifeadta sa bparóiste agus théadh sé timpeall cúpla oíche sula dtéadh daoine go Meiriceá ag tógáil amhrán agus seanchas ar téip agus bhí sé an-bhródúil as cuid de na hamhráin a thóg sé ó Pháraicín Mháirtín Pháidín as Caol Rua agus Páraicín Chóil Choilm as an Lochán Beag roimh dhul ar imirce dóibh.

Bhí an-mheas ag Tom ar an áit seo as ar fáisceadh é. Bhí muid go léir beo bocht ag an am agus thuig Tom an bochtanas. Ceannródaí a bhí ann agus chreid sé go láidir nach é an bád bán ba chearta a bheith i ndán do mhuintir Chois Fharraige agus muintir na Gaeltachta, ach fostaíocht sa mbaile. Bhí a fhios aige freisin gur oideachas a thabharfadh an lámh in uachtar do mhuintir na háite agus a thabharfadh na jabanna dóibh sa mbaile. Bhí sé féin ar cheann de na céad daoine den ghlúin sin a fuair oideachas maith agus bhí baint an-mhór aige le bunú Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, a throid go dian ar son chearta mhuintir na nGaeltachtaí agus ba mhinic leis óráid a thabhairt nó díospóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí sin. Nuair a bhí Saor-Raidió Chonamara ag craoladh beo ó Oireachtas na nGael is do Tom a tugadh an jab caint a choinneáil le Ceannfort na nGardaí agus é a choinneáil as an mbealach fad is a bhí an raidió ag craoladh as Tigh Mhaidhcó i Ros Muc, rud a rinne sé gan stró. Bhí baint ghníomhach aige



Tomás Ó Ráighne

le mórán eile rudaí sa bparóiste seo. Bhí sé ar cheann de bhunaitheoirí an Chumainn Forbartha, a rinne obair iontach. Ní raibh aon éirí in airde ag baint leis. Ní raibh aon chall dó leis mar ní raibh sé ag iarraidh a bheith ag déanamh aon ghaisce. Ní fear gaisce a bhí ann.

Fear mor spraoi agus spóirt ab ea Tom. Is cuimhin liom go maith Volkswagen gorm a bheith aige tráth, *PZM 98*, agus is é a thugadh chuig na damhsaí muid ó Tigh Darby i mBéal an Daingin go Seapoint i mBóthar na Trá ag éisteacht le Dickie Rock, Butch Moore, Brendan Boyer, Banna Ceoil Chéili Brendan Mulhare agus daoine nach iad. B'iontach an fear le damhsa é. Thugadh sé buíon damhsóirí leis as Tuaim, nuair a bhí sé ag múineadh scoile ann, go Coláiste Lurgan agus siar ar an Tulach agus ba mhór an spórt é féin, ar ndóigh, ag déanamh damhsa. 'Sé a thug mise go Condae an Chláir an chéad uair riamh. 'Sé a chuir in aithne don phiobaire Willie Clancy, mé agus is iomaí oíche a chaith muid ag breathnú ar dhamsóirí seite i Sráid na Cathrach, Coillte agus Lios Uí Cathasaigh. Nuair a fuair mise mo chéad phost ó Phól Ó Foighil i gColáiste Lurgan, 'sé Tom a chum an teideal a tugadh dom - Bainisteoir Caithimh Aimsire agus Scléipe. Thriail sé trí step damhsa a mhúineadh dom thuas ar an teallach ach ní gá a rá gur theip glan air.

Fear mór imirt chártaí a bhí ann freisin, idir cúig fichead nó pócar, agus grianghrafadóir den scoth.

Chuir sé ainm Scoil Sailearna in airde mar cheann de na scoileanna is fearr sa tír seo agus sheas sé i gcónaí leis na múinteoirí agus sheas sé lena chairde agus bhí meas agus urraim agus gean ag muintir na háite, idir óg agus aosta, air.

Ba é a thug cúnaimh dom agus mé ag lorg mo chéad phost le Raidió na Gaeltachta, agus feicim fós é agus a mhéir crochta aige agus é ag cuir comhairle mo leasa orm. Aireoidh muid uainn thú a Tom. Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chur.

# Glór na nGael - Ball Áluinn

Máirtín G. Ó Maicín

**B**unaíodh Coiste Ghlór na nGael i mBall Áluinn, i gceartlár Mhaigh Eo, in earrach na bliana 1990. Tús lag a bhí ann ach tá sé ag dul i neart ó shin. An aidhm a bhí romhainn ag an am ná aithne i leith na Gaeilge i measc an phobail a neartú agus a láidriú, agus suim i leith na teanga a chothú agus a spreagadh. Tá áthas orainn gur éirigh linn sin a dhéanamh.

Is iomaí tionscnamh ar thugamar faoi idir an dá linn. I dtús na n-ochtóidí bunaíodh Feis Chrónáin. Tús beag a bhí ann ag an am agus bhí an chéad Fheis thart laistigh de chúpla uair an chloig. Ach Feis dhá lá atá ann faoin am seo agus tá sí ag éirí níos mó gach uile bhliain. Sa lá atá inniu ann is ceann de na Feiseanna is mó sa taobh seo tíre í. Bhí tuairim is míle iontráil againn anuraidh ó gach áit sa Chondae agus ó áiteanna eile nach iad.

Comórtas eile a bhíonn againn gach bliain ná Comórtas Ealaíne do bhunscoileanna an Chondae. Iarrtar ar leanaí bunscoile cárta a dhearadh, nó seanfhocal a léiriú nó a leithéid. De ghnáth bíonn idir 650-800 iontráil againn bliain i ndiaidh bliana. Ansin bíonn taispeántas againn de na buaiteoirí.



Glór na nGaeil, Ball Áluinn, Co. Mhaigh Eo  
Na scoláirí a tháinig sa gcéad áit, sna ranganna éagsúla, i gComórtas Ealaíne Ghlór na nGael, Ball Áluinn.

Chun tosaigh ó chlé: Ami Ní Mhaoldomhnaigh agus Ferdia Ó Cionnaith. Ar chúil, ó chlé: Melissa Ní Shirideáin, Aoife Ní Ghreannacháin, Aisling Ní Ghreannacháin, Coleen Nic Aodha, Ciara Ní Dhochartaigh agus Brian Ó hUallaigh. I láthair freisin tá: Máirtín G. Ó Maicín agus Áine Máire deBúrca, Glór na nGael.

Pic.: T.Forde.

Is iontach an chaoi gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn trí mhodh an tsúgartha. Is breá le scoláirí meánscoile tráth na gceisteanna. I gcomhar le meánscoil an bhaile eagraítear Tráth-na-gCeist Boird gach uile Shamhain, do mheánscoileanna an Chondae, i mBall Áluinn. Éiríonn go hiontach leis agus, bliain amháin, ghlac 85 bord páirt.

Ta scéim ar siúl againn le dhá bhliain anuas le Comhairle an Phobail agus FÁS. 'Séard atá á dhéanamh againn ná leachtanna á gcur suas i ngach baile fearainn le hainm na h-áite sin i nGaeilge amháin. Is iontach an chaoi a ndeachaigh an scéim seo i bhfeidhim ar an bpobal.

Cuirtear an-bhéim ar chúrsaí caidrimh phoiblí agus poiblíocht. Baintear úsáid fhorleathan as nuachtlitr an pharóiste, raidió áitiúil is RnaG, agus nuachtáin an Chondae, go háirithe an *Connacht Telegraph*. Tá an t-ádh linn go bhfuil dearcadh dearfa sa bpáipéar sin agus go bhfuil doras oscailte ansin i gcónaí. Caithfear comhghairdeas a dhéanamh leis an nuachtán céanna as ucht an éacht atá á dhéanamh acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Bíonn alt i nGaeilge sa pháipéar gach seachtain, bíonn cúpla eagarfhocal acu i nGaeilge gach bliain, bíonn píosaí eile i nGaeilge go minic chomh maith. Feictear giotaí i nGaeilge ar an gcéad leathnach go minic freisin.



Glór na nGael - Lios Tuathail

Seinnteoirí óga ó Scoil Náisiúnta Dromchloich ar ócáid Bhronnadh na nDuaiseanna do Sheachtáin na Gaeilge in Ionad Naomh Eoin, Lios Tuathail.

Ar chúil ó chlé:- Lorraine Ní hAnluain, Louise Ní Cheallaigh, Roisín Ní hArrachtáin.  
Chun tosaigh:- Louise Ní Bhunnáin, Siobhán Ní Bhrosnacháin.

## Glór na nGael in Uladh

### Doire

Buaiteoir Scéim na mBuaiteoirí i mbliana, agus an phríomhdhuais anuraidh, níl mórán nach bhfuil déanta ag an choiste seo. Ó ranganna agus ciorcail cómhra, go cúrsaí ollscoile, tá coiste Ghlór Dhoire ag déanamh cibé rud is féidir leo lena bpríomhspríoc a bhaint amach - baile iomlán dátheangach a bhunú. Leis seo i gcónaí acu mar inspioráid, tá coiste Ghlór Dhoire ag déanamh teagmháil leis na comhairlí áitiúla sa chathair agus ag tairiscint seirbhísí Gaeilge dóibh. Chomh maith leis seo, tá foirgneamh nua ceannaithe acu, áit ina mbeidh bialann, oifigí, seomraí ranga, amharclann agus neart eile. Ag an bhomaite, tá sé in úsáid acu mar charchlós i gcathair ina bhfuil sé beagnach dodhéanta áit paircéala a fháil! Bíonn an coiste páirteach i ngach uile imeacht sa chathair, ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile, agus éiríonn na pleananna bliantúla níos mó agus níos suimiúla gach bliain.

### Baile Uí Mhurchú

Bhain Baile Uí Mhurchú trí dhuais i mbliana, agus nuair a fheiceann tú an sár-obair atá déanta acu sa cheantar, ní chuireann seo iontas ort. Tá an coiste dírithe isteach ar an Óige, agus a gcuid fadhbanna. Mhothaigh an coiste go raibh daoine óga sa cheantar ag fágáil na scoile agus nach raibh obair ar bith ar fáil dóibh. Cad a rinne siad? Chruthaigh siad postanna, agus tá na daoine óga seo anois fostaithe ag an choiste i gClub Eachtra, i ngnónna. Oibríonn an Club Eachtra le daoine óga i mBaile Uí Mhurchú, ag cur seirbhísí Gaeilge ar fáil i gceantar ina bhfuil an mhórchuid de na daoine as obair. Tá gnó comharthaíochta ar fáil sa chlub, chomh maith le gnó bróidnéireachta, caife, bialann, siopa leabhar, ranganna, club óige agus neart eile. Chuaigh scaifte ón chlub ar thuras go dtí Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí, ar na mallaibh, áit ina raibh seans acu bualadh le muintir na Gaeltachta, agus a bheith páirteach i bhFéile na Bealtaine sa Daingean. Gan an Club Eachtra, agus an obair atá déanta ag coiste Ghlór na nGael, ní bheadh an seans seo acu.

### Ros Earcain

Bhí Ros Earcain mar buaiteoirí ar leibhéal a haon i mbliana, ach an obair a rinne siad thar na bliana, thiofadh leo a bheith ar leibhéal a trí. Suite, mar atá siad, i gceantar atá clúiteach mar áit fhíorghallda, thosaigh siad ranganna, reachtáil siad Féile na Mílaoise, chuir siad páistí chun na Gaeltachta, reachtáil siad scéim shamhraidh ollmhór, agus d'oibrigh siad leis an gcomhairle áitiúil chun airgead a shaothrú. Tá baill an choiste an-bhródúil as an obair atá déanta acu, ach níl siad bladhmánach faoi. Mar a dúirt siad féin, bhí ar dhuine éigean an obair a thioseacht. Tá a fhios acu go mbeidh sé indéanta an leibhéal céanna oibre a dhéanamh an bhliain seo chugainn, ach tá siad sásta go bhfuil an obair toisithe, agus go bhfuil an siol curtha acu sa cheantar.

### An Srath Bán

Bhain an Srath Bán Duais na hÓige i mbliana, as an obair atá déanta acu le daoine óga an baile. Ach chomh maith leis seo, tá siad an-ghnóthach le himeachtaí eile, go mórmór le cúrsaí Gaelscoile. Bhog siad chuig suíomh nua i mbliana, agus bhí an

coiste gafa leis seo ar feadh fada go leor. Ar a bharr seo, tá siad ag cur leabhrán logainmneacha le chéile, mar chuid de scéim Ghlór na nGael, 'Ón mBun Aníos'.

Tá an leabhrán beagnach críochnaithe acu, agus tá Oifig an Phoist ag iarraidh orthu an chéad chóip a sheoladh chucusan, le cuidiú leo sa cheantar. Coiste an-ghníomhach atá anseo, agus tá siad ag reachtáil cúrsaí NVQ (Cáilíocht Náisiúnta Gairmoideachais) le coiste Ghlór Dhoire.

### Boirche Íochtar

Bhí coiste Boirche Íochtar an-ghnóthach i rith na bliana ag saothrú airgid leis na daoine óga sa cheantar a chur chun na Gaeltachta. Bíonn scéim shamhraidh acu gach bliain, agus i mbliana, beidh siad á reachtáil le grúpaí in Iúr Chinn Trá. Mar chuid den scéim, beidh scrúduithe na bhFainní ar siúl acu. Bíonn léachtanna ar siúl i rith na bliana, chomh maith le hoícheanta sóisialta, agus turais stáiriúla go Co. na Mí agus áiteanna mar sin.

### Coistí eile Uladh

Cé go bhfuil na buaiteoirí in Uladh an-ghníomhach agus láidir, ní hiad na haon choistí sa Chúige atá ag déanamh obair éifeachtach ar son an teanga agus an chultúir. Tá neart eile atá ag obair leo, ag cur seirbhísí Gaeilge ar fáil don phobal, ag reachtáil ranganna, comórtais, ag cur daoine óga chun na Gaeltachta, agus ag cur na teanga Gaeilge chun cinn sa phobal.

I nDún Lathaí, i gCo. Aontroma, tá áiseanna fisichomhdhála in úsáid acu le ranganna Gaeilge a reachtáil ar Oileán Reachlainne. Níor chuir an tine mhór a bhí acu ag an Nollaig as dóibh, agus tá siad ag obair leo, ag reachtáil Gaelscoil Dhal Riada, ranganna, scéim shamhraidh, dianchúrsaí, agus rí. I mBaile an Chaisil, bunaíodh Gaelscoil anuraidh, agus tá nasc cumtha acu féin le Oilean Reachlainne.

Tá Glór Mhacha, in Ard Mhacha, i ndiaidh suíomh idirlíon [www.ardmhacha.com](http://www.ardmhacha.com) a sheoladh, áit ar féidir leat stair an cheantair, logainmneacha, ceachtanna Gaeilge, agus eolas faoi scríbhneoirí na háite a fhéiceáil. I mBéal Feirste, tá coiste Ghlór na nGael in iarthar an chathair ag oscailt an chéad teach tabhairme lánGhaelach sa chathair. D'oscail an coiste i ndeisceart na cathracha foirgneamh nua - Ionad an Droichid.

Tá foirgneamh iomlán nua tógtha ag coiste Ghlór Machaire Ratha don bhunscoil, agus tá foirgneamh eile ceannaithe acu don naíscoil. D'oscail naíscoil nua ar Bhóthar Gharbhachaidh i mbliana, ag coiste Phort an Dúnain, agus tá Féile Dhroim Criath le bheith ar siúl i mbliana. D'oscail coiste Chaisleán an Mhuilinn ionad Gaeilge i leabharlann an bhaile anuraidh, agus tá ag éirigh go maith leis an Ghaelscoil. D'oscail Leitir Ceanainn Gaelscoil nua anuraidh, agus tá siad ag bunú cór Gaelach den chéad uair le céad bliain sa bhaile. Chomh maith leis na nascanna atá á gcumadh ar fud na tíre ag go leor coistí tá grúpaí nua atá ag teacht isteach sa gcomórtas an bhliain seo chugainn, a thabharfas leo smaointe nua, imeachtaí nua, agus spreagadh do pobal Gaeilge Chúige Uladh, go hairithe i dTír Chonaill, Bunscoil Phobal Feirste, agus grúpaí i gCo. an Chabháin, agus Muineachán. ■

## Glór na nGael - Inis Oírr

Cathleen Ní Chonghaile  
Cathaoirleach

**Tá Coiste Ghlór na nGael Inis Oírr an-bhródúil as an aitheantas a tugadh don oileán i gComórtas Náisiúnta Ghlór na nGael don bhliain 2000, agus ba mhaith leo buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a chuidigh leis an dea-obair, go háitiúil agus ón taobh amuigh.**



Coiste Glór na nGael Inis Oírr

Tá moladh tuillte ag chuile dhream, agus ag chuile choiste atá ag plé leis an obair seo, ar fud na tíre, agus ba mhaith linne atá inar gcónaí i gceantar beag Gaeltachta, an moladh sin a thabhairt dóibh, agus a mholadh go mbeadh comhoibriú idir coistí i gceantair éagsúla, lámach sa gcomórtas lá éicint amach anseo.

Maidir le hInis Oírr agus an bhliain seo caite, is iondúil go mbíonn an seasúr turasóireachta sách priaclach, ach chuir an fhéile seachtaine 'Dé Bheatha Abhaile', borradh breise faoi sa tríú seachtain de mhí Lúnasa anuraidh. Faoin am go raibh na strainséirí uilig bailithe leo, bhí sé in am aghaidh a thabhairt aríst ar na himeachtaí agus ar na hoibreacha a chuireann an t-oileán chun cinn. Bhí an togra 'Airdeall', a bhaineann le caomhnú Ghaeilge na háite, ar cheann de na hoibreacha seo.



Ó chlér: Kate Mhaidhc Sheáin Ó Finneadha (Lochán Beag), Ceáite Breathnach (Lochán Beag), Baibín Breathnach (Lochán Beag).



Ó chlér: Catherine Tom Pheadair Uí Ghriofa (Cor na Rón), Peige Stiofáin O'Leary (Cor na Rón).

# Fiche Bliain ag Fás: Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Máirtín Ó Dubhghaill  
Rúnaí

Bunaíodh an Cumann seo i 1981. Déanann sé freastal ar chailíní i gceantar Chois Fharraige i.e. ó Bhearna siar. Ó bunaíodh an Cumann thagadh formhór na n-imreoirí ón Spidéal agus Indreabhán ach le blianta beaga anuas tá borradh mór tagtha ar an méid cailíní ó cheantar na Tulaí atá ag imirt linn.

Ghlac an Cumann páirt i gcomórtais Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach ar feadh ceithre bliana (sna gráid Faoi 10, Faoi 12, Faoi 14 agus Faoi 16). I 1985 chláraigh an Cumann le Coiste an Chontae agus chuir muid foirne san iomaíocht i gComórtais an Chontae (ó 10 suas go dtí Sóisear B).

I 1989 d'éirigh linn Corn an Chontae a bhuachan sa ngrád Sóisear B nuair a bhuail muid Baile an Doirín sa gcluiche ceannais. Sa mbliain sin freisin bhuail muid Corn an Iarthair Faoi 14, Faoi 16 agus Faoi 18. I 1989 bhuail muid Corn an Iarthair arist (Sóisear, Faoi 16, Faoi 14 agus Faoi 12). Chuaigh muid go dtí Craobh an Chontae (Sóisear A) ach bhuail Dún an Uchta muid le dhá chúilín. An bhliain dár gcionn shroich muid Craobh an Chontae Sóisear A ach cháill muid arist le ceithre chúilín. I 1991 bhuail muid Corn an Iarthair (Faoi 16).

**D'imir beirt ó Chumann  
Chois Fharraige ar  
Fhoireann na Gaillimhe  
(Faoi 14) anuraidh  
(2000).**

Ó chlér:  
Dympna Ní Ardagáin,  
Uachtarán Chomhairle  
Chonnacht.  
Siobhán Ní Mhaoileoin,  
Aoife Ní Neachtain agus  
Máire Ní Fhearghail,  
Rúnaí Chomhairle Chonnacht.



Ó shin i leith níl móran buaite againn ach tá muid fós ag glacadh páirte i chuile chomórtas sa gContae agus in Iarthar na Gaillimhe (Faoi 10, 12, 14, 16, 18 agus Sóisear).

Ghlac muid páirt sa gComórtas Pan-Ceilteach nuair a bhí sé ar siúl i nGaillimh agus bhuaigh muid an Comórtas Camógaíochta a bhí a reáchtáil ag an Oireachtas i nGaillimh ag tús na naochaidí. Tá muid fós ag iarraidh an Chamógaíocht a chur chun cinn sa gceantar seo i gConamara.

I mbliana (2001) tá 78 ball cláraithe againn ó aois a seacht mbliana aníos, ina measc siúd tá triúr a bhí ar an gcéad fhoireann a bhí ag an gCumann i 1981: Martina Ní Ghabháin, Máirín Nic Fhlanncha agus Caitríona Ní Chonchubhair. Glacann muid páirt i gcomórtais Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach agus i gComórtais an Chontae. Ghlac muid páirt i gComórtas Fhéile na nGael i 1992 agus 1993 agus cé nár bhuail muid ach cluiche amháin bhí muid an-sásta a bheith páirteach ann.

Bíonn traenáil ar Pháirc na mBreathnaigh chuile Shathairn ó 5.00 - 7.00 agus cuirtear fáilte i gcónaí roimh bhaill nua! Tá muid an-mhórtásach as gur muid an t-aon Chumann Gaeltachta atá cláraithe mar Cumann Camógaíochta na nGael. Is í an Ghaeilge an teanga chaidrimh atá againn i gcónaí. Tá sé go deas corn a bhuachan ó am go chéile ach ní hé is tábhachtaí. Tá muid sásta ach cailíní a bheith amuigh ar an bpáirc ag imirt go spleodrach.

Tá an Coiste seo againne an-sásta i mbliana mar gur roghnaíodh triúr ón gCumann ar fhoireann Chontae na Gaillimhe Faoi 14. Is iad sin Siobhán Ní Mhaoileoin as Baile na hAbhann, Aoife Ní Neachtain as Seanamhóinín agus Méadhbh Ní Eadhra as an gCoilleach.

**Le cúnamh Dé ní fada go mbeidh cuid de na cailíní seo  
againne ar fhoireann sinsear an Chontae chomh maith!**

# Liathróid Láimhe ar an gCnoc

Jimí Joe Shéamuis Ó Fátharta.


**Spiorad ár sinsear leis na cianta; allas pobail leis na blianta  
Comhoibriú is misneach idir óg is aosta  
Sin í an oirnis a d'fhág an áit seo déanta.**

**Is ar thalamh an pharóiste atá an chúirt seo suite  
Is d'óige an pharóiste a bhí an áit seo dlite  
Nuair a bheas na Coistí san uaigh ar foscadh  
Bíodh liathróid láimhe anseo á lascadh.**

Dhá véarsa a chuir Joe Steve Ó Neachtain ó Choiste na Páirce le chéile i gClár Oscailt Oifigiúil Phinniúr Liathróide Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh i 1980. Tá traidisiún an spóirt seo ag dul siar go dtí 1890 ar a laghad, nuair a bhí an cluiche á imirt i mBothchúna i bparóiste an Chnoic. Cuireadh tús le pinniúr ins na hAille sna tríochaidí, ach leag gála é i ndeireadh na gcaogaidí. Nuair a bhí an Pháirc ar an gCnoc réitithe, bheartaigh an Coiste ar phinniúr faoi dhíon a thógáil in éineacht leis na seomraí feistis, agus nach ar an áit sin a bhí tarraingt na ndaoine suas go dtí a dó a chlog ar maidin le cluichí a imirt.

Níl aon tseachtain ó shin nach n-imrítear liathróid láimhe sa gcúirt seo, atá chomh maith le haon chúirt in Éirinn. Imríodh Cluichí Ceannais na hÉireann inti le blianta beaga anuas. Tá craobhacha an Chontae agus an Chúige bainte amach ag Timín Joe Tim Ó Curraoin agus ag Pádraic Tim Bheartla Ó Conghaile i mbliana. Bhain an Cumann amach Craobh Náisiúnta na Gaeltachta cheithre huaire: Pádraic Ó Ceannabháin & Peadar Tim Ó Conghaile i nGaoth Dóbhair i 1982; Micheál Phat Ó Cualáin & Meaití Joe Shéamuis Ó Fátharta i nGaoth Dóbhair i 1994; Timín Joe Tim Ó Curraoin & Pádraic Tim Ó Conghaile i mBaile an Róba i 1995; Micheál Phatch Ó Cualáin & Cóil Pheatsaí Ó Finneadha i mBéal an Mhuirthead i 2000.

Is dóigh gurb é comórtas an 'Ciseán Turcaí' maidin Lá Nollag, is mó a mbaintear sult as gach bliain gan teip. Is breá go deo mar a itear an dinnéar ina dhiaidh. Deirtear go bhfuil an cluiche ag fáil bháis go náisiúnta, ach is cinnte go bhfuil sé beo bríomhar sa bparóiste seo fós, agus gura fada imreoirí ag bualadh na liathróide bige seo, isteach in aghaidh an bhalla mhóir sin. ■



An Ceathrar a bhí san gCluiche Ceannais "An Cisean Torthaí 2000"

Buaiteoirí ó chlér:- Micheál Phatch Ó Cualáin, Jimí Joe Shéamuis Ó Fátharta i gcoinne Cóil Pheatsaí Ó Finneadha agus Gerry Feairtí Ó Fátharta.

# PÁIRC AN CHNOIC

*Pádraic Tim Ó Conghaile*

Nuair a bunaíodh Cumann Micheál Breathnach ag deireadh 1966-1967 bhí caint ar pháirc a thógáil. Ag cruinniú cinn bhliana 1967 moladh Coiste Páirce a chur le chéile. Tugadh Coiste na Páirce Teo. ar an gcoiste seo. Ba í an aidhm a bhí acu sin suíomh a aimsiú agus páirc a chur ar fáil. San am sin bhíodh peil á imirt ar an gCreach Oileáin sa samhradh nuair a bhíodh an aimsir go breá. Bhí caint ar pháirc a dheanamh anseo agus bóthar a dhéanamh aniar ó bhóthar an Locháin. Ansin fuair an Coiste suíomh ó Choimisiún na Talún san áit ina bhfuil Páirc Ghnó Shailearna anois. Dhíol an Coiste an suíomh le Gaeltarra Éireann agus socraíodh talamh a bhí ag an bparóiste ar an gCnoc, a iarraidh ar an Easpag Ó Cuinneáin, Ardeaspag Dheoise Thuama ag an am. Fuair siad ocht n-acra den 11.5 acra den talamh sin. Is ag an am seo a bunaíodh Coiste Airgid na Páirce, chun airgead a bhailiú don pháirc. Bhailigh siad an t-airgead trí chrannchuir agus dul thart ó theach go teach, díolacháin earraí, siúlóidí, imirt chártaí agus deontais ó Roinn na Gaeltachta, cúnamh ón gComharchumann agus ón gCumann Forbartha, chomh maith le heagrais agus daoine eile. Sa mbliain 1975 a thosaigh siad ar fhorbairt na páirce agus 'siad Coiste an Airgid a thóg cúram iomlán na páirce orthu féin an pháirc a thógáil agus an t-airgead a bhailiú. Sa mbliain 1976 shocraigh an Coiste cúirt liathróide láimhe a thógáil chomh maith le seomraí feistis. Sa mbliain 1980 d'oscail siad an chúirt liathróide láimhe go hoifigiúil. I 1982 rinneadh an pháirc a oscailt go hoifigiúil. Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl ar an bpáirc i 1981 agus arís i 1992. Sa mbliain 1986 bunaíodh coiste nua, Coiste Forbartha na Páirce. Bhí sé mar aidhm acu siúd na lochtanna a bhí ag an bpáirc agus an suíomh ar fad a réiteach amach, mar aon le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bpáirc. Sa mbliain 1986 cuireadh Scéim SES (FÁS) ar siúl den chéad uair.


Seo mar a chuaigh an obair ó shin i leith:

- ◆ Scéim 1986/87- Athrú agus seomraí nua feistis a thógáil ag an bpáirc.
- ◆ Scéim 1987/88 - Athchoiriú ar an bpáirc chomh maith le draenáil agus síol féir a chur sa bpáirc. Tosú ar bhal cloiche ar bhoithrín an Chnoic a thógáil freisin.
- ◆ Scéim 1988/89 - An balla cloiche le boithrín an Chnoic agus bóithrín Dhonnchú a chríochnú. Díon nua ar an gcúirt liathróide láimhe.
- ◆ Scéim 1989/1990 - Seastán nua agus balla cloiche síos bóithrín an Chnoic a chríochnú. Cheannaigh an coiste 3.5 acra de thalamh an pharóiste ar £5,000 chun páirc thraenála a thógáil.
- ◆ Scéim 1991/92 - Seomra Tráchtairachta a thógáil istigh sa seastán agus páirc bheag thraenála a thosú.
- ◆ Scéim 1993/94 - Balla blocanna timpeall na príomh páirce a thosú chomh maith le draenáil agus piopaí a chur timpeall ar an bpáirc bheag thraenála, agus an síol féir a chur síos.
- ◆ Scéim 1994/95 - An balla idir an dá pháirc a thógáil agus an t-ardán ag an bpáirc a phéinteáil. Caoi a chuir ar thimpeallacht Shéipéal an Chnoic.
- ◆ Scéim 1996/98 - Sconsa a thógáil taobh thiar agus ó thuaidh den pháirc. Seomraí feistis nua thógáil ar an taobh thiar den pháirc. Timpeallacht na na páirce a réiteach chun cuidiú le slacht na háite. Pláistéireacht a chur ar chúl an ardáin. An t-ardán a phéinteáil. Chomh maith leis sin bhí obair chothabhála le déanamh ar an bpáirc, ar Choláiste Lurgan, Tearmann Ainnín, agus ar Scoil Sailearna.
- ◆ Scéim 1999/00 - Draenáil agus fód nua a chur ar áiteacha ina raibh sé ag teastáil ar an bpáirc. Eangacha nua a chur ins na cúil. Obair chothabhála a dhéanamh ar an bpáirc. Obair chothabhála a dhéanamh ar na

seomraí feistis. Péinteáil agus glanadh. Stór nua a thógáil.

- ◆ Scéim 2000/2001 - An t-ardán a phéinteáil. Chomh maith leis sin bhí obair chothabhála le déanamh ar an bpáirc agus ar na seomraí feistis - péinteáil agus glanadh. Cisteannach a chur leis an bpinniúr. Draenáil agus fód nua a chur ar áiteacha ina raibh sé ag teastáil ar an bpáirc. Tógadh stór nua eile taobh thiar den pháirc. Suíochán a chuir leis an mballa taobh thoir den pháirc.
- ◆ Scéim 2001/2002 - Tarmac a chur leis an taobh ó dheas den pháirc. Líne nua leictreachais a chur ó na pinniúir atá ar an taobh thoir den pháirc go dtí an t-ardán atá ar an taobh thiar.

Beidh trinse agus piopaí le cur síos faoina chomhair seo agus réamhbair eile. Gaineamh a scaradh agus coras nua draenála a fhorbairt don pháirc. Tá sé i gceist roinnt suíochán a chur san ardán taobh thiar den pháirc. Tuilleadh suíochán a chur ar an genocán taobh thoir den pháirc. Tá maisiúchán agus caoi le cur ar an seomra craolacháin. Scéim bhóithre áise le cur ar fáil. Cabhair a chur ar fáil chun an pháirc nua atá ó dheas de Choláiste Cholm Cille a chríochnú. Obair chothabhála ar an dá pháirc agus an chúirt liathróide láimhe. Tá obair anseo do bheirt gach seachtain sa mbliain. Bíonn an féar le baint gach coicís i mí Márta, Aibreán, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair, chomh maith le gach seachtain i mí Bealtaine, Meitheamh, Iúil agus Lúnasa. Bíonn caoi le cur ar na fuinneoga agus na doirse agus iad a phéinteáil agus a ghlanadh agus bíonn na ballaí le péinteáil agus le glanadh. Bíonn fód nua le cur timpeall ar na cuaillí agus caoi le cur ar na heangacha cúil. Déantar é seo i mí na Samhna agus mí na Nollag. Bíonn leasú le cur amach i mí Márta agus Deireadh Fómhair. Tá sé i gceist againn deichniúr a fhostú don fhorbairt seo ar fad a dhéanamh timpeall ar shuíomh na páirce agus an cheantair. ■



*Crois atá ar uaigh Micheál Breathnach agus a dhaoine muinteartha.*



*Ó chlér:- Pádraic Sheáinín Ó Tuairisg, Eamonn DeValera, Nóra Mhicil Tada Nic an Iomaire, (deirfiúr le Micheál Breathnach as an Lochán Beag). Tógadh an pictiúr seo nuair a leagú Bháth-fhleasc ar uaigh Micheál Breathnach i mí na Nollag 1967.*

*An aithníonn sibh na daoine ar cúl ???*



*Cuairt an Aire Oideachais ar Sheanscoil Shailearna i 1948/'49.*

*Sa phictiúr tá Pádraig Ó Ciardha, An tAthair Eaton, Bean Kheane, Gan Aithne, An tAthair Ó Ruadháin, Stáit Sheirbhiseach ón Roinn Oideachais, Risteard Mulcahy, An tAire Oideachais, Miss Swords, Mrs King.*

*An aithníonn sibh aon duine do na gasúir????*



*Ó chlér:- Luke Hackett (Bleá Cliath), Tom Toot Ó Conghaile (Cor na Rón), Pat Thaidhg Ó Conaire (Cor na Rón), Cólín Toot Ó Conghaile (Cor na Rón).*



*Ar chúl ó chlér:- Maurice Kavanagh, Garda (Ceantar Indreabhán), Cól Phádraic Sheáin Bhairbre Ó Finneadha (Lochán Beag), Tom Pheadí Mac Diarmada (Lochán Beag), Sam Heery (Cnoc), Pádraic Phatch Tommy Ó Mogáin (Cor na Rón), Gan aithne. Ó chlér chun tosaigh:- Maidhc Mháirtín Eoinín Ó Neachtain (Cnoc), Gan aithne, Máitias Mhici Ó Coisdealbha (Cor na Rón).*

# Cumann Mhicheál Breathnach - Peil

Cóilín Ó Neachtain

**B**hí sé ráite i gcónaí go bhfillfeadh daoine ar na seanbhealaí tradisiúnta, ach níor cheap daoine **B**ariamh go dtarlódh sé chomh sciobtha sin i gceantar Chois Fharraige. B'amhlaidh a tharla anuraidh de bharr an méid corn a bhuaigh Cumann Mhicheál Breathnach agus an méid uaireanta a las daoine tine chnámh agus móna ag cur fáilte abhaile roimh na foirne buacacha agus iad ag tabhairt a n-aghaidh anoir nó soir bhóthar Chois Fharraige.

B'iontach an bhliain a bhí ag an gCumann ó thaobh na peile agus na hiomána de. Is iontach an praghas a gheobhfá ó aon gheallghlacadoir ar an sóisear A Mhicheál Breathnach ag tús bhliain an 2000. Dá ndéarfá leis go rachadh siad an bhliain ar fad gan aon chluiche a chailleadh sa gcomórtas craoibhe agus ins an tsraith i nGaillimh agus i gcomórtas áitiúil agus náisiúnta peile na Gaeltachta. Is fíor an ráiteas ó thaobh an Chumainn é "Mol an óige agus tiocfaidh sí". Bhí an méid sin fíor faoin bhfoireann seo faoi cheannas Phádraic Uí Chonaire agus a chuid roghnóirí. Ach ní hamháin go raibh na peileadóirí ag treabhadh an ghoirt don Chumann seo i mbliana mar go dtug na hiománaithe sárthaispeántas go deo i gContae na Gaillimhe agus go raibh an mí-ádh ceart orthusan i gcluiche leathcheannais an Chontae i sraith sóisearach C mar a bhfuair Baile Átha an ceann is fearr orthu i ndeireadh na dála.

Tá ardmholadh tuillte ag Gearóid Ó Fátharta faoin méid oibre a rinne sé leo. Tá an-obair á dhéanamh le blianta fada le hógánaigh an Chumainn ó thaobh na peile agus na hiománaíochta de agus tá a shliocht sin le feiceáil anois ó thaobh na peile de ar chuma ar bith.

Bhí an mí-ádh ceart ar mhionúir an Chumainn i mbliain an 2000 mar gur éirigh le foireann Mhaigh Cuilinn an ceann is fearr a fháil orthu i gcomórtas Chraobh an Iarthair ach tá moladh tuillte ag na buachaillí agus ag an mbainistíocht, ag Ciarán Breathnach agus Antaine Ó Loinsigh. I mbliana tá áit bainte amach ag an bhfoireann mionúir i gcluiche Ceannais Sraith B an Iarthair áit a gcasfaidh siad le Carna-Caiseal. Bhí an mí-ádh ceart orthu sa gcomórtas craoibhe i mbliana áit ar fhág

siad slán aige sa gcéad babhta i gcoinne Leitir Móir, leis an scór 1.9 in aghaidh 0.0. An chuid is fearr den imirt ag buachaillí Chois Fharraige an oíche sin, agus an mí-ádh orthu nach ndeachaigh siad níos faide ann. Ach cá bhfios, níl Comórtas an Iarthair thart fós agus tá moladh mór tuillte ag an mbainistíocht i mbliana, sin iad Ciarán Breathnach agus Antaine Ó Loinsigh agus do na roghnóirí, Dómnall Ó Curraoin agus Daithí Beaglaich. Níl aon dabht faoi ach gurbh iad foirne peile A agus C an Chumainn a bhí mar ambasadóirí do Mhicheál Breathnach i mbliain an 2000. Iad ag buachan Comórtas Peile na Gaeltachta Chonamara le bua easca ar na Píarsaigh. Lean slua mór iad go Maigh Eo go Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta ar an deireadh seachtaine 2.- 6 Meitheamh, áit ar éirigh leo an bua a fháil ar an Roinn Dún Dearg agus na Cluichí Ceannais i gcoinne Tuar Mhic Éadaigh ar an Luan, 5 Meitheamh. B'éacht fhéin é seo mar gur san ngrád idirmheánach a imríonn Tuar Mhic Éadaigh, Maigh Eo. Ach lá stairiúil chomh maith é mar gurbh iad an chéad fhoireann sóisear i gConnachta ar éirigh leo an comórtas a bhuanachan faoi dhó. B'iontach an radharc a bhí le feiceáil ar bhóthar Chois Fharraige ón Spidéal go Ros a Mhíl an oíche sin, áit a raibh na sluaite bailithe ag na tinte cnámh ar na bailte éagsula. B'údar bród agus misnigh é seo don fhoireann agus don Chumann. Ba dheacair a chreidiúint gur thóg sé cuid mhaith de dhá uair an chloig ar an mbus agus an lucht leanta an turas a dhéanamh ó Ros a Mhíl go dtí an Spidéal.

Cé go raibh aithne mhaith ag muintir Chois Fharraige ar mhuintir Chinn Mhara fadó agus iad ag trádáil mhóna leo, ní minic a chas siad ar a chéile i gcúrsaí peile. Ach b'amhlaidh a tharla i

mí Dheireadh Fómhair i mbliain an 2000 i Maigh Cuilinn, nuair a thug fíor Chois Fharraige an bua leo le 1.11 in aghaidh 0.11. Ba dheacair a chreidiúint gurbh é seo an dara corn a bhí ag teacht go dtí an ceantar, mar an oíche roimhe sin gur thug foireann sóisear C an bua leo i gcoinne Uachtar Ard ar Pháirc Bhearna.

Facthas ceann do na sluaite ba mhó ariamh as an gceantar ag freastal ar Chluiche Ceannais an Chontae ar an 15 Deireadh Fómhair i mbliain an 2000, áit ar thug foireann Mhicheál Breathnach sárthaispeántas peile i gcoinne Réalta Thuama. Thug siad an Corn nach raibh sa gCumann ó 1954 ar ais abhaile leo. Bhí leaids Chois Fharraige pointe ar gcúl ag leath ama. Réalta Thuama le cúl agus cheithre chúilín acu agus cúl agus trí chúilín ag Mhicheál Breathnach. Cúl bhuachaillí Chois Fharraige ag teacht ó fhear Chor na Rón, Pádraic Ó Márta. Ba é Vinnie Ó Cartúin a d'aimsigh an eangach do mhuintir Réalta Thuama. Bhí sárthaispeántas ó bhuachaillí Chois Fharraige sa dara leath, cheithre chúilín á aimsiú ag Pádraic Ó Gríofa agus trí cinn ó Dhómnall Ó Curraoin, ceann ó Filip Ó Coisdealbha, Pádraic Ó Márta, Pádraic Mac Eochagáin agus Donnachadha Ó Conghaile. Bhí craobh Sóisear A an Chondae buaite ag an bhfoireann den chéad uair le 46 bliain. Cuireadh fáilte mhór abhaile an oíche sin roimh an bhfoireann agus tús á chur leis an gceiliúradh mór. Toradh 3 bliana oibre tagtha chun críche do Phádraic Ó Conaire, Seán Ó Loideáin, Mhicheál Ó Gríofa, Pádraic Mac Eochagáin, Cóilín Ó Finneadha agus Manus Ó Conghaile. Bhí an mí-ádh ceart ar an bhfoireann Sóisear C i gcluiche ceannais Craobh an Chondae i gCora Finne, áit ar chríochnaigh siad



Panéil imreoirí agus roghnóirí Mhicheál Breathnach do 2001. In easnamh tá Dónall Ó Curraoin agus Aodán Ó Fátharta.

## Cumann Mhicheál Breathnach ....

ar comhscór an chéad lá le Muine Mheá - An Mainistir. An t-ádh dearg ar Muine Mheá - an Mainistir gur stop an trasnán cic saoir ag deireadh an chluiche. Cé gur chríochnaigh siad ar comhscór an lá sin, d'éirigh le Muine Mheá - An Mainistir an ceann is fearr a fháil sa gcluiche athimeartha i gCathair Lios Tráin. Bhí an mí-ádh dearg ar an bhfoireann seo i gcoinne Naomh Mhicheál sn ngrád Sóisear C i gcluiche Ceannais an Iarthair ar an bPáirc thiar i nGaillimh anuraidh mar gur thug Naomh Mhicheál na cosa leo ar éigean. Cé nár éirigh le Mhicheál Breathnach sa ngrád seo, níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil an fhoireann óg seo ag treisiú agus ag dul i bhfeabhas de réir mar atá siad ag imirt i ngrád sóisear B sa gCondae i mbliana. Ba ar pháirc Chathair Lios Tráin trí seachtaine i ndiadh an chluiche sóisear C sin a bheith imrithe a chríochnaigh Comórtas faoi bhliain agus fiche 1999 B an Chondae, áit ar chas Mhicheál Breathnach agus an Creagán - Maigh Locha le chéile. Beirt imreoirí Condae ag an gCreagán, Seosamh Ó Bergin agus Dara Ó Briain seachtar den fhoireann a d'mir sa ngrád sinsear leis an gCumann. Ach níor chaill fearr a mhisnigh ariamh é, agus b'amhlaidh a bhí d'fhoireann Mhicheál Breathnach. Ceann de na taispeántais ab fhearr ó thaobh croí agus spioraid de a facthas ón gCumann le fada an lá. Ba bheag a bhí idir na foirne, fíor chúilín Mhicheál Breathnach agus a gcúl báire ag cosaint go díograsach agus a gcuid tosaithe ag tapú a gcuid seansanna agus a gcuid á dtógáil acu. Bhí dhá phointe idir na foirne ag leath ama, dhá chúilín le spáráil ag foireann an Achreidh ach ba é a mhalairt de scéal a bhí ann nuair a shéid an réiteoir an fheadóg dheireanach, mar go raibh an pointe deirean-

nach a d'aimsigh Dómnall Ó Curraoin le spáráil ag fíor Chois Fharraige. Aon chúilín déag do Mhicheál Breathnach agus deich gcúilín ag an gCreagán Maigh -Locha. Cheapfa anois go raibh scíth tuillte ag na foirne peile ach ní hamhlaidh a bhí, mar go ndeachaigh siad chun páirce i Mí na Nollag i gcoinne an Ceathrún Rua i gCluiche Ceannais sraith an Iarthair. Cé go raibh Mhicheál Breathnach go mór chun cinn ar an gCeathrún Rua ag leath ama, ba bheag nár thug an Cheathrún Rua an lá leo sa deireadh i gcluiche a chríochnaigh ar comhscór ar Pháirc Mhicheál Breathnach.

Ins an gcluiche athimeartha ar 16 Nollaig bhí bua éasca ag buachaillí Chois Fharraige. Cúil á n-aimsiú sa gcluiche sin ag Dómnall Ó Curraoin agus Pádraic Ó Gríofa. Ba é seo a chuir an sméar mullaigh ar an mbliain iontach a bhí ag an gCumann, áit ar bhuaigh siad dhá Chraobh Condae agus Comórtas Shóisear Chluiche Chonnacht, trí cinn de chluichí ceannais an Iarthair. Bronnadh gradam 'imreoir sóisear na bliana' ar Dhómnall Ó Curraoin, ach ní raibh deireadh leis an bhféasta peile fós mar gur go luath i Mí Eanáir cuireadh tús le Corn Sóisear Chluiche Chonnacht. Thug buachaillí na Gaillimhe, seaimpíní sóisear an Chondae aghaidh ar Mhaigh Eo, áit ar chas siad le Cill Alla. Cé nár éirigh le buachaillí na Gaillimhe an lá sin, thaispeáin siad fíorspiorad. Ní raibh dabht ar bith faoi ar an lá, ach go raibh féasta na Nollag le tabhairt faoi deara ar chuid den imirt a bhí ar siúl ag buachaillí Chois Fharraige. Níor mhian ar bith é mar sin gur bhuaigh Cill Alla an cluiche sin le cúl agus naoi gcúilín agus seacht gcúilín ag Mhicheál Breathnach. Ba ag baile a bhí an chéad chluiche eile sa gcomórtas seo acu i gcoinne Phádraic Mhic Piarais

as Ros Comáin. Fir an-óg scafánta a bhí iontu seo agus coimhlint ghearr idir an dá fhoireann. Ach má bhí fhéin, d'éirigh le buachaillí Chois Fharraige an ceann is fearr a fháil orthu. D'éirigh le Mhicheál Breathnach ansin an áit a bhaint amach i gcluiche ceannais i gCorn Sóisear Chluiche Chonnacht mar go bhfuair siad bua don choimhlint ar Ghort Leitreach agus ar Naomh Muire.

Ba ar fhoireann Phádraic Mac Piarais a chas siad ar l'Aibreán, agus slua mór de mhuintir Chois Fharraige in éineacht leo chomh fada le Páirc de hIde. Ba é Filip Ó Coisdealbha a d'aimsigh an chéad chúilín do bhuachaillí Chois Fharraige. Go gairid ina dhiaidh sin bhí an mí-ádh ceart ar Dhómnall Ó Curraoin nár chomhair an cúl a bhí sé i gcúl na heangaí ach da mba sna seascaidí a bheadh sé ag imirt níl dabht ar bith ach go gcomhródh sé sin. Thaispeáin Pádraic Ó Márta sármhianach peile nuair a d'aimsigh sé sin cúilín gleoite ó lár na páirce. Bhí tréimhse mhaith againn ansin sa gcéad leath nach raibh aon scór. Bhí cúlaith Mhicheál Breathnach, Máirtín Ó Biadh agus Stiofán Ó Coisdealbha ag déanamh sárobair agus iad ag imirt in aghaidh na gaoithe. Bhí piosa deas imeartha ansin ó bhuachaillí Phádraic Mac Piarais agus an t-ádh dearg ar fíor Chois Fharraige nár éirigh le Mhicheál Mac Loinn cúl a fháil do bhuachaillí Ros Comáin. D'éirigh le Liam Ó Fátharta an chéad chúilín eile a aimsiú ansin do Mhicheál Breathnach tar éis piosa deas imeartha. Bhí an-imirt ag dul ó cheann ceann na páirce ansin agus an slua ag gríosadh foireann Mhicheál Breathnach. Bhí buachaillí Phádraic Mac Piarais á fháil an-deachair scór a aimsiú mar go raibh leithidí Sheáin Mac Eochagáin, Mhártaín Ó Conghaile agus Mhártaín Uí Fátharta

**Cumann Mhicheál Breathnach ....**

ag déanamh sár chosaint go deo. D'éirigh le himreoirí sóisir Chondae na Gaillimhe na bliana 2000, Dómhnaill Ó Curraoin, cúilín eile a aimsiú d'fhir Chois Fharraige, ach ba ghearr a bhí foireann na Gaillimhe chun cinn mar sa gcúig nóimead deiridh den chéad leath, bhí fir Ros Comáin in uachtar agus d'aimsigh siad cúilíní ar a chéile agus bhí cúilín le spárail ag Pádraig Mac Piarais ag leath ama. Cibé céard a dúirt bainisteoir na foirne le Mícheál Breathnach ag leath ama, chonaic muid sárthaispeántas peile ón bhfoireann sa dara leath. Dhá nóimead a bhí caite nuair a bhí cúilín aimsithe ag Pádraic Ó Gríofa agus ag Filip Ó Coisdealbha. Bhí an mí-ádh ceart ar an gCoisdealbhach go gairid ina dhiadh sin nuair a rinne Al Mac Gloinn sárshábhailt air, ach d'éirigh le Tadhg Mór Ó Curraoin lámh a chur leis an liathróid agus i a bhá san eangach. Bhí ceannas ceann anois ag fir Chois Fharraige, sárpheil á imirt acu agus é sin le feiceál ar chlár an scóir. D'aimsigh Ó Márta cúilín eile, peire cúilíní ó Phádraic Ó Gríofa agus ceann eile ó Thadhg Ó Curraoin agus ó Liam Ó Fátharta. Cé go raibh coimhlint mhaith as sin go dtí deireadh an chluiche, chuir Donnachadha Ó Conghaile deireadh leis an gcoimhlint a bhí ann nuair a d'aimsigh seisean an cúilín deireanach do Mhicheál Breathnach, rud a d'fhág 1.14 ag Mícheál Breathnach agus 1.8 ag Pádraic Mac Piarais, ach ní ba thábhachtaí ná sin, b'iad Mícheál Breathnach an chead Chumann i gCondae na

Gaillimhe a thug Corn Sóisir Chúige Chonnacht abhaile leo ó cuireadh tús leis an gComórtas seo. Is i ngrád idimheánach mar sin atá Mícheál Breathnach ag imirt i nGaillimh i mbliana agus tá ag éirí go maith leo ansin go dtí seo. As na sé chluiche atá imrithe acu tá cúig cinn buaite acu agus chríochnaigh siad ar comhscór i gceann amháin. Tá foireann sóisir B agus C ag treabadh an ghoirt go maith freisin, an óige ag teacht chun cinn go mór ó thaobh na peile sa dá fhoireann seo. Tá an fhoireann sóisir á bhunú i ngrád níos airde i mbliana agus cé nach raibh ag éirí rómhaith leo ag tús an tséasúir de réir a chéile, tá siad ag fáil cleachtach air agus ag dul i dtaithe foirne i bhfad níos fearr ná a bhí siad anuraidh.

Caithfear comhghairdeachas a dhéanamh, dar ndóigh le foireann galf an Chumainn. Iar Imreoirí agus imreoirí atá ann faoi láthair atá ar an bhfoireann seo. D'éirigh thar barr leo i gComórtas na gClubanna i gConnacht agus anois beidh siad ag déanamh ionadaíochta ar son Chúige Chonnacht agus ar son Mhicheál Breathnach ag an gComórtas Náisiúnta a bheas ar siúl i bPort Láirge. Míle buíochas leo siúd: sin Mícheál Tim Ó Conghaile, Donnachadha Ó Conghaile, le Pádraic Ó Maoileoin, le Cóil Ó Finneadha agus le Peadar Ó Finneadha agus le Máirtín Carr. Go n'éirí an t-ádh libh agus go dtabharfadh sibh abhaile Comórtas FBD agus Ireland on Sunday.

Bheadh sé deacair cumann mar seo a rith

marach tacaíocht an phobail. Tá buíochas mór tuillte acusan i mbliana. Iad siúd a cheannaíonn loto agus iad siúd a bhíonn ag tabhairt tacaíochta do na foirne éagsula a bhíonn ag imirt ar na páirceanna. Tá buíochas mór tuillte ag príomh-urraithe na bliana seo caite: Peadar Ó Finneadha, ag na tithe tabhairne: Tír na nÓg, an Poitín Stil agus Tigh Chualáin, le Siopa an Phobail le Máirtín Grealish, agus le Cló Iar-Chonnachta. Murach a gcabhair siúd i rith na bliana ba dheacair foirne a chuir chun páirce.

I mbliana siad GC Leictreach atá mar phríomh-urraithe ag an bhfoireann idir-mheánach agus ag na sóisir. Buíochas mór tuillte acusan as a gcabhair i rith na mblianta agus tá buíochas freisin tuillte ag Socos Teo., atá mar mar phríomh-urraithe ar fhoireann mionúir an Chumainn. Buíochas leo siúd a bhíonn i mbun an loto chuile sheachtain agus le Mairéad agus Seán Ó Foighil ó Shíopa an Phobail a chuireann dearbhán £50 ar fáil don loto chuile sheachtain, agus iad siúd a bhíonn ag obair go dian ar son an Chumainn. Murach a lámh siúd agus lámh daoine eile, is beag seans a bheadh ag an gCumann seo a bheith i gComórtas le foirne móra eile sa gCondae, ach níl dabht faoi ná gur gearr go mbeidh muid fhéin ar cheann do na foirne is mó a bheas cáil agus cliú orthu istigh sa gCondae seo.

## Cumann Mícheál Breathnach

### Iománaíocht

Brian Ó Cuív



Cumann Mícheál Breathnach - Iománaíocht - Foireann Faoi 13

**Line tosaigh ó chlé:** Eoin Ó Coisdealbha, Séamus Ó Conghaile, Pádraig Ó Dubhghaill, Oisín Ó Ceallaigh, Aonghus Ó Cadhain, Rónán Ó Cadhain, Seán Denvir, Cian Ó Gríofa. **Ar chúil:-** Gearóid Ó Fátharta (Traenálaí), Siobhán Ní Mhaoileoin, Eoghainín Ó hAinmhíre, Seán Ó Donnacha, Diarmaid Ó Ceallaigh, Cian Mac Giolla Bhríde, Antoine Ó Finneadha, Seán Ó Finneadha, Carthach Breathnach, Tomás Ó Ceallaigh (Traenálaí).

Go dtí na hochtóidí ní raibh traidisiún iománaíochta i gCumann Mícheál Breathnach, cé gur imir roinnt mhaith ón bparóiste le Cumann an Spidéil thar na blianta. Thart ar an am céanna a ghnóthaigh Paróiste an Chnoic Trófaí Ghlór na nGael sna hochtóidí a bunaíodh foirne iomána faoi aois agus fásta i gCumann Mícheál Breathnach. Lean an obair leis na foirne ar aghaidh go ciúin réidh agus faoi dheireadh tháinig toradh ar an obair: bhí pictiúr in Biseach, Nollaig 1998, den chéad fhoireann ariamh a ghnóthaigh comórtas iománaíochta do Chumann Mícheál Breathnach - foireann faoi 12, i gComórtas C, Sraith Chathair na Gaillimhe, a fuair an ceann is fearr ar Rathún/An Caisleán Nua an bhliain sin.

Tá Sraith na Cathrach faoi 13 C, 1999 agus Craobh an Chontae faoi 14 C Speisialta, 2000 buaite ag an bhfoireann chéanna ó shin. Ba bhliain ar leith i 2000, idir pheil agus iománaíocht, agus ní raibh foirne eile iomána an Chumainn díomhaoin ar chor ar bith. Bhí an bua ag an bhfoireann faoi 15 i Sraith na Cathrach B agus ag an bhfoireann faoi 10 i gcomórtas speisialta sa bhfómhar do Sciath Bhearna/Na bhForbacha. Idir an dá linn bhain an fhoireann faoi 13 áit amach i gcluiche ceannais C, Sraith na Cathrach, agus chríochnaigh siad féin agus foireann an Spidéil ar comhscór. Is i mí na Samhna seo caite a imríodh é sin, agus b'éigean an athimirt a chur siar ó shin mar gheall ar an aimsir, an galar crúibe agus béil, agus comórtais eile a imríodh ó shin. Tá súil againn go n-athimreofar an cluiche ceannais faoin am a bhfoilseofar *Biseach*.

Mar gheall ar an dul chun cinn mór socraíodh i mbliana cuid de na foirne a chur i ngrád níos airde, agus cé nach bhfuil súil leis an oiread céanna craobhacha a ghnóthachtáil go ceann tamaill eile, níl amhras ar bith ach go bhfuil caighdeán na himeartha ag feabhsú go mór. Rognaíodh Peadar Ó Cionnaith ar fhoireann faoi 14 an Chontae sa pheil agus san iománaíocht

sa mbliain 2000, agus bhí Dónall Ó Héalaí ar phainéal iomána faoi 14 an Chontae i 2001. Agus níl deireadh fós leis na héachtaí: ghnóthaigh foireann faoi 12 na bliana 2001 Sciath faoi 12 C, Sraith na Cathrach, agus chuaigh siad chomh fada le cluiche leathcheannais an Chontae agus iad ag imirt i ngrád níos airde ná aon bhliain roimhe seo.

Cé go raibh bliain nó dhó ón tús nach raibh foireann sóisear (fásta) againn, tá sé sin ina cheart aríst. Athbhunaíodh an fhoireann sin i 2000 agus chuaigh siad seo chomh fada le cluiche leathcheannais i gComórtas C Speisialta an Chontae ina gcéad iarracht. Bhí mí-ádh orth an cluiche sin a chailleadh.

Tá foreann faoi 16 againn i mbliana, den chéad uair ó 1995, agus tá na himreoirí faoi aois a thosaigh ina ngasúir óga leis an gCumann ag teacht ar aghaidh de réir a chéile lena n-áit a thógáil ar an bhfoireann sóisear. Tá os cionn 60 imreoir faoi aois ag imirt leis an gCumann anois agus idir 20 agus 30 leis an bhfoireann sóisear. Tá cúrsaí ag dul ó neart go neart agus níl aon amhras a thuilleadh ach go bhfuil an iománaíocht fréamhaithe go láidir sa gCumann.



Cumann Mícheál Breathnach - Iománaíocht - Foireann Faoi 10

**Line tosaigh ó chlé:** Fiach Ó Béarra, Máirtín Ó Curraoin, Stiofán Ó Céidigh, Éinne Ó Conghaile, Diarmaid Ó Finneadha, Peadar Ó Gríofa, Seán Ó Finneadha, Keith Ó Donnacha, Gearóid Ó Finneadha.

**Ar chúil:** Tomás Ó Ceallaigh (Traenálaí), Máirtín Ó Ceallaigh, Breandán Ó Conghaile, Fiontán Ó Curraoin, Colm Ó Cuív, Gearóid Ó Conghaile, Iaos Howlin, Leon Mac Lochlainn, Tomás Ó Riada, Kevin Óg Ó Conghaile, Sathbh Ní Cheallaigh, Gearóid Ó Fátharta (Traenálaí)



Cumann Mícheál Breathnach - Iománaíocht - Foireann Faoi 15

**Line tosaigh ó chlé:-** Eoghainín Ó hAinmhíre, Pádraic Mac Giolla Bhríde, Éanna Ó Conghaile, Pádraig Ó Gallchoir, Aonghus Ó Cadhain, Seán Ó Donnacha, Séamus Ó Conghaile, Seán Ó Ceallaigh, Éanna Ó Tuathail, Peadar Ó Cionnaith.

**Ar chúil:-** Gearóid Ó Fátharta (Traenálaí), Diarmuid Ó Cuív, Eoin Ó Coistealbha, Frainc Denvir, Mícheál Ó Súilleabháin, Dónall Ó Héalaí, Jack Mac Giolla Bhríde, Diarmaid Ó Tuairisg, Eoghan Ó Conghaile, Séamus Ó Coinceanainn, Brian Ó Cuív (Traenálaí)

# Trí Cinn as a Chéile!

Máire Treasa Ní Dhubhghaill

**T**á foireann peile na Gaillimhe i mbéal an phobail ó bhuaigh siad Corn Mhig Uidhir i 1998. Chuir an sárthaispeántas a thug siad an lá stairiúil sin gliondar croí, ní hamháin ar lucht leanúna na mbuaiteoirí, ach ar mhuintir na hÉireann fré chéile. Ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh, ach oiread, ar na foirne cumasacha a rinne gaisce blianta roimhe sin, agus go háirithe na peileadóirí stuama a rinne éacht nuair a d'ardaigh siad leo an Corn trí huair as a chéile sna blianta 1964, '65 agus '66.

Bhuail peileadóirí Bhaile Átha Cliath fir an Iarthair sa gcluiche ceannais i 1963 leis an scór 1-9 in aghaidh 10 gcúilín. Dúirt an t-eagrán seachtaintiúil *Gaelic Weekly* go n-éireodh le foireann seo na Gaillimhe Craobh Chomórtas na hÉireann a bhuachan. Drochsheans gur shíl an t-údar sin go raibh sé ag faisnéis ré órga na Gaillimhe sa bpeil.

Casadh an dá fhoireann ar a chéile sa tSraith Náisiúnta i 1964 agus fuair Gaillimh an lámh in uachtar. Ach, faraor, chaill siad in aghaidh Uíbh Fhailí sa gcluiche ceannais, leis an scór 0-6 in aghaidh 1-2.

Ach bhí foireann seo na Gaillimhe ag feabhsú agus nuair a chas Co. an Dúin orthu i dTurnaimint Charraig na Sionnsa bhuaigh Gaillimh go héasca. Ag deireadh seachtaine na Cincise d'imir fir an Iarthair in aghaidh Bhaile Átha Cliath i Staidiam Wembley agus tar éis an-choimhlínt thug Gaillimh an bua leo. Bhí ainm Johnny Geraghty, cúl báire na Gaillimhe, i mbéal an phobail ina dhiaidh sin mar gheall ar an sárthaispeántas a thug sé.

Bhí Gaillimh in aghaidh Shligigh sa gcéad bhabhta den chomórtas i bPáirc Markievicz, Sligeach. Bhí na páipéir agus lucht leanta Shligigh chomh maith le Gaillimh, ag súil go mbeadh an bua ag Gaillimh. Bhí siad chun cinn ag leathama:

1-9 acu agus 0-3 ag Sligeach. Ach tháinig Sligeach ar ais leis an imreoir cumasach Mickey Kearns. Ní raibh Gaillimh amuigh as an gcluiche fós mar bhí Mattie Mc Donagh acu. Scóráil sé sárchúl a chinntigh an bua do Ghaillimh 2-12 in aghaidh 1-12. Bhí Cyril Dunne mar dhuine de na himreoirí ab bhfearr an lá sin, ag scoráil ocht bpointe (cúig cinn ó shaorchiceanna). Tar éis dóibh ealú as

an gcruachás sin, bhí intinn na n-imreoirí dírithe níos mó ná ariamh ar Chorn Mhig Uidhir a bhaint amach. Bhí Gaillimh réidh le Maigh Eo a imirt i gCluiche Ceannais Chonnacht i dTuaim. Bhí John Donnellan agus Mattie McDonagh i lár páirce agus bhí an bua ag Gaillimh le 2-12 in aghaidh 1-5.

Bhí cluiche an-chrua acu in aghaidh Chontae na na Mí i gCluiche Leathcheannais na hÉireann, ach d'aimsigh an sárlaoch sin, Mattie McDonagh, cúl roimh leathama, a chuir Gaillimh chun cinn. Thug an bheirt fhathach sin, Enda Colleran agus Noel Tierney, antaispeántas sna cúil do Ghaillimh. Ag tarraingt ar dheireadh an chluiche sin bhí an dá fhoireann ar comhscór agus ghnóthaigh Gaillimh saorchic ar an líne leathchéad slat. Bhí an slua mór chomh ciúin sin go gcloisféa biorán ag titim. Suas le Mick Reynolds agus thiomáin sé an liathróid díreach idir na cuailí lena chiotóg chruinn. Fuair Gaillimh cúilín eile agus chríochnaigh siad buacach leis an scór 1-8 in aghaidh 0-9.

Ar an Domhnach deireanach de Mhéan Fómhair 1964, bhí Páirc an Chrócaigh plódaithe le muintir na Gaillimhe a bhí tagtha aniar chuig an staidiam stairiúil le díoltas a bhaint amach as an mbua a bhí ag Ciarraí orthu an bhliain roimhe sin. Bhí fíir na Gaillimhe chun cinn ag leathama leis an scór 0-7 in aghaidh 0-3. Sa dara leath bhí Ciarraí ar an ionsaí go seasta. Bhuail J.J. Barrett urchar de liathróid i dreo na heangaí, ach léim Johnny Geraghty ar nós an chait agus chuir an liathróid uaidh le haghaidh cic saor caoga slat. I ngeall ar an sábháil iontach sin agus imirt ghasta na bhfear lár páirce, thug Gaillimh an Corn leo. I gComórtas na Sraithe Náisiúnta '65-'66, bhí an-choimhlínt idir na foirne ar fad

mar bhí an cluiche ceannais le himirt i Meiriceá. Bhuail Gaillimh Baile Átha Cliath agus Co. na Mí ar a mbealach chuig an gCluiche Ceannais 'Baile', áit a raibh Ciarraí ag fanacht leo arís (sna blianta sin ghlac Nua Eabhrac páirt sa tSraith Náisiúnta Peile agus d'imrití an Cluiche Ceannais i Meiriceá gach dara bliain).

Bhí an-fhéachaint idir Gaillimh agus Ciarraí. Ní raibh ach cúpla nóiméad fágtha sa gcluiche agus fir na Ríochta cúilín chun tosaigh, nuair a d'aimsigh an sárpheileadóir meabhrach, Mattie McDonagh ón mBaile Gearr, an liathróid i lár na páirce. Phreab sé ar an talamh í agus sheol sé pas cruinn chuig Séamus Leydon. D'imigh Séamus leis ar ruathar aonair i dtreo chuaillí na gCiarraíoch agus bháigh sé an liathróid san eangach. Bhí craobh eile bainte amach ag Gaillimh agus turas in aisce go Meiriceá. Bhí dhá chluiche i gceist don Chluiche Ceannais agus chaill Gaillimh an chéad cheann acu. Ach sa dara cluiche bhuail siad Nua Eabhrac go héasca le cabhair ó Enda Colleran.

Nuair a tháinig na curaidh ar ais go hÉirinn fuair siad cluiche saor i gConnachta agus d'imigh siad díreach isteach sa gCluiche Ceannais in aghaidh Shligigh. D'imir fir Shligigh an-pheil sa gcéad leath agus bhí siad chun tosaigh ag leathama 2-3 in aghaidh 1-2. Murach an chaoi ar imir John Donnellan agus Mattie McDonagh, bheadh an bhearna i bhfad níos mó. Tháinig beagán feabhais ar pheil na Gaillimhe sa dara leath agus bhí an t-ádh orthu an lá sin go raibh an bua acu (1-12 in aghaidh 2-6).

I gCluiche Leathcheannais na hÉireann casadh Contae an Dúin ar Ghaillimh. Arís bhí an-chosúlacht ar an scéal nach n-éireodh le muintir an Iarthair, iad

*Trí Cinn as a Chéile!...*

chun deiridh ag leathama le cúilín amháin. Ceaptar gur chaill an Dún an cluiche sa gcéad cheathrú huair den dara leath. Bhí siad i seilbh na liathróide

ar feadh an achair, ach chinn orthu mórán dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár scórála, a bhuíochas sin do chaptaen na Gaillimhe, Enda Colleran, a d'imir thar barr ar fad agus, ar ndóigh, Cyril Dunne, a fuair ceithre chúilín iontach sna nóiméid dheireanacha a chinntigh an bua do Ghaillimh. Bhí sé mar aidhm acu ansin aithris a dhéanamh ar mhuintir Ros Comáin agus ar mhuintir Mhaigh Eo, ar éirigh leo Corn Mhig Uidhir a bhaint amach dhá uair as a chéile. Ach bhí Ciarraí sa gCraobhchluiche agus cuimhne na bliana 1964 ina n-intinn acu. Ní raibh siad ag iarraidh go mbeadh sé le rá gur cháill siad dhá Chluiche Ceannais in aghaidh na Gaillimhe. Ach rinne Gaillimh an t-éacht arís i mí Mhéan Fómhair '65 leis an scór 0-12 in aghaidh 0-9. Faraor, ní cluiche an-mhaith a bhí ann ó thaobh na peile de. Bhí an imirt salach, garbh agus b'éigean don réiteoir, Mick Loftus, triúr de na himreoirí a dhíbirt den pháirc. Sna nóiméid dheireanacha arís fuair Gaillimh an lámh in uachtar, cé go raibh Ciarraí ag imirt go tréan nó gur séideadh an fhéadóg deiridh. Ba é Máirtín Newell laoch an chluiche do mhuintir na Gaillimhe an lá sin. Má bhí an t-ádh ar Ghaillimh in aghaidh Shligigh agus an Dúin, ní ádh a bhuaigh dóibh é an lá sin, ach scil agus sprid.

Ní raibh an fhoireann chaithréimeach ach thiar sa mbaile, nuair a thosaigh a lucht leanúna ag caint faoin 'tríú ceann'! Cé nach raibh aon turas go Meiriceá i gcomórtas na Sraithe i 1965-'66, thug Gaillimh faoin gcomórtas le díocas. Shroich siad an Cluiche Ceannais 'Baile' an bhliain sin ach fuair Longfort an ceann is fearr orthu leis an scór 0-9 in aghaidh 0-8. Mhol Paddy Downey, ón *Irish Times*, muintir na Gaillimhe as an gcaoi spóirtiúil ar ghlac siad leis an toradh. Scríobh sé i ndiaidh an chluiche sin agus bhí an méid seo le rá aige: *"I commend Galway on their sporty acceptance of defeat. They gave up their title with all the good grace and gallantry which have been the hallmarks of their great run of tri-*

*umphs since 1963"* Thóg Gaillimh scith ón traenáil ar feadh tréimhse, go deimhin bhí sé tuillte go maith acu. Casadh ar Ros Comáin iad i gCluiche Leathcheannais Chonnacht i gCaisleán an Bharraigh. D'oscail an t-aer ag am lóin agus bhí an pháirc báite ag tús an chluiche. Níor fheil sé sin stíl imeartha na Gaillimhe, ach ní raibh ach dhá phointe idir na foirne ag leathama: 1-6 in aghaidh 1-4 i bhfabhar na Gaillimhe. Chuir Ros Comáin an-tús leis an dara leath agus murach an cúlaí, Bosco McDermot, a rinne sábháil iontach, bheadh cúl aimsithe acu. Chuir John Donnellan cúilín gleoite, ón líne 50 slat thar thrasnán Ros Comáin agus bhí Gaillimh in uachtar as sin go deireadh an chluiche.

Mhol 'J.P.B.' ón *Tuam Herald*, an triúr as an Dún Mór, John Donnellan, a dheartháir Pat agus John Kennan. Ag scríobh faoi Phat dúirt sé: *'The wet ball and the greasy pitch made no difference to him, and with boundless energy he came out on top over three different opponents, to leave Roscommon totally beaten at midfield'*. I gCluiche Ceannais na bliana sin (1966) thug foireann mhaith ó Mhaigh Eo faoi churaidh na hÉireann i gCaisleán an Bharraigh. Bhí cúlaíthe Mhaigh Eo dochloíte sa gcéad leath den chluiche. Bhí an chuma ar Ghaillimh go raibh siad tuirseach traochta. Ag staid amháin den chluiche bhí Mhaigh Eo cúig chúilín chun tosaigh! Tharraing Gaillimh cothrom leo agus chuaigh siad féin cúilín chun cinn sa nóiméad deireanach. Ar ais le Co. Mhaigh Eo agus ghnóthaigh Joe Corcoran cúilín gleoite a chothramaigh na foirne. Shíl formhór an lucht leanúna go mbeadh athimirt ann, ach i bpreab na súl bhí cúilín an bhua aimsithe a Liam Sammon na Gaillimhe.

Lá arna mhárach bhí na nuachtáin ar fad ag rá go raibh an t-ádh ar Ghaillimh arís. Chas Corcaigh orthu sa gcluiche leathcheannais agus arís bhí an choimhlínt an-chothrom go deo ach bhí an bua ag Gaillimh sa deireadh leis an scór 1-11 in aghaidh 1-9. Nuair a chuaigh Gaillimh cúig chúilín chun cinn sa dara leath, cheap gach duine go mbeadh an bua ag Gaillimh go héasca, ach bhí fíir Chorcaí go maith sa gcluiche fós. Scóráil muintir an deiscirt cúl bog agus

bheadh dhá chúl acu murach Johnny Geraghty, an sár chúl báire, a rinne an-sábháil. Nuair a fuair Eric Philpot pointe ní raibh ach scór amháin idir na foirne. Nuair a thóg Billy Morgan an chic amach, d'éirigh le Cyril Dunne go hard san aer; rug sé ar an liathróid agus chuir ag eitilt i thar an trasnán. Shéid an réiteoir an fheadóg agus bhí áit bainte amach ag Gaillimh i gcluiche ceannais uile Éireann don cheathrú huair ó 1941.

Bhí Gaillimh in aghaidh Co. na Mí sa gCluiche Ceannais. Nuair a bhí na himreoirí ag máirseáil timpeall na páirce, bhí siad lán d'fhuinneamh agus díograis agus nuair a caitheadh isteach an liathróid thaispeáin siad an sprid sin. Tar éis 21 nóiméad bhí Gaillimh ag buachan 1-4 in aghaidh tada. Bhí gach duine ar an bhfoireann ag imirt ar fheabhas ó Johnny Geraghty go John Keenan. Ba 1-6 in aghaidh 0-1 ar bhí ar an gclár scórála ag leathama, i bhfabhar na Gaillimhe.

Tháinig an cúl ó bhróg Mhattie McDonagh - an chéad chúl a fuair Gaillimh sna ceithre Chluiche Ceannais a d'imir siad. Tháinig feabhas ar Chontae na Mí sa dara leath, nuair a cuireadh Tom Brown go dtí an líne leath-thosaigh agus bhog Noel Curran isteach go dtí imeall na cearnóige. Rinne an Mhí an-iarracht scóráil, ach níorbh fhéidir Pat Donnellan a smachtú i lár na páirce, agus bhí Noel Tierney chomh maith, nó níos fearr, ná mar a bhí sé sa gCluiche Leathcheannais i 1964. Níorbh fhéidir Gaillimh a stopadh agus bhí an bua tuillte go maith acu sa deireadh. An scór deireanach a bhí ann ná 1-10 in aghaidh 0-7.

Tá sé soiléir ó na tuairiscí a léigh mé go raibh ábhar iontach peile ag Gaillimh sna blianta sin; cinnte bhí fíir acu a sheas amach i gcluichí éagsúla, ach níorbh é an t-imreoir céanna a rinne na héachtaí móra i ngach cluiche. Silimse, gurbh é an fáth is mó ar éirigh chomh maith sin leo sa tréimhse sin go raibh painéal iontach láidir acu. Níor imir ach naonúr déag sna trí chluiche ceannais. Taispeánann se sin cé chomh scil-iúil aclaí is a bhí siad.

*Sin agat anois é, trí cinn i ndiaidh a cheile. An cheist mhór - an féidir é a dhéanamh arís?*

Trí Cinn as a Chéile!...

An naonúr déag a d'imir do Ghaillimh sna trí bliana as a chéile a bhuaigh siad Corn Mhig Uidhir - 1964, '65 agus '66: Johnny Geraghty, Enda Colleran, Noel Tierney, Bosco McDermott, John Donellan, Seán Meade, Máirtín Newell, Mick Garrett, Mick Reynolds, Cyril Dunne, Mattie McDonagh, Séamus

Leydon, Christy Tyrrell, Seán Cleary, John Keenan, Pat Donnellan, Cólín McDonagh, Jimmy Duggan, Liam Sammon.

Buíochas:

Nuair a bhí mé ag déanamh taighde ar na blianta sin, '64-'66, fuair mé riar eolais ó na foinsí seo a leanas: John D. Hickey (nach maireann), ón *Irish Independent*, Mick Dunne & Peadar

O'Brien, *Scéala Éireann*, Paddy Downey, *Irish Times*

An Iris seachtainiúil *Gaelic Weekly*, Jack Mahon - iarpheileadóir na Gaillimhe, Séamus Ó Cualáin, An Spidéal, 'J.P.B.' ón *Tuam Herald*, 'J.B.D.' ón *Connacht Tribune*, Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Coill Rua Thoir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

## CORN "SAM MAGUIRE"

Gearóid Ó Dubhghaill

**N**uair a shéidfidh an réiteoir an fheadóg i bhPaire an Chrócaigh thart ar a cúig a chlog ar an tríú Domhnach de mhí Mheán Fómhair seo chugainn, tógfar gártha molta mustracha agus iomprófar an captaen buacach go caithréimeach go hArdán Uí Ógáin, mar a mbronnfar Corn Shomhairle Mhig Uidhir air. Ach cérbh é an fear seo a ainmníodh an corn álainn seo ina dhiaidh?

Rugadh Sam i nDún Mánmhaí, Co. Chorcaí sa mbliain 1879. Bhí ceathrar dearthár agus beirt deirfiúr aige. Ba phrotastúnaigh iad uilig. Bhí feirm acu agus iad sách maith as. Fuair sé scolaíocht mhaith agus chuaigh sé isteach sa státseirbhís. Cuireadh go Londain é mar chléireach sa Roinn Poist agus Teileagraif in 1898.

Duine ciúin cneasta a bhí ann, ach ní sheasfadh sé siar dá bhféadfadh sé leas a dhéanamh dá thír. Peileadóir den chéad scoth a bhí ann chomh maith, agus chuir sé an-suim sa gCumann Lúthchleas Gael i Londain. D'imir sé d'fhoireann Hibernian thall agus bhí mar chaptaen orthu sna blianta 1901-1904 agus i rith an ama seo bhuaigh siad ceithre chraobhchomórtas London. Sa tréimhse seo bhí cúrsaí eile ar fheabhas ar fud na cathrach agus d'éirigh le foireann Gaeil London áit a bhuaigh i gcluiche ceannais sinsearach uile Éireann i 1900, 1901 agus 1903. Ach ní raibh an t-ádh leo sna cluichí seo. Bhí Sam ag imirt do Londain sna blianta sin agus bhí sé ina chaptaen i 1901 agus 1903. Bhí ardmheas air mar gheall an treoir a thug sé do Chumann Lúthchleas Gael London agus ceapadh é mar chathaoirleach ar an gCumann i 1907.

Fad is a bhí sé sa tsraith Ghaelach i Londain cheangail Sam leis an I.R.B. agus ba é a mheall Micheál Ó Coileáin isteach sa ngluaiseacht i 1909. D'fhás dlúthcharadas idir é féin agus an Coileánach agus nuair a d'fhill Ó Coileáin ar Éirinn d'fhan Sam ina phost i Londain agus bhí sé in ann eolas fíorthairbheach do chúis na hÉireann a chur ar fáil. Ba ghearr go raibh sé ina Leifteanantghinearál agus ina stiúrthóir faisnéise in Arm na Poblachta i Londain. Dá mbeadh a fhios ag Rialtas na Breataine faoi, d'íocfadh sé go daor as, mar is cinnte go mba Túr London a bheadh i ndán dó. Ach, buíochas le Dia, níor rug siad air.

Tháinig sé ar ais go hÉirinn nuair a bunaíodh an Saorstát agus lean air ina phost go dtí 1924. D'fhill sé ansin ar a áit dhúchais, áit a bhfuair sé bás ar an 6 Feabhra 1927 agus gan é ach 47 bliain d'aois. I ndiaidh a bháis bhailigh a chairde airgead chun corn a cheannach i gcuimhne ar an sárGhael seo. Bhronn siad an corn ar an gCumann Lúthchleas Gael le haghaidh an chraobhchomórtais peile. Ba iad peileadóirí Chill Dara a bhuaigh an corn gleoite seo den chéad uair riamh ar an 30u Meán Fómhair 1928 tar éis dóibh an lámh in uachtar a fháil ar an gCabán le cuilín amhain. Ba é Liam Mac Fhionnáin a bhí mar chaptaen orthu ar an ócáid stairiúil sin. Ba é seo an t-aon uair ariamh ar éirigh le báireoirí Chill Dara a n-ainmneacha a fháil ar an gcorn.

Chomh maith le Cill Dara bhuaigh na contaetha seo a leanas Corn Mhig Uidhir:

Ciarraí 25; Corcaigh 4; Baile Átha Cliath 8; Gaillimh 6; An Mhí 6; An Cábhán 5; Maigh Eo 3; Uíbh Fhailí 3; Ros Comáin 2; An Lú 1; Dún na nGall 1 agus Doire 1.

Níor mhiste a lua ag an bpointe seo go mb'éigean Corn Mhig Uidhir úr a thabhairt ar an láthair i 1988 mar go raibh an sean-chorn ag éirí an-chaite agus go raibh baol ann go millfí é. Ba é Micheál Ó Liatháin (Mick Lyons) captaen Chontae na Mí a ghlac seilbh ar an gcorn den uair dheiridh i 1987. Tráthúil go maith ba ar chaptaen buacach eile ó chontae na Mí - Seosamh Ó Caisil (Joe Cassels) - a bronnadh Sam nua i 1988.

I reilig Dhún Mhámaí cois na Bandan atá Sam Maguire curtha. Tá an áit seo i bhfad ó aire agus béicil bhríomhar an ollslua i bPáirc an Chrócaigh. Ní dhéanfaidh Gaeil Éireann dearmad go deo air.



Ar chúl ó chlé: Jim Murray (Cor na Rón), Tom Phatch Mhoir Ó Cualáin (Cor na Rón), Máire Carter Uí Thuathail (Cor na Rón), Stiofán Breathnach (Cor na Rón), Meaig Doc Breathnach (Bánrach), Nóra Phatch Uí Mhárta (Cor na Rón), Maidhc Breathnach (Cor na Rón), Pádraic Chóil Ó Cualáin (Cor na Rón), Jude Mhicí Ní Choisdealbha (Cor na Rón), Peadar Carter Ó Maoileoin (Cor na Rón), Máire Phatch Mhoir Ó Cualáin (Cor na Rón), Cól Mhicí Ó Coisdealbha (Cor na Rón),

Chun Tosaigh ó chlé: Máirtín Sheáin Jimmy Ó Cualáin (Cor na Rón), John Sheáin Jimmy Ó Cualáin (Cor na Rón), Matt Phadhraicín Ó Diolúin (Cor na Rón), Máirtín Breathnach (Cor na Rón), Maidhc Phatch Mhoir Ó Cualáin (Cor na Rón), Beairtle Ó Muirí (Cor na Rón)

Ó chlé: Séamus Lochlainn Ó Gríofa (Cor na Rón), Maidhc Stiofáin Ó Cualáin (Cor na Rón), Maitiú Bheartla Ó Conghaile (Cor na Rón), Máirtín Mhaitias Ó Gríofa (Cor na Rón), Tom Tom Ó Donnachú (Cor na Rón), Máirtín Thaidhg Ó Conaire (Cor na Rón), Máirtín Stiofáin Ó Cualáin (Cor na Rón), Pádraic Sheamuis Bhille Ó Fátharta (Cor na Rón), Joe Tom Dick Williams (Inis Bearachain), Colm Feairti Ó Fátharta (Cor na Rón).

In áirde ar an 'Trasher' tá Cól Tom Bhille Ó Fátharta, Cor na Rón.



Ó chlé ar chúl: Tom Khaté Ó Cualáin (Lochán Beag), Michael Pheadí Mac Diarmada (Lochán Beag), Cól Learaí Ó Finneadhá (Lochán Beag). Ó chlé chun tosaigh: Seosamh Ó Márta (Cor na Rón), (Muine mar a b'fhearr aithne air). Cól Choilm Ó Cualáin (Lochán Beag).



Ó chlé:- Máirtín Bheairtle Ó Cualáin (Lochán Beag), Pat Pheadarín Ó Coinceanainn (Baile an Logáin)



Ó chlé: Máirtín Mharcais Ó Céidigh (Lochán Beag), Máirín an Ghabha Ní Fhatharta (Na hAille), Nan Pheadí Uí Fhatharta (Na hAille), Joe Hughie Ó Fátharta (Lochán Beag), Cól Pheadí Mac Diarmada (Lochán Beag), Pádraic Mharcais Ó Céidigh (Lochán Beag), Mary Mharcais Uí Chéidigh (Lochán Beag), Peaide Bán Mac Diarmada (Lochán Beag)

## Heaicní na hAoise

Carranna  
Mionbhusanna  
Seirbhís Seachadadh

Cuir glaoch ar Josie ag  
091 - 593536  
086 - 8167468

*Comhghairdeas le  
Pobal Pharóiste an Chnoic*

## Micro Munlaí na hEireann

*Comhghairdeas le  
Pobal Pharóiste an Chnoic*

Aille  
Indreabhán  
Co. na Gaillimhe

Teil: 091-593814  
Faics: 091-593449  
Ríomhphost: irishmicro@indigo.ie

Tigh Phádraig Joe Joe



## An Poitín Stil

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe.  
Fón: (091) 593667

Neart Ceol & Craic gach deireadh seatataine  
*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic*

Ó chlér: Meaig Bhríd Eoin Ó Coisdealbha  
(Coill Rua), Tom Bhríd Eoin Ó  
Coisdealbha (Coill Rua), Bríd Eoin Uí  
Choisdealbha (Coill Rua), Mary Mhaidhc  
Ní Thuathail (Coill Rua).

*Cailín chun tosaigh: Máirín Cháit  
Ní Choisdealbha  
(Coill Rua)*



Ó chlér: Joe Choilimín Ó Curraoin, agus a athair Colm Mháirtín  
Mharcais Ó Curraoin (An Chathair)



Seo í an scoil a bhí ar an Lochán Beag sul má tógadh Seanscoil Shailearna thart ar na blianta 1840 agus  
ina dhiaidh sin ba é Tigh William Sheáin Uí Fhinneadha é.

## CÚINNE NA nÓG

Greg Ó Braonáin

Bhí sé d'ádh orm le dhá bhliain anuas a bheith ag obair mar áisitheoir le 'Ciorcal Scríbhneoirí Óga Chonamara', grúpa a bhunaigh 'Pléaráca' le tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine óga ar spéis leo scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge. Thosaigh muid an chéad bhliain le grúpa amháin de chúig dhuine dhéag. Bhí orainn an darna seisiún a bhunú an bhliain dár gcionn de bharr a raibh d'éileamh air. Tagann chaon ghrúpa le chéile uair sa gcoicís chun a gcuid scríbhneoireachta, idir scéalta, fhilíocht, dhramaíocht agus aistí grinn, a phlé agus a roinnt le chéile.

Cé go bhfuil an ciorcal oscailte do ghasúir ar fud Chonamara, tagann a bhformhór as Coláiste Cholm Cille in Indreabhán, a bhuíochas sin don sárobair atá déanta ag a múinteoir, Gertrude Mhic an Iomaire, leo. Níl a fhios cén spreagadh, tacaíocht agus cúnamh a thugann sí dóibh, gan trácht ar an inspioráid, ar ndóigh! Bhí drogall orm tabhairt faoin gcúram seo an chéad lá ariamh, ceal ama. Ach, caithfidh mé a rá anois go mbím ag tnúth go mór leis na seisiúin leo. Is mó inspioráid a thugaim liom uathu, ná a mhalairt. Agus is iontach go deo an spreagadh domsa é a bheith i measc na ndaoine óga seo, de bharr a gcumais, a gcruthaitheachta agus an tallann thar cuimse atá iontu.

Anois agus iad molta agam, seo chugainn iad...

## FANACHT

Tagann siad le chéile  
Go cúin, go rúnda  
I bhfolach sa dorchadas  
Ag pleanáil, ag stiúradh  
Ag smaoineamh.

An truc ag gluaiseacht  
Síos an bóthar  
Faoi chlúdach na réalta.

I bhfolach sna crainnte  
Ag fanacht go mífhoighneach  
Ag fanacht.

An truc níos gaire.

Fós ag fanacht.

"Is laochra iad  
A thug suas a saol  
Don chóroin agus don tír."

An truc bunoscionn  
Fuinneoga briste  
Rothaí pleascatha  
Fuil ag meascadh le hola  
Agus amuigh sna crainnte  
Ritheann siad.

*Dualta Mac Lochlainn, Baile na mBroghach*

## DÚNMHARÚ

Nílím ábalta corraí  
Ach crith ó bhun go barr  
Tá fathach mór taobh thíos dhíom  
Is ní bhreathnaíonn sé rósásta.

Triailim éalú uaidh  
Ach titim, titim síos  
Tá an bás in ann dhom  
Mura n-éalaím anois.

Triailim agus triailim

Ach ní féidir éalú uaidh  
Sleamhnaím ina threo  
Ó spáráil mé, a Dhia  
Crochann sé a chois  
Is léimeann sé in airde  
Sin mise ag dul faoin bhfód anois  
Mar gheall ar Arachnaphobia.

*Diarmaid Ó Ceallaigh, Na hAille*

## AN LEABHAR

Bhí mé liom féin lá  
Tada ar an teilifís  
An aimsir do mo chrá  
Ag breathnú amach ar an suíomh  
Bhí plean agam, thosaigh mé ag scríobh  
Ó shin tá mo shaol tar éis athrú  
Tá mo leabhar i gcló  
Is táim i bhfad níos saibhre ná fadó

*Oisín Ó Ceallaigh, Na hAille*

## BÁCÁIL

Lá breá is mo ghlúine craptha  
Ar an tseanchathaoir adhmaid  
A bhíodh tigh Mhamó.  
Diabhal focal a bhí eadrain beirt  
Is muid ag déanamh cáca aráin.  
Tháinig an comhrá on bplúr is ón mbran  
Ag silt sa mbabhla mór.

Ceol binn ó na héin ar na craobha amuigh,  
Mé fhéin is Mamó is an doras gloine  
búi dúnta amach againn  
Ar fhaitíos go dtiocfadh an cat isteach.

Liotear bláthaí ar an gcuntar,  
isteach leis  
Dhá bhleibín mhóra  
mhillteacha uachtaracha  
Thóg mé féin an spunóg  
agus mheasc mé é.

Rinne Mamo an chrois air.  
Cheithre iomaire bheaga,  
Agus an bord clúdaithe le plúr.

Anois is aríst, smaoiním ar an lá,  
A mbuailfidh an bás cnag  
ar an doras gloine buí,  
Tigh Mhamó.

*Síle Ní Scanláin, Teach Mór*

## AN CLEAS

Diarmaid Ó Ceallaigh, Na hAille

"Ha, ha, ha. Gheobhaidh Dónall geit as seo," a gháir Maidhc agus é ag baint crúsca beag lán de sheangáin amach as a phóca. Bhain sé an claibín den chrúsca agus scoil sé na seangáin isteach i leaba Dhónaill. Rith sé amach as tigh Dhónaill agus thug sé a aghaidh ar an teach tábhairne, Tigh Shéamuis.

Ba naimhde iad an bheirt le fada an lá, ceann amháin i gcónaí ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar an gceann eile. Bhí Dónall ina shuí ag an gcuntar nuair a tháinig Maidhc isteach sa teach tábhairne. "Heileó, a Dhónaill. Cén chaoi a bhfuil," a dúirt sé agus é ag iarraidh an meangadh gáire a choinneáil óna aghaidh. "Ó go breá," a d'fhreagair Dónall. "Céard a bheas agat, a Mhaidhc?" a dúirt úinéir an tí thábhairne agus cara na beirte, Séamus. Go minic bhíodh Séamus sáinnithe sa lár idir na hargointí a bhíodh ag an mbeirt eile. "Ó, pionta, a Shéamuis," a dúirt Maidhc. "Beidh mise ag imeacht mar sin. Tá fonn codlata orm," a dúirt Dónall agus é ag osnail. "Beidh codladh bhreá agat anocht," a dúirt Maidhc faoina ghuth agus Dónall ag dul amach an doras.

An mhaidin dár gcionn shiúil Maidhc isteach i dtigh Shéamais. "Pionta, más é do thoil é a Shéamais," a dúirt sé. "A Mhaidhc, tá drochscéal agam dhuit," a dúirt Séamus agus cuma fhíorbhrónach ar a aghaidh. "Tá Dónall díreach tar éis bás a fháil." "Ó, a Mhuire agus a mháthair," a dúirt Maidhc, Cé gur naimhde iad an bheirt, ar bhealach bhíodar an-chairdiúil lena chéile. "Céard a tharla dhó?" a cheistigh sé. "Bhuel, bhí sé ailléirgeach do sheangáin." Chuaigh Maidhc abhaile chuig a theach agus bhí an chiontach agus an brón a chrá. "Mharaigh mé é! Mharaigh mé é!" a scréach sé cúpla céad uair.

Rith Séamus suas chuig tigh Dhónaill agus d'inis sé céard a

## An Sionnach agus na hUibheacha

Sadhbh Ní Cheallaigh

Uair amháin bhí madra rua ann agus thaithnigh cearca agus uibheacha go mór leis. Chuile oíche bhíodh cúpla cearc agus cúpla ubh aige. Bhí an feirmeoir an-chrosta leis i gcónaí agus aon uair a thriail sé breith air, d'éalaigh an sionnach uaidh chuile uair.

Oíche amháin bhí an sionnach díreach ag téamh uisce chun na huibheacha a bhruith, agus nár chuala sé rud éicint taobh amuigh dá theachín beag faoin talamh. Chuir sé a chloigeann amach, agus chonaic sé ceann de na cearca a d'éalaigh uaidh ar a bealach abhaile. D'fhágadh sé ceann nó dhó beo i gcónaí

tharla dhó. "Ha! Ha! Ha! An t-amadán, agus é tuille go maith aige," a dúirt Dónall. "Bhuel, táimse inníoch go ndéanfaidh sé rud éigin amaideach. B'fhéidir gur cheart dhuit dul síos chuige agus an scéal a mhiniú dhó," a dúirt Séamus, a bhí ag fáil an-inníoch faoi. "Is dóigh gur cheart dhom, an dtiocfaidh tú liom?" a d'fhiafraigh Dónall dhe. "Tiocfaidh mé síos i do dhiaidh, caithfidh mé glaoch gutháin a dhéanamh ar dtús," a dúirt Séamus. "Ceart go leor."

Chnag Dónall ar dhoras theach Mhaidhc ach ní raibh éinne sa bhaile. Bhí an doras oscailte agus scaoil sé é féin isteach. Bhí leathbhuilín ar an mbord agus píosa páipéir a bhí fillte suas go néata. Phioc Dónall suas an píosa páipéir agus d'oscail sé é. Thosaigh sé á léamh: Níl mé ábalta maireachtáil leis an geiontach. Is mise a chuir na seangáin i leaba Dhónaill. Beidh mé ag bun na haille móire nuair a léifeas tú é seo. Slán, Maidhc.

"Ó a bhitseach," a dúirt Dónall leis féin. Bhí an dúch fós fliuch agus mar sin bhí barúil ag Dónall nach raibh sé tar éis é féin a ghortú fós. Rith sé leis ar nós na gaoithe amach an doras agus i dtreo na haille móire. Bhí inní ollmhór ar Dhónall anois agus bhí sé ag guibhe do Dhia go raibh Maidhc ceart go leor.

Nuair a shroich Dónall an aill ní raibh éinne ar a bharr. Bhreathnaigh sé síos an aill, titim beagnach céad troigh a bhí ann, agus chonaic sé corp ag a bhun. Phléasc sé amach ag caoineadh agus thosaigh sé ag rith síos i dtreo bhun na haille. Nuair a shroich sé an corp thosaigh sé ag screadail amach: "Tá brón orm! Tá brón orm!" Bhí Séamus díreach tar éis teacht ina dhiaidh agus nuair a chonaic sé an corp dúirt sé: "Ó, muipe." Chrom Dónall síos in aice le corp Mhaidhc agus rug sé ar a riosta. "Hé! Fan soicind. Níl an boc seo marbh!" a scread sé amach. Phléasc Séamus agus Maidhc amach ag gáire. "Filleann an feall ar an bhfeallaire, a mhaicín," a gháir Maidhc. "Ó, a chlaidhrí!"

le cur in áit bheag, ar eagla nach bhfaighfeadh sé aon rud ón bhfeirm.

Lean sé an chearc an bealach ar fad ar ais go dtí an fheirm. Nuair a bhí sé ar an mbealach, chuir bean an fheirmeora dhá chloch amach a bhreathnaigh díreach cosúil le huibheacha. Ar aon nós, chuaigh an sionnach isteach sa gcró agus chonaic sé an dá 'ubh' seo. Cheap an sionnach go mbeadh na huibheacha go deas amh agus leis sin chaith sé an dá ubh suas san aer agus thit siad chomh sciobtha is nach raibh am aige tabhairt faoi deara go raibh píosa den ubh briste ach nach raibh sé ag síleadh. Thit na clocha díreach isteach i mbéal an tsionnaigh agus nár bhris siad a chuid fiacla go léir.

Thosaigh na cearca go léir ag gáire. Rith an sionnach an bealach ar fad abhaile agus ní dheachaigh sé in aice leis an bhfeirm sin aríst go brách.

## Winnie

*Dáire Ó hAinmhire*

Tá tú id luí ansin ar leaba uaigneach do bháis  
Creatachán réidh, an ceann scríbe sroichte agat  
Caite ar leaba i seomra suarach dorch  
Do shaol ag éag uait go haibéil suaimhneach  
Aintín m'athar, deireadh na glúine sin.

Téann tú siar ar laethanta d'óige  
Ceithre scór bliain ach cuimhníonn tú  
ar gach is uile  
Glaonn tú ar do chlann, ceann i ndiaidh cinn  
Fágann tú slán síoraí ag do mhuirín gheanúil  
Deichniúr den Phaidrín, is titeann tú id chodladh.

Streachail tú anseo ar thalamh is ar phortach  
Thóg tú do chlann go socair le bród  
agus le dúchas  
B'álainn le do chroí iad ag éirí sa saol  
Anois do chúram déanta is tá tú  
ag fágáil go réidh

Is tá d'imeacht mar scáil ar do shaol  
cineálta réchúiseach.  
Ba é ardmhian do chroí bás a fháil sa mbaile  
Tórramh le comharsain de réir  
an nóis thradisiúnta  
Bulc mór daoine id theachín beag tuaithe  
Anailís ort féin, do shaol is do shaothar  
Paidreacha, deora, gealgháirí, maoithneas.

Grian tráthnóna is do chónra chláir  
ar ghuaillí do mhic  
Dordán na gcoiscéimeanna ar an mbóithrín cúng  
Is minic a dhein tú an t-aistear ar do rothar dílis  
Anois ar an mbóthar fada don uair dheiridh  
Bréige an tsaoil, deimhneacht an bháis.

*(Bhain an dán seo an chéad duais amach i gComórtas an  
Údaráis agus i gComórtas an Oireachtais 2000)*

## Ionad Cúram Leanaí Chois Fharraige

(i gcomhar le Comharchumann Shailearna Teo agus Údarás na Gaeltachta)



Tá seirbhís lae iomlán i gCúram Leanaí á chur ar fáil anois i gceantar  
Chois Fharraige. Tá an tseirbhís seo ar fáil do dhaoine ar mian leo go  
mbeadh a bpáistí á dtógáil le Gaeilge agus ag fáil cúram ar feadh an lae  
oibre. Tá seirbhís lán-aimseartha agus seirbhís páirt-aimseartha ar fáil  
chúig lá na seachtaine ón 7.30 r.n. go dtí 6.00 i.n.

Gach eolas le fáil acht glaoch ar 091-593017

## An Geimhreadh

Oícheanta fada  
Maidineacha dorch  
Crainnte loma  
An Geimhreadh linn aríst.

Laethanta fuara, fliucha, báite  
Gan mórán rudaí ag fás  
Na plandaí sna gairdíní  
Is iad ag fáil bháis.

Féile an Aoibhnis  
I lár an tséasúir  
Íosa sa stábla  
Nollaig Shona.

*Pádraig Ó Dubhghaill*

## Scáthán

Breathnaíonn sé isteach agus feiceann sé  
Duine rómhór nó róbheag, róramhar nó  
róthanaí  
Ansin tagann olc air  
Ach smaoiníonn sé  
Cé chomh dona is a d'fhéadfadh rudaí a  
bheith  
Is breathnaíonn sé isteach aríst  
Is feiceann sé duine díreach ceart.

*Dónall Ó Héalaí*

## An tSeanscoil

Tá tú tréigthe anois, poll mór id chloigeann,  
ballaí lom fliuch  
Seanléarscáil ar an urlár, clár dubh,  
gága sa teallach  
Áit dhoirbh, dhubh, dhorch,  
le fuinneoga briste  
Ach ná bí brónach, a chrann taca síleáilte.

Cuimhnigh ar do laethanta suáilceacha soirbhe  
Gasúir ghealgháireacha ag spraoi timpeall  
ort le spleodar  
Cuariteoirí, múinteoirí, laethanta saoire  
Sioscadh na ranga, sceitimíní na scléipe,  
áilleacht na hóige.

Ná bac leis na préacháin, d'áitritheoirí nua  
Tá do scalltáin féin tógtha agat  
agus imithe ón nead  
Bí bródúil as na macallaí a chloiseann  
tú go fóill  
Tá d'ál scaipthe go forleathan  
le cuimhní cinn órga.

Sin é an saol, níl ach seal againn anseo  
Déan dearmad ar an gcaonach ag fás ort anois  
Tá do shaothar mar chruthú  
ar do ghníomhaíochtaí éachtacha  
Do chuid déanta agat cheana,  
glac suaimhneas anois.

*Eoghainín Ó hAinmhire*

An Cheathrú Rua  
Co. na Gaillimhe

# Foinse

Teil: 091-595520  
Faics: 091-595524  
R-phost: nuacht@foinse.ie  
nuacht@eircom.net  
ISDN 091-595990

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

*Scéalta aniar, aneas, aduaidh agus anoir.*  
Forlónadh speisialta Oideachais 'Foinse sa Rang' ag tosú i Mí Meán Fómhair

GLAC SÍNTÚIS LINN INNIU

## Coláiste Lurgan

Eoin Mac Diarmada  
Múinteoir

**C**huile shamhradh failtíonn muid roimh scoláirí óga ó cheann ceann na tire, ag teacht go hIndreabhán chun cónaithe cinár measc ar feadh roinnt seachtainí. Bíonn cuid mhór den aos óg a thagann ar cuairt ar bheagán Gaeilge. I rith na chéad seachtaine is mó a thugtar faoi deara na botúin a dhéanann siad - gan a bheith in ann abairt a chríochnú nó ceann iomlán a chur le chéile i nGaeilge agus ag fágáil focla in easnamh, na cinn is ciotianta. Bunaidhm na gcursaí seo ná Gaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil do scoláirí le cur ar a gcumas feabhas suntasach a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha. Ní chaithfidh Gaeilge líofa a bheith ag scoláirí a thagann go dtí an áit, ach caithfidh siad a bheith toilteanach páirt ghníomhach a ghlacadh sa timpeallacht lán-Ghaeilge ar feadh threimhse an chúrsa. Le himeacht ama, agus na scoláirí ag glacadh lánpháirte sa gcúrsa, trí bheith ag freastal ar ranganna Gaeilge, trí bheith gníomhach sna himeachtaí spóirt agus sna céilithe, cuirfidh siad feabhas an-mhór ar a gcuid Gaeilge.

Is amuigh faoin spéir, ar an bhfarraige, ar an trá, ar an sliabh, nó sa gelós imeartha, an suíomh is nadúrtha chun dearcadh dearfach i leith shaorúsáid na Gaeilge a chothú. Feictear tar éis trí seachtainí go mbíonn siad níos soiléire ina gcuid cainte agus in ann abairtí Gaeilge a chur le chéile gan stró.

Castar go leor cairde nua ar a chéile le linn na gcursaí agus is iontach gur trí mhéan na Gaeilge a chothaítear an cairdeas seo. Sul i bhfad, bíonn buachaillí agus cailíní ag usáid na Gaeilge as a stuaim féin agus iad ag caint, comhrá agus ag caidreamh lena chéile. Rud eile a chabhraíonn leo cumas a gcuid Gaeilge a fheabhsú ná an cairdeas a bhíonn eatarthu féin agus na

scoláirí áitiúla a bhíonn ag obair ar an gcúrsa. Téann a gcuid líofachta i bhfeidhm go mór ar na scoláirí eile nach as an nGaeltacht díobh agus tagann blas níos soiléire ar a gcuid Gaeilge dá bharr seo.

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí den chúrsa Gaeilge ná an teangmháil a bhíonn idir na scoláirí óga agus an teaghlach lena bhfanann siad ar feadh an chúrsa. Is tionchar an-tábhachtach an teangmháil seo, a théann i gcion ar an scoláire ó thaobh dearctha agus spreagtha de. Is anseo a fheiceann siad den chéad uair an teanga Ghaeilge á húsáid go nadúrtha agus go líofa.



Colaiste Lurgan  
Indreabhán, Conamara  
Teil: 091 - 593182

*Comhghairdeas le Pobal  
Pharóiste an Chnoic*

## Osclaíonn Teangacha Doirse

D'oscail mé mo bhéal  
Níor tháinig faic amach  
Mé sáinnithe liom fhéin  
Leis na smaointe i mo cheann.

Am ag sleamhnú leis go réidh  
Do m'iompar ar a bhealach  
Gan duine in aice liom  
Chun mé a thabhairt slán.

D'oscail mé mo bhéal  
Is dúnadh an doras  
Gan ceangal agam le duine  
Is gan focal agam le rá.

*Máire Treasa Ní Dhubhghaill,  
Caol Rua Thoir*

## Stróinse na Sráide

Creatachán suarach ina shuí sa bpuiteach  
Buidéal ina láimh, bruth féasóige, é ag iarraidh na déirce  
Súile gléasta brónacha a d'fhág pian im chroí  
Meas tú cén cúlra a d'fhág mírath ar an misteach?

Samhlaím máthair bhródúil le leanbh nuabheirthe san ospidéal  
Samhlaím í ag tabhairt a mic óig chuig an scoil ar a chéad lá  
Nach álainn a bhí sé nuair a rinne sé a chéad chomaoineach?  
Ar smaoinigh sí riamh go gcríochnódh sé mar seo?

Cén saghas buachalla a bhí ann ag an scoil?  
An raibh sé go maith, nó measartha, nó go dona ar fad?  
Céard iad na hábhair ba mhó a thaitnigh leis?  
Ar mhaith leis a bheith ina gharda, ina mhúinteoir,  
nó dochtúir, nó céard?

Tá mé cinnte go bhfuil scéal le n-inseacht ag an bhfear seo  
Tá sé scríofa ar a éadan don té atá in ann é a léamh  
Ar nós leabhair a bheadh fágtha sa bpuiteach ar thaobh sráide  
Tá duais liteartha anseo nach mbeidh scríofa go deo.

*Eoghainín Ó hAinmhire*

*[Bhuaigh Eoghainín Ó hAinmhire an chéad duais leis an dán seo i  
gComórtas Filíochta Idirnáisiúnta eagraithe ag Comhairle Chontae  
Dhún Laoghaire - Rath an Dúin]*



**Taisteal na Cruinne**  
**Aonad 4**  
**An Spidéal**  
**Co na Gaillimhe**

Suíomh Idirlín: [www.tnc.ie](http://www.tnc.ie)  
E-Phost: [Coleman@tnacwslmail.com](mailto:Coleman@tnacwslmail.com)

Fón: + 353 (0) 91 - 553149  
+353 (0) 91 - 504997  
Facs: +353 (0) 91 - 553289



*Comhghairdeas le Pobal  
Pharóiste an Chnoic*



## Saibhreas

*Seo thíos roinnt de sheóid-phaidreacha a bhíonn á n-úsáid fós ag daoine i bpobal An Chnoic agus iad ag brúchtáil aníos ó thobar spioradálta na Gaeltachta.*

### Lá Nollag Beag

“Thuas atá an chabhair  
Anuas atá a h-aghaidh.”

“An tús i gcónaí do Dhia.”

“Tá Dia láidir is Máthair mhaith aige.”

“Más fearr atá muid inniu go mba seacht fearr  
a bhéas muid bliain ‘s an lá inniu.”

“Dia idir mé agus uisce mo bháite.  
Dia idir mé agus tine mo dhóite  
Dia idir mé agus bás gan chairde  
Dia idir mé agus taismí bóthair.”

“Go lonraí solas do ghuiuse orainn, A  
Thiarna, i rith na bliana.”

“Críost inné agus inniu,  
An tús agus an deire,  
Alpha agus Omega,  
Is leis na h-aimsirí agus na saolta,  
Glóir dó agus réimeas,  
Ar feadh na saolta síorraí. Amen.”

“Go raibh Muire agus a Mac linn in ár dtriail  
i rith na bliana.”

### Féile N. Ainnín - 18 Eanáir

“Faoi choimirce Ainnín muid agus cumhdach  
Chríost orainn i gcaitheamh na bliana atá  
amach romhainn.”

## Féile an Teaghlaigh Naofa

“A Íosa, a Mhuire agus a Naomh Sheosaimh.,  
tairbhirim mo chroí agus m’anam dhibh.

A Íosa, a Mhuire agus a Naomh Sheosaimh ,  
cuidigh liom ar uair mo bháis,

A Íosa, a Mhuire agus a Naoimh Sheosaimh, go  
dtugaid m’anam suas i síocháin libh.”

### Féile N. Fhursa - 16 Eanáir

Paidir Fhursa

“Go raibh fáisceadh bharrógh  
Dé ar na guaillí seo,  
Go raibh tuirling an  
Spioraid Naomh ar an gceann seo,

Go raibh comhartha  
Chríost ar an éadan seo,  
Go raibh éisteacht an Spioraid Naomh  
ins na cluasa seo,  
Go raibh cumhracht an Spioraid Naomh  
ins an tsrón seo,

Go raibh feiscint mhuintir nimhe  
ins n súile seo,  
Go raibh comhrá mhuintir nimhe  
ins na béala seo,  
Go raibh obair Eaglais Dé  
ins na lámha deo,

Go raibh leas Dé agus na gcomharsan  
ins na cosa seo,  
Go raibh áit ag Dia ins an gcroí seo,  
Go mba le Dia, Athair uile, an duine seo.”

Ámén

## Naíonra Chois Fharraige Seanscoil Shailearna

Caitlín Nic an Ultaigh

### Seirbhís Naíonra do Pháistí an Cheantair

Bunaíodh Naíonra Chois Fharraige i 1999, le seirbhís naíonra a chur ar fáil do phobal an cheantair.

Tá sé mar chuspóir againn seirbhís a chur ar fáil:

- a fhreastalóidh ar riachtanais na bpáistí agus na dtuismitheoirí;
- a bheidh slán agus sábháilte;
- a thacóidh leis an nGaeilge a choinneáil láidir sa bpobal.

Is eagraíocht dheonach é Naíonra Chois Fharraige atá á reáchtáil ag na tuismitheoirí. Faigheann muid cúnamh ó Údarás na Gaeltachta chun cuid de na costais reáchtála a ghlanadh, tá polasaí cuimsitheach árachais againn agus tá muid cláraithe le Bord Sláinte an Iarthair.

Cuireann an Naíonra béim ar fhorbairt iomlán an pháiste, ag úsáid cluichí, spraoi, drámaí, ceardaíocht agus eile le deis a thabhairt do na páistí na buanna agus na scileanna atá acu a aithint agus a fhorbairt agus dul i dtaithí ar a bheith i gcomhlúadar páistí eile dá n-aois féin.

Is mian le Naíonra Chois Fharraige freastal ar na páistí ar fad sa gceantar agus seirbhís agus tacaíocht

a chur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu agus do tuismitheoirí nach bhfuil. Aithníonn muid freisin go bhfuil riachtanais éagsúla teanga ag leanaí a thagann chuig an Naíonra le Gaeilge ón mbaile acu agus ag leanaí a thagann gan aon Ghaeilge. Mar gheall air sin reáchtálann muid dhá sheisiún teanga agus cuireann siad seo ar ár gcumas freastal ar na riachtanais teanga atá ag na páistí éagsúla sa gceantar.

#### Seisiún 1: 9.30am - 12.00pm

I Seisiún a hAon, déantar freastal ar pháistí nach bhfuil Gaeilge ón mbaile acu. Díreann ar fhorbairt iomlán an pháiste, mar atá luaite thuas, sa seisiún seo agus cuirtear an bhéim ó thaobh cúrsaí teanga di, ar dheis a thabhairt don pháiste an Ghaeilge a fhoghlaim ar bhealach nádúrtha agus dul i dtaithí ar í a úsáid de réir a chéile.

#### Seisiún 2: 12.30am - 3.00pm

I Seisiún a Dó, déantar freastal ar pháistí a bhfuil Gaeilge ón mbaile acu. Cosúil le Seisiún a hAon, díreann ar fhorbairt iomlán an pháiste, ach cuirtear an bhéim ó thaobh cúrsaí teanga di, ar shaibhreas agus ar chumas Gaeilge na bpáistí a fhorbairt agus ar dheiseanna a chur ar fáil dóibh le blaiseadh a fháil ar shaibhreas teanga agus cultúrtha an cheantair.

## Tigh Neil Na hAille Indreabhán

Comhghairdeas le  
Pobal Pharóiste an Chnoic

Grósaeir  
Tae, Caife  
Milseáin  
Peitreal & Díosal ar Chostas íseal

Suimint  
Gual  
Gás  
Ola Teasa  
Bonn & Deisiú Bonn

Seachadadh in Aisce

## SOCOS TEO

Pádraig Ó Conceanainn

Is de bharr brú a chuir custaiméirí agus cairde orm dul i mbun gnó dom féin a shocraigh mé comhlacht **I**stáiseanóireachta a bhunú i gCois Fharraige. Bhí go leor oibre le déanamh maidir le féidearthachtaí, ionad a aimsiú, maoiniú a shocrú agus roinnt mhaith rudaí eile sul má bhí ar ár gcumas an comhlacht a bhunú. Ní raibh aon ionad ar fáil ó Údarás na Gaeltachta go fóill agus idir an dá linn fuair mé Stór na dTrátaí ar cíós ó Phól Ó Foighil agus Coláiste Dara. Faoi dheireadh bhí mé réidh le tosú agus i lár Mheán Fómhair na bliana 1994 chuaigh Socos Teo. i mbun gnó i mBaile an Tigh Mhoir. Beirt a bhí fostaithe ag an gcomhlacht an chéad lá agus, buíochas le Dia, mhéadaigh sé seo de réir a chéile. I rith an ama seo bhí Údarás na Gaeltachta ag réiteach ionaid dúinn i gCaol Rua agus ar an lá deiridh d'Aibreán 1995 d'aistrigh muid isteach san ionad seo. De réir mar a bhí muid ag forbairt bhí breis spáis uainn agus dhá bhliain ó shin d'aistrigh muid isteach san ionad nua atá againn anois.

Fuair muid sárthacaíocht ó chairde agus comhlachtaí a raibh mise ag déileáil leo chomh fada siar le 1973. Ní hamháin go bhfuair muid an tacaíocht sin laistigh den Ghaeltacht, ach fuair muid í i gConamara ar fad, i gCathair na Gaillimhe, chomh fada soir le Béal Átha na Sluaighe agus chomh fada ó dheas le hInis, ó chustaiméirí atá anois ina gcairde. Thosaigh meadú ag teacht ar líon ár gcustaiméirí agus dá bhrí sin tháinig meadú ar an líon fostaithe; lastigh de shé mhí bhí ceathrar fostaithe ag an gcomhlacht. Tháinig meadú eile go cúigear fostaithe i 1997 agus go seisear i 1998. Tá breis méadaithe ar na bacáin againn agus beidh muid ag lorg beirt eile as seo go ceann sé mhí. Tá meadú tagtha ar líon ár gcustaiméirí agus ar na ceantair ar a ndéanann muid freastal. Tá na ceantair sin anois chomh fada ó thuaidh le hOileán Thoráí, chomh fada ó dheas le Corca Dhuibhne, chomh fada soir le Baile Átha Cliath, agus chomh fada siar le hIorras, Inis Bigil, An Clochán agus Oileáin Árann.

dá leithéid in Éirinn agus sa mBreatain) agus tar éis roinnt comhrá leo cheap mé go mbeadh sé ina bhuntáiste dúinn a bheith inár mbaill. Rinne mise fiosrú faoin ngrúpa seo agus rinne siadsan dianfhiosrú fuinne. Chláraigh muid agus glacadh linn mar bhaill ar an lá deiridh de Mhárta. Cuireann an comhlacht seo go leor áiseanna ar fáil dúinn, ábhair mhargaíochta, catalóga, eolas faoi tháirgí, margai speisialta lenár soláthróirí, cúrsaí traenála, na hábhair oifige 'Initiative' ar fad agus go leor eile. Bíonn cruinniú i mBaile Átha Cliath chuile ráithe ag baill na hÉireann chun aon fhadhb a bhíonn ann a phlé agus a leigheas. Bíonn cruinniú cinn bhliana ann freisin in áiteanna éagsúla.

Tá ceithre rannóg laistigh de Integra Office Solutions Ltd. agus baineann muidne leis an rannóg Dealers Alliance. Ag an gcrúinniú cinn bhliana bronnar gradam ar chomhlacht éigin sna rannóga difriúla. I mbliain an 2000 bronnadh an gradam orainne, an chéad chomhlacht Éireannach riamh a fuair an gradam seo. Is cúis mhórtas dúinn gur muidne, comhlacht as Cois Fharraige i gceartlár Ghaeltacht Chonamara, a bhain an gradam seo amach.

Ó tharla gur comhlacht Gaeltachta muid agus gur as Conamara an fhoireann uilig agus gur Gaeilgeoirí líofa chuile dhuine againn, is breá linn gurb í an Ghaeilge a úsáideann muid go laethúil lastigh den chomhlacht agus, chomh fada agus is féidir linn é, lasmuigh de freisin. Is breá

linn, dá bhrí sin, gur muid a ghnóthaigh an chéad duais sa gcomórtas, Fondúireacht an Údarais, níos túisce i mbliana - an chéad bhliain againn ag cur isteach ar an gcomórtas sin.

B'ábhar oifige ba mhó a bhí á dhíol againn ag an tús, ábhair ar nós: ribíní; comhaid; ábhair scríbhneoireachta; páipéir den uile chineál mar aon le corrdheasc agus cathaoir oifige. De réir mar a mhéadaigh líon ár gcustaiméirí mhéadaigh an réimse earraí a bhí muid a dhíol agus dá bhrí sin mhéadaigh an méid troscán a bhí muid a dhíol freisin. I rith na mblianta is iomaí ordú maith a fuair muid ach tháinig ár mbuaic nuair a d'éirigh linn an conradh a fháil i mí na Nollag seo caite le troscánú iomlán a dhéanamh ar Roinn na Teicneolaíochta Eolais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ba chonradh é ar a ndearna muid tairiscint chuig na haitirí i mí Bealtaine ach bhí iniúchadh le déanamh ar an troscán ag na haitirí, innealtóirí agus lucht riartha an Choláiste sul má bronnadh an conradh.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do chuile dhuine a thug tacaíocht dúinn le seacht mbliana anuas agus a chuir ar ár gcumas forbairt mar atá déanta againn. Is cinnte, áfach, dá mbeadh tacaíocht iomlán na gcomhlachtaí Gaeltachta againn go dtiocfaidh tuilleadh forbartha orainn agus go bhfostófaí tuilleadh. Ar scath a chéile a mhaireann na daoine.



Foireann Oibre Socos Teo

Ó chlér: Noel Ó Gubáin, Patricia Ní Mháille, Steve Jack Ó Cualáin, Brídín Uí Choinceanainn, Áine Ní Ogáin, Pádraic Ó Coinceanainn.

### Comhghairdeas le

## SOCOS teo

### Pobal Pharóiste an Chnoic

**Troscán & Soláirtí Oifige**

*Cartaí Bainise*

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
Facs: 091 593303

Fón: 091 593301  
Ríomhphost: Sales@socos.ie

# Siopa an Phobail

## CENTRA

### Ollmhargadh

**Déanann Seán & Mairéad Ó Foighil**  
**Comhghairdeas le**  
**Pobal Pharóiste an Chnoic.**

*Siopa an Phobail*  
**UAIREANTA**  
**OSCAILTE**  
Luain - Aoine: 8.30am - 9.00pm  
Satharn & Domhnach: 8.30am - 8.00pm

**CENTRA**  
**Ollmhargadh**

## Siopa an Phobail

*Seán Ó Foighil*

**T**hosaigh Siopa an Phobail amach sna seascaidí mar an chéad Ollmhargadh a osclaíodh i gConamara. Ba faoi úinéireacht Phádraig Mhic an Rí a bhí an siopa ag trádáil agus chuir sé seirbhís nua-aimseartha agus uileghabhálach ar fáil ag an am, agus tá an traidisiún céanna go sonrach sa siopa ó shin. D'athraigh an siopa lámh faoi dhó: ar dtús chuig Gerry Houlihan, fear gnó as Gaillimh, agus ansin chuig Comharchumann Chois Fharraige, i dtús na n-ochtóidí. Bhí traidisiún buacach trádála ag gabháil leis nuair a cheannaigh Seán agus Mairéad Ó Foighil an siopa ón gComharchumann i 1983. Tá forbairt agus méadú suntasach déanta againn ar an ngnó ó shin. Tá an bheirt againn an-tógtha leis an traidisiún a bhain leis an siopa ón tús agus tá muid an-bhródúil as an tus áite a thugtar don teanga agus don chultúr mar chuid lárnach dár bhfís gnó. Tá cáil dá réir ar an siopa i bhfad is i gcóngar agus ní bhíonn aon dabht ar thurasóirí gurb í an Ghaeilge bheo croílár an cheantair ina bhfuil an siopa lonnaithe. Tá polasaithe dearfa teanga agus cultúir á leanacht againn chuige sin agus tá muid bródúil as an gcáil atá orainn i measc ollmhargaí eile gurb í an Ghaeilge teanga gnó an tsiopa.

Tá fás suntasach tagtha ar dhearadh agus ar ghnó an tsiopa sa gcaoi is go bhfuil seasca duine fostaithe, idir pháirtaimseartha agus lánaimseartha, rud a fhágann os cionn £400,000 de thuarastal sa gceantar in aghaidh na bliana. Ó chuaigh Siopa an Phobail le gnólacht Musgraves deich mbliana ó shin tá athnuachan déanta ar na saorearraí agus seirbhísí a bhíonn ar fáil sa siopa. Tá siad seo trí chéile inchurtha leis na siopaí is fearr atá in Éirinn nó in aon áit eile. I measc na seirbhísí breise atá curtha ar fáil le blianta beaga anuas, tá bÁCáil laethúil arán Cuisine de France. Ó thosaigh an siopa ag bÁCáil tá dúil na ndaoine méadaithe thar cuimse sa táirge sa gcaoi is gur deineadh athchóiriú iomlán ar na hoighinn cúpla bliain ó shin. Freisin déantar cócaireacht laethúil ar bheatha lóin agus snaiceanna sa chistin ar nós: easnacha úr-rósta, bróllaigh, sciatháin agus ceathrúna sicín, ispiní agus slisíní bagúin in éindí le sceallóga agus fataí rósta, agus tuilleadh chomh maith.

Tá raon leathan de bhia orgánach le fáil sa siopa freisin agus cuirtear béim i gcónaí ar chaighdeán agus úireacht na n-earraí. Is é mana gnó an tsiopa má cheannaíonn an siopa an táirge is fearr, gheobhaidh an custaiméir an t-earra is fearr ar phraghas réasúnach. Is é an custaiméir croílár na foirmle gnó atá ag Siopa an Phobail agus cibé a ordaíonn sé - tríd an idirlíon nó ar an bhfón - cuirfear an t-ordú chuige taobh istigh de chúpla uair an chloig. Tá veain úrnua le hoighreadán agus

ionad stórala earraí curtha ar an mbóthar ag seachadadh na n-orduithe ó Bhearna go Carna.

Nuair a meadaíodh an siopa trí bliana ó shin cuireadh go mór leis an rannóg fíona sa gcaoi gur féidir raon leathan fíonta nua chomh maith le fíonta aitheantais a fháil sa siopa anois. Deineadh forbairt iomlán ar an rannóg úrfheola agus éisc chomh maith agus tá an rannóg seo ag fáil aitheantais agus gradam náisiúnta mar gheall ar fheabhas na n-earraí agus togha na seirbhíse i gcomórtais náisiúnta idir-ollmhargaí. Is iomaí gradam glaineachta agus duaiseanna gnó atá bainte amach ag an siopa agus ghnóthaigh sé an gradam náisiúnta 'Siopa na Bliana' anuairidh. Tá cáil náisiúnta bainte amach ag an siopa freisin i measc siopadóirí eile, ach go háirithe, agus tagann siad go minic chun breathnú ar na struchtúir ghnó agus na polasaithe gníomhaíochta atá á gcur i bhfeidhm. Ní haon iontas mar sin gur bhain siad amach gradam ar leith, an Triple Hygiene Award le deireanas.

Tá fealsúnacht lárnach agus simplí againne anseo i Siopa an Phobail; tabhair aire do do chuid custaiméirí agus fanfaidh siad dílis duit. Tá sé seo cruthaithe againn do mhuintir Chonamara agus ní haon iontas é go bhfuil aghaidh na ndaoine ar an siopa ó chuile cheard.

## Tearmann Ainnín Teo. & Tearmann Éanna Teo.

Ba é Pól Ó Foighil a thainig aníos leis an tuairim ar dtús, go mba chóir rud éicint praiticiúil a dhéanamh chun tithíocht a chur ar fáil do Phobal Aostach na Gaeltachta a raibh cónaí orthu i dtithe nach raibh feiliúnach. Phléigh sé an cheist seo le hAodán Mac Donncha agus shocraigh an bheirt go gcuirfeadh Forbairt Pobal Teo., An Spidéal, an togra chun cinn. Scrúdaigh siad cúpla suíomh thart ar an Spidéal, ach níor éirigh leo socrú a dhéanamh faoi aon cheann acu. Rinne Pól idirbeartaíocht le Coiste Riartha Chomharchumann Chois Fharraige faoi shuíomh a bhí acu taobh le Siopa an Phobail agus trasna an bhóthair ó Choláiste Lurgan. Theip ar an iarratas pleanála a rinne Pól ach d'éirigh lena athchomarc chuig an mBord Pleanála. Bunaíodh Coiste Riartha ar a bhfuil ionadaithe ó Chomharchumann Shailearna, Cumann Forbartha Chois Fharraige, Forbairt Pobal Teo. agus Údarás na Gaeltachta agus chuaigh siad i mbun oibre. Chuir an Roinn Comhshaoil an t-airgead caipitil (£450,000) ar fáil don choiste agus tógadh Tithe na nAostach i 1994, Tá an Coiste Riartha freagrach as iad a reáchtáil agus iad a choinneáil go slachtmhar agus deasaithe.

Dhá theach déag atá ann agus ta tionóntaí Gaeltachta iontu ó Ros Muc aniar go Cois Fharraige. Tá cíos an-réasúnach le n-íoc agus tá cead acu fanacht sna tithe an fhad is atá an cíos á íoc agus rialacha beaga eile á gcomhlíonadh acu. 'Sé an modh oibre atá ag an gCoiste Riartha ó thaobh bhronnadh tionóntaíochta go gcuireann iarratasóirí a n-ainm chuig an Rúnaí (Aodán Mac Donncha, An Spidéal - (091/553480)- tar éis dóibh a bheith cláraithe ar liosta tithíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe. Níor mhór go mbeadh an Chomhairle Contae sásta go bhfuil na hiarratasóirí i dteideal tí faoi scéimeanna na Comhairle. Déanann an Coiste Riartha meastóireacht ar an iarratas agus 'sé an Coiste a dhéanann cinneadh ar an iarratas. Tá liosta feithimh i bhfeidhm agus cuirtear leis an liosta seo ó am go cheile.

Glactar leis go mba togra fiúntach é agus go mb'fhiú an tairbhe an trioblóid a chur ann. Sampla maith é de ghníomhaíocht pobail ag déanamh cúraim d'aostaigh na Gaeltachta a choinnigh an Ghaeilge beo láidir le linn a saoil agus atá anois in ann fanacht i measc a muintire agus maireachtáil go neamhspléach.

I 1996 shocraigh Pól an sceim tithíochta seo a leathnú go dtí an cloigeann thiar den pharóiste ag an Tulach, Baile na hAbhann. Chuir sé Tearmann Éanna Teo. ar bun. Tá stádas carthanachta bainte amach ag Tearmann Éanna Teo. D'éirigh leis suíomh breá a cheannacht ón Údarás ar £50,000 agus tar éis trí iarratas pleanála a dhéanamh, frítheadh cead do scór teach don Aostach. Tá an obair thógála ag dul ar aghaidh go maith faoi stiúir Pat Folan, conrathóir tógála aniar as Leitir Mealláin, agus táthar ag súil go mbeidh an obair uilig curtha i gcrích i nDeireadh Fómhair na bliana seo. Tá costas £1,200,000 ar an togra seo agus d'éirigh linn an t-iomlán a fháil ón Roinn Comhshaoil tríd an gComhairle Contae. Tá sé iarratas is fiche faighte do na tithe seo gan fógraíocht ar bith a dhéanamh agus tá an liosta le dúnadh ar 30 Meán Fómhair. Leanfar an bealach oibre céanna a leanadh i gcomhair tionóntaí a roghnú do Thearmann Ainnín don scór teach seo.

Nuair a bheas an togra seo curtha i gcrích beidh tríocha dó aonad don Aostach tógtha i bParóiste an Chnoic ar son Aostaigh Ghaeltacht Chonamara agus le togra críochnúil a dhéanamh den choincheap seo uilig tá sé i gceist Ionad Lae den scoth a thógáil ar an Tulach le freastal ar Aostaigh Chois Fharraige atá ina gcónaí sa mbaile lena muintir féin nó ag caitheamh a saoil go neamhspléach i gceann de Thithe Ainnín nó Éanna.

Tá cead pleanála iarrtha don Ionad Lae agus táthar ag súil go mbeidh an tIonad tógtha roimh dheireadh mhí na Nollag, 2002. Cosnóidh se thart ar £220,000. Ní fios fós cé as a dtiocfaidh an t-airgead caipitil seo ach táthar ag obair air.

*Seo a leanas ainmneacha an dá Choiste atá ag plé leis an obair seo:*

### Tearmann Ainnín

An tAthair Ó Flannabhra (Cathaoirleach)  
Pól Ó Foighil (Rúnaí)  
Aodán Mac Donncha (Cisteoir)  
Siorcha Ní Dhonnacha (Rúnaí Taifeadta)  
Breandán Ó Tuairisg (Cisteoir)  
Padraic Ó Fátharta (Willie) (Coisteoir)  
Donnacha Ó hEallaithe (Coisteoir)  
Áine Uí Fhátharta (Coisteoir)  
Sara Bn. Uí Mháille (Coisteoir)  
Siorcha Nic Dhonnacha (Coisteoir)

### Tearmann Éanna

Pól Ó Foighil (Cathaoirleach)  
Aodán Mac Donncha (Rúnaí)  
Seán Breathnach (Cisteoir)  
Mairéad Uí Neachtain (Coisteoir)  
Máire Uí Shrutháin (Coisteoir)  
Máire Uí Bhearra (Coisteoir)  
An tAth. Ó Flannabhra (Coisteoir)

## OSCAILT OIFIGIÚIL THEARMANN AINNÍN

*Ó Chlé Breandán Ó Tuairisg,  
Pól Ó Foighil, Aodán Mac  
Donncha, Pádraig Ó  
Fátharta (Willie), Ardeaspag  
Thuama, An tAthair Ó  
Flannabhra, Michael Woods,  
T.D.*



## Tigh Chualáin

Coill Rua

Teach Ósta - Teach Aíochta

Ag Freastal ar an bPobal le os cionn 100 bliain

Fón: (091) 553609 / 553133

**Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic**

*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic*



# AN SRUTHÁN BUI

Meáirt Churraoin, 1913-1999

Tá an tsíoraíocht mhór bailithe ó ghluais tú le fána  
Níl file ná fáidh 'tá in ann é a chur síos  
Lucht eolais ná staraithe, lucht léinn ins an áireamh  
Ná na hollúna is cáilithe dá bhfuil ins an tír.

Ghluais tú le fána i measc cnoic agus gleannta  
Tamhnachaí báite 'gus eascacha cib'  
Tá do chuid dualgaisí déanta agat, go cruinn is go sásúil  
Is tú ag imeacht le fána idir dhá cheann an tsaoil.

Tá an breac is an bradán ar thóir uisce snámha ann  
Na tráláirí Spáinneacha ag teacht ann i dtír  
A gcuid deis iascaigh acu go ceanúil sa mbád leo  
Beidh an lóistín le fáil ann is céad fáilte ó mhná tí.

Tagann an bradán aníos ann am áithrid  
Tá an t-uisce thar barr ann is na locha os a chionn  
Na hiascairí ag teacht ann ó aimsir na Cásca  
Is a gcuid campaí ansiúd fáiscthe le taobh an tSrutháin Bhuí.

Tá an breac geal ag sleaiceáil de réir mar 'tá ráite  
Níl sé le fáil ann ar muir ná ar tír  
Cé go raibh sé go fairsing le fáil ann an tráth úd  
Tá na líatháin go bláthmhar in uisce an tSrutháin Bhuí.

Tá céibh agus calafort ag long is ag bád ann  
Tá foscadh 'gus scáth ann ó bháisteach is ó ghaoth  
Na tránna breátha gainimh le fáil ag lucht snámha  
Suíocháin gan áireamh agus áit ann le suí.

Bíonn uaisle is lucht taistil ina seasamh ar an aill ann  
An radharc ann is breátha thar muir is thar toinn  
An tól ann go fairsing is é go flaithiúil le fáil uathu  
Mar tá brandy Geneva, puins, ale agus fíon.

Tá an braon crua gan mhaith á dhéanamh faoi scáth ann  
Baraillí ann lán le heorna is leann buí  
Níl na licence ann ceadaithe, ná an ceadúnas faighte  
Ach é déanta le nádúr ag uisce an tSrutháin Bhuí.

Nach iomaí sin lá é ó ghluais tú le fána  
Thar chreagáin is ardáin, sliabh garbh 'gus mín  
Níl do dháta breactha ar leabhar ná ar pháipéar  
Ná an mac léinn is cáilithe atá in ann é a chur síos.

Ghluais tú le fána idir cnoic agus gleannta  
Nach mór leathan an stair a d'fhéadfá a scríobh  
Gach gníomh mór a tharla is tú ansin ó thús ama  
Go dtí Ádhamh ins an ngairdín a d'ith an t-úlla den chraobh.



Meáirt Churraoin

Tá do dhearcadh níos leithne, dá bhféadfainnse trácht air  
Níl tú luaite ar na páipéir ná ar cháipéis lucht dlí  
Ach tú ag seoladh sna bólaí de shíor ó thús ama  
Tá d'onóir is do cháilíocht ar stair fhada an tsaoil.

Nuair nach bhfuair mé aon fháirméis ó dúnfad na stártha  
Stopfad mo ráiteas is leagfaidh mé síos  
Gach cineál Náisiúin dá dtáinig an tráth sin  
Nach iomaí uaisle 'gus ardfhlaith a shiúil le do thaobh.

Tagann siad chugat ó na tíortha thar sáile  
Ón Mórroinn, ón Áis, ón Afraic is ón tSín  
Fágfaidh mé scríobhta é, do chliú 'gus do cháilíocht  
Is beidh do phictiúr le fáil ann ag óg is ag críon

Sula geríochnóidh mé ag rá beidh do chuid uaisleacht le spáint a'inn  
Gach gleann agus ardán dá ndeachaigh tú thríd  
Tá an cuntas le tabhairt a'm ach caithfidh me roinnt spáis a fháil  
Mar de réir mar a bhí ráite bhain ceo leat nó draíocht

Chonaic tú an buille á bhualadh ar ár Náisiún  
Na Seáiníní Galla ag teacht isteach inár dtír,  
Cromwell sna bailte, na tiarnaí is na Blácaigh  
Ach sin deireadh mo ráiteas faoi chúrsaí an tSrutháin Bhuí.

# CARRAIG AN MHATAIL

Cóil Learaí Ó Finneadha

Nach iomaí sin carraig mhaith láidir  
Ó Chora an Chaisleáin soir go hAill Fhinn  
Ach is ar Charraig an Mhatail a thráchtaim  
Agus tabharfad mo chuntas go cruinn.

Tá sí ansiúd ó go stáidiúil  
Gan chlaomhmú ó thosach an tsaoil  
Tá sí go síoraí ar garda  
Ag faire gach bád a chur síos.

'Sí an ghing í nach bpléascfaidh go brách  
Níl an chumhacht ag aon náisiún faoin geruinn  
Ní féidir í a bhleisteáil ná a láimhseáil  
Mar tá an tonn bháite go hard os a cionn.

Nach daingean í Carraig Ghiobráltair  
Nó Jebel Traiq go cruinn  
Bhí sí i seilbh na Spáinneach  
Go dtí míle seacht gcéad is a trí.

Ach shantaigh an Bhreatain an aill úd  
Is thug fogha fúithi le cumhacht is le brí  
Chuireadar ruaig ar na Spáinnigh  
Agus scaipeadh iad siar thríd an tír.

Tá sí mar a bheadh leon mór ar garda  
Ag féachaint gheata na Meánmhara uaithi síos  
Is go mb'fhearr léi a bheith míle bliain báite  
Ó bhuaigh an Matal ar fhórsaí Sheáin Bhuí.

Bhí an Bhreatain ariamh dúr agus dána  
Ag slámáil gach tacair is maoín  
Ba bheag aici brú agus carnáil  
Nó splíontaíocht ar muir agus tír.

Ó ghlacadar seilbh i nGiobráltair  
Dúirt sí nach gclisfeadh in aon ríocht  
Nach raibh cromptán ná carraig faoi na plainéid  
Nach dtógfadh le stuaim is le stíl.

Ar an Matal, mo léan, chuala sí tracht fúithi  
Agus dúirt sé go dtarraingeodh ina líon  
Ach ar a contúirt ní bhfuair sí aon fhaisnéis  
Ná ar a liachtaí bád breá a chuir sí síos.

Tharraing siad uirthi sa Márta  
Leis na naoi mbád ab fhearr ag an Rí  
Ach chuir sí go grinneall gach ceann dhíobh  
Leis an staidhce atá amach as a taobh.

Níor tháinig slán ach aon ghamal amháin  
Agus bheartaigh sé go snámhfadh sé i dtír  
Go n-iarrfadh sé pardún is go ngeallfadh  
Nach bhfillfeadh sé ar an Matal arís.

Ach bhí sé gan compás ná cábla  
Is é ag teacht i mbarr toinne le gaoithe  
Frítheadh ar maidin sa gcladach é is é báite  
Is a chuid crág aige istigh faoi chloch Mhichíl.

Tá Carraig an Mhatail go stáidiúil  
Is beidh go lá deiridh an tsaoil  
Cé nach raibh á gardáil ariamh ach an bairneach  
Chinn sí ar fhórsaí Sheáin Bhuí.

Tá Tiger na nAlp cumhachtach láidir  
Is é beagnach trí mhíle sa spéir  
Níl ann le hais na Mhatail ach scáile  
Le spreacadh le tiús agus le méid.

'Sí an chomhairle a thabharfainn d'aon bhádóir  
Gan tornáil ina gaire san oíche  
Ar fhaitíos go bhfaidheadh sé aon sáiteán  
Ón staidhce atá amach as a taobh.

(as an leabhar Filíocht agus Feannadh)



Ó chlérí ar chúil: Agnes Sheáinín Ní Thuairisg (Lochán Beag), Annie Mholly Ní Thuairisg (Lochán Beag), Winnie Mholly Ní Thuairisg (Lochán Beag) Nóra Chóil Choilm Ní Fhinneadha (Lochán Beag), Peadar Ó Máille (Cor na Rón)  
Ó chlérí chun tosaigh: Michael Mholly Ó Tuairisg (Lochán Beag), Annie Mholly Ní Thuairisg (Lochán Beag) Pádraic Chóil Choilm Ó Finneadha (Lochán Beag), Caitlín Sheáinín Ní Thuairisg.



Ó chlérí: Jimmy Chearra (Lochán Beag), Sarah Phádraic Uí Fhatharta (Clochar na gCon), Maidhc Phádraic Ó Fhatharta (Clochar na gCon), Máirtín Ó Loideáin (Corr na Móna), Séamus Mhatt Beag Ó Diolúin (Teach Mór), Beairtle Fiontán (An Cnoc), Seán Phatch Ó Cualáin (Teach Mór), Pádraic Chearra (Lochán Beag)

# Ó Bhaile an Phuitigh go Las Vegas!

Bhí mé ar mo bhealach chuig Oifig an Phoist seachtain ón Aoine seo caite, rud a mba ghnách liom a dhéanamh gach Aoine chun mo phinsean a bhailiú, nuair a casadh díoltóir ticéad an Lotto áitiúil orm. Bím i gcónaí ag iarraidh tacaíocht a thabhairt don cheantar agus mar sin cheannaigh mé ticéad do Lotto Bhaile an Phuitigh. Bhí togha na nduaiseanna le buachan - turas go Las Vegas agus \$10,000 airgead póca. Nár bhreá é! Roghnaigh mé ceithre uimhir agus shínigh mé an ticéad. Ag seacht mbliana agus ceithre scór cheap mé go raibh sé thar am agam dul ar laethanta saoire.

Shroich mé an baile thart ar a hocht an chlog an oíche sin tar éis chuile phingin de mo phinsean a chaitheamh in 'An Fód Móna' - tá praghas an phionta imithe ó smacht ar fad! Leag mé mo thicéad Lotto suas go cúramach ar an drisiúr agus shín mé siar sa gcathaoir go léifinn páipéar an lae. Ní mba thúisce mo thóin leagtha ar an gcathaoir ná thosaigh an fón ag cur a chraicinn de. Ní hé an dea-bheannacht a chuir mé air!

D'fhreagair mé go cantalach agus cé a bheadh ann ach an fear a dhíol an ticéad liom ní ba thúisce sa lá. Ba bheag nár tháinig laige orm nuair a dúirt sé liom go raibh an chéad duais bainte amach agam sa Lotto. Chaith mé uaim an fón agus thosaigh mé ag léimt thart mar a bheadh bromach ann! Thosaigh an fón ag cur de aríst - ba é mo dhuine a bhí ann aríst agus é ag iarraidh a fháil amach an mbeinn ag glacadh leis an duais - a léitheid de cheist! Ach ba é an rud ba mhó a bhí ag cur as dó siúd ná cé a bheadh ag dul in éineacht liom, mar, dar ndóigh, ba dhuais do bheirt a bhí ann. Thosaigh mé ag cuimhniú ach níorbh é an t-am ab fhearr den lá é le bheith ag cur cruacheisteanna agus gheall mé do go nglaofaínn ar ais air. Shocraigh sé go gcasfadh sé liom in Aerfort na Sionainne ar an dara lá fichead de Mhí na Bealtaine leis na ticéid.

Trí seachtainí a bhí fágtha agam le mo chuid málaí a phacáil agus compánach a roghnú. Níor thóg an phacáil rófhada ós


rud é nach duine mé a bhfuil vardrús ilchnuasach agam. Chinn sé orm aon duine a fháil chun súil a choinneáil ar an teach agus aire a thabhairt do na hainmhithe. Mar sin bhí orm cúram an tí a fhágáil faoin aláram agus maidir leis an gcat agus an madra, bhuel bheadh orthu fanacht ina dtoscadh nó tosú ar an bhfiach! Ach fós ní raibh aon chompánach faighte agam. Ní raibh ach beirt faoin spéir a thabharfaínn liom - Micilín Bob Johnny agus Maidhc Chóilín Pheait Willy - agus an áit ab fhearr le teacht orthu siúd ná sa bhFód Móna. Tar éis mo shuipéir bhuail mé síos chuig an mbeár agus céard a bheadh tarraingthe suas taobh amuigh ach otharcharr agus beirt fhear ag iompar seanfhir amach ar shínteán. Ní raibh a shamhail beo ach Micilín Bob Johnny. Bhuail mé liom isteach agus dúirt Maidhc Chóilín Pheait Willy liom gurbh é a bhí ann ceart go leor. De réir cosúlachta bhí an iomarca alcóil sa gcóras aige agus ní raibh cois faoi. Ní raibh aon cheist faoi anois gurbh é Maidhc a chaithfeadh dul go Vegas liom.

Ní raibh an turas go Vegas chomh fada is a cheap mé - bhí sé trí huairé ní b'fhaide. Ní raibh a fhios agam céard a dhéanfainn liom féin. Shroicheamar Aerfort Las Vegas cúpla céad cupán caifé níos déanaí. Thuirlingíomar an staighre ón eitleán agus trasna an rúidbhealaigh go dtí an *limousine* fada bán a bhí ag faire orainn chun muid a thabhairt go dtí an t-óstán, - ní fhaca mé a léitheid de chompóirt ariamh. Bhí na céadta catalóg caite timpeall na háite ag tairiscint cluichí sna céadta casáine a bhí san áit. Leath dhá shuíl Mhaidhc ina cheann agus bhí a fhios agam ar an bpointe cá mbeadh sé siúd ag caitheamh a chuid laethanta agus mise ina theannta! Ní sheasfadh an \$10,000 i bhfad. Ní i bhfad a sheasfadh muide ach oiread le mo *pacemaker* agus Maidhc ina chathaoir rotha le trí bliana. Bhí a fhios agam i mo chroistigh go gcaithfeadh muid é a thógáil go réidh.

Maidin lá arna mhárach dhúsigh cnag ar

an doras muid ag a haon déag an chlog. Ba é an póirtéir a bhí ann lenár mbricfeasta agus níl dabht ar bith faoi ach ba bhreá gnaíúil an bricfeasta é. Ní mórán cosúlachta a bhí aige leis an leite dóite, tósta bealaithe agus tae fuar a bhíodh agam thiar sa mbaile. Nuair a bhí ár ndóthain ite againn shocraíomar go dtiocfadh muid ar thuras bus den chathair ach níor thóg se seo an-fhada mar chomh luath is a shroicheamar an chéad chasaíne isteach linn ann i ndiaidh ár mullaigh. Ní mórán cearrbhach a bhí ann fós ós rud é go raibh sé luath sa lá. Bhí ainm an chasaíne scríofa i soilse geala ildaite os cionn an dorais. Silim gur 'Cleopatra's Palace' an t-ainm a bhí air ach ní ar an ainm a bhí aird againn. Nár bhreá an áit í, an ceann ba mhó i Las Vegas, déarfainn.

Bhí dúil agam féin in úlla agus anonn liom go dtí an meaisín seo a raibh pictiúir d'úllaí air - shíl mé go mba meaisín a dhíol torthaí a bhí ann. Chaith mé isteach dollar agus tharraing mé an lámh a bhí ag gobadh amach as an taobh ach dá mbeinn ag tarraingt go deo diabhal úll a thiocfadh amach! Céard a thiocfadh aníos ar an scáileán ach trí phéitseog - anois cén ghraithe a bheadh agamsa do phéitseog, gan trácht ar thrí cinn? Bhuail mé bleaist de chic air agus céard a thiocfadh amach as ach na céadta dollar. Shíl mé go raibh an diabhal déanta agam agus ní raibh baol ar bith go raibh mise ag dul ag tógáil aon airgead ach mo dollar féin - ní bhéarfaí ormsa le haghaidh goid! D'éalaigh mé liom anonn go dtí ceann do na boird go bhfeicfinn an mbainfinn aon scil as an gcráic sin. Bhí Maidhc socraithe isteach cheana féin agus cártaí ina lámh aige agus é ag imirt le cearthar eile. Dúirt mé go raibh sé chomh maith dom féin lámh chártaí a fháil. Ach ní raibh sé chomh héasca sin a dúirt an sco-rach a bhí i gceannas na bhoird. Chaithfinn 'chips' a fháil ar dtús. Shíl mé go mb'aisteach an t-iarratas é sin ach amach liom crochta an doras agus fúm m'aghaidh a thabhairt ar an 'chipper' ba ghairé! 'Supermac's' ní raibh le fáil i Las Vegas. Chuir mé ceist ar chuile



Ó chlér: Sean Tuohy (Iar Úinéara Oifig an Phoist in Indreabhán) agus Peaide Bán Mac Diarmada (Lochán Beag).

*Meastú cén méid a b'fiú i "Euros" é ???*

**Ó Bhaile an Phuitigh go Las Vegas! ...** dhuine a chas dhom ó bhleaic go Jap; ó phutach de Yank agus ó Ghearmánach beag cantalach, ach duine ná deoraí níor chuala trácht ariamh ar 'Supermac's'.

Faoi dheireadh thug mé suas agus shocraigh mé dul ar ais agus iarracht a dhéanamh bord eile a fháil ach ní raibh puth de m'anáil fágtha agam agus bhí orm tacsáí a fháil. Nuair a bhí mé ag íoc an tiománaí thug mé faoi deara go raibh slua mór cruinnithe timpeall ar fhear a bhí ag imirt chártaí agus anonn liom go bhfeicfinn céard a bhí ag tairlú. 'Séard a bhí ar siúl aige ná go raibh sé ag iarraidh ar an bhfear a bhí ag leagan na ngeallta dath cárta a phiocadh agus dá n-éireodh leisean an dath ceart a phiocadh chaillfeadh fear na gcártaí an geall. Shílfeá go raibh sé sin sách simplí. Tharraing mé amach mo sparán airgid agus chuir mé ceist ar fhear an bhoird céard é an méid is lú airgid a chaithfinn a chur ar an mbord le go bhféadfainn

imirt. Ar dtús dúirt se \$50 ach nuair a chonaic sé an rolla nótaí a bhí sa sparán ní raibh sé i bhfad ag ardú an phraghais go dtí \$1,000. Diabhal mórán a chur se sin isteach orm, nach raibh \$10,000, agam? Shílfeá nach raibh an chuid eile a bhí ag an mbord an-sásta leis an socrú seo, áfach, mar thóg siad a gcuid airgid ar ais an-sciobtha. Leag mé mo chuid airgid ar an dath dubh agus ar ndóigh chaill mé mo mhíle an-tapaidh.

Ní fhéadfainn scaoileadh leis sin chomh héasca sin, chaithfinn é a bhuachan ar ais. Ar ndóigh, chaill mé arís agus anois shocraigh mé ar \$2,000 a leagan ar an dubh, arís. Níl seans ar bith ann go mbeadh mé mícheart trí huairé i ndiaidh a chéile, nó an mbeadh? Ní bheadh aon duine eile ach an leibide seo, Josie Joe Phat Mac Wellington, nár bhuaigh aon rud ariamh ach an turas seo a bhí anois níos cosúla le tromluí ná saoire i Las Vegas. \$4,000 cailte i dhá nóiméad - caithfidh sé go mba é an méid ba mhó

airgid a cailleadh ariamh in achar chomh gearr ama!

\$6,000 fágtha. Leagfainn síos é agus gheobhainn mo \$4,000 ar ais agus b'fhéidir dá mbeadh an t-ádh liom go ndéanfainn \$2,000 brabach. Dearg an t-am seo, nach raibh sé in am agam athrú! Níor bhreathnaigh sé go mba dath ádhúil é an dubh! Chroith sé na cártaí agus nuair a sháigh sé an t-aon spéireata faoi mo shrón, phléasc an *pacemaker* agus múchadh na soilse! Nuair a dhúsigh mé bhí mé ar shlat mo dhroma in Ospidéal Las Vegas agus taom croí faighte agam. Lá arna mhárach bhí mé ar eitleán ar ais go hÉirinn, áit ar chaith mé seachtain in Ospidéal Bhaile an Phuitigh. Tá mé ar ais ar mo sheanléim arís ach tagann criothán orm chuile uair a fheicim paca cártaí. Scéal na scuan níl ó Mhaidhc - chuala mé ráfla gur oscail sé a chasaíne féin i Las Vegas. Meastú?!

# I nGan Fhios don Saol

Joe Steve Ó Neachtain

Bhí cúpla óigeanta sínte ar fhad a leapan, gan gíog na míog astu, ach oiread is dá mba sínte os cionn cláir a bheidís. Uaireanta fada an dorchadais meilte ag iarraidh tarraingt anála a cheilt ar a chéile. Duine ag iarraidh dallamullóg a chur ar an duine eile le codladh gé, ach fios acu araon gur ag malartú dallach dubh a bhíodar. Bhí a cuid súl oscailte aicise ag tnúthán go scáfar le hala sóláis ón duibheagán, ach ab fheasach dósan trí shúile dúnta gur chun duifin a ghabhfadh a n-éagmais i mbreacadh an lae. Puth fánach casachta a lig an cat as an mála. Gan uaithi ach ugach chun breith i ngreim láimhe air, farasbarr díocais uirthi ag muirniú a bhoise, ag fíochán a gcuid méarachai ina chéile, á misniú is á mbiogadh isteach lena croí. Ach léann na bhfiann ní chreasódh croí briste. longa ná orlach níor ghéill sé dá tuineadh ach a leathláimh chomh marbhánta le láimh duine a bheadh in achar an anama. Mhothaigh sé fainne a bpósta ag dul go beo de réir mar a bhí sí ag muirniú a láimhe go grámhar. Pian a bhog deora ar ala na huair, deora a théacht chomh haibéil céanna nuair a chruaigh a chuimhne in aghaidh na hanachaine.

Phreabadar araon go tobann leis an ngeit a bhain scail thintrí astu. Lóchrann scéiniúil a rinne caor lasrach den dorchadas. An phlimp ag pléascadh chomh gárthach is gur chraith sé an teach ó bhun. Greim an fhir bháite a bhí anois aici air, í ar líonrith roimh fhearg Dé, nuair a tháinig trup trap a mbeirt chlainne de sciotán isteach sa seomra. Tormán na toirní tar éis rith a chur orthu agus iad ag coimhlint faoi thearmann lár leapan. Gan iontu ach dhá phutachán ar thóir foscaidh in ascaillí a dtuistí. Neasa in aois a cúig bhliana, ach í ní b'ac-laí ná Niamh a bhí bliain go leith ní ba shine. Líon an seomra le biogail chodlatach is an bheirt ag caraíocht nó gur éirigh le Neasa a cuid coisíní a shacadh síos idir Mama agus Deaide. Oiread ríméid uirthi á rómhar fhéin is gur bhain sí an greim láimhe as aimhréidh. Choigil na tuismitheoirí a gcuid den tsaoil i dtaisce a mbaclainne, á mbréagadh go ceanúil le cogarnail mhisnigh.

Thosaigh braonacha troma d'uisce na toirní ag cur deora le pána na fuinneogí sul má phléasc an chéad phlimp eile go bodhar i bhfad ó bhaile. Lean ciúnas fada an tuairt, gan le cloisteáil ach sran-nadh na bpáistí agus corruaill ón bhfar-raige a bhí i bhfoisceacht urchair chloiche de bhinn an tí. Ní raibh aithne ar áilleacht na maidne dár gcionn, a raibh brón ná buairt ar dhroim an domhain. Gaetha geala gréine á síneadh is á searradh féin i bhfairsinge áirgiúil an tseomra, seomra a raibh flaitheas na farraige mar bharr áilleachta ar a radharc. Gan aon eas-namh saolta ag gabháil leis ach easpa an tsonais.

Ba é an clog a chuir an chéad siliúir eile iontu. Tairéim air, ag tabhairt foláirimh go raibh sé in am aghaidh a thabhairt ar an lá. Na díchéillí ag roinnt póigíní na neamhurchóide go cineálta leis na céilí a bhí ina dtost. Tost nár thug an óige aon tsuntas dó. Giodar iontu ag princeam thar phluideanna, ainmneacha a gcuid cairde ina liodán ar bharr a ngoib agus gan aon fhoighid le cur iontu ach ag brostú na máthar lena bhfáil faoi réir don aoibhneas a bheadh i ngarraí theach na scoile.

Aoibhneas a chuir cluaisíní croí air ón lá ar saolaíodh iad, ach a bhí ag cur ualaigh ar bhéal a chléibh anois. Cheil sé cnead ghoilliúnach, fad is bhí siad ag rampúch leo as an seomra. An mháthair go spéir-iúil ina gcuideachta, ag iarraidh an taobh ab fhearr a choinneáil amuigh. Truamhéala le tabhairt faoi deara ar a haoibh bhréag-gháireach mar a bheadh sí ar a mine géire ag iarraidh clog an tsaoil a chasadh in aghaidh stuif. Impí ina hamharc ag breathnú idir dhá shuil air nó gur dhíbir a dhreach dúr doscúch as an seomra í. D'at tocht na héagmaise ina ucht agus é ag samhlú screadach cráite an dá chréatúirín nuair a d'fhág-fadh an chinniúint a dteaghlach brúite briste.

Go drogallach a d'fhág sé an leaba. Dubhchroí ag cur faoi ndeara dó casadh ar ais agus breathnú don uair dheiridh ar an leaba a thug oiread suaimhnis agus só dóibh. Ionad ginte a chlainne. Ionad grá agus gáire, áit a gcodlaidís go te to-laí i mbarróga loma a chéile, nuair a bhíodh doineann an gheimhridh ag fean-nadh féasóige de chur na farraige in aghaidh na fuinneogí. Gan fanta mar

chomharthaíocht dá seal in ionad an tsonais ach múnla a chloiginn ar an bpillíur. Dheifrigh an t-uaigneas i dtreo an tseomra folctha é, parúl curtha ar a chéile acu gan aon mhúisiam a chur ar na páistí nó go gcaithfidís ceart críochnaithe é. Níor thug dhá shúil inníoch a bhí slogtha siar ina cheann mórán dóchais dó, scéin iontu ag breath-nú air á bhearradh fhéin. Radharc a thug fuarallas amach thrína chraiceann. Bhí blas searbh ag triomú a bhéil nuair a chuir sé faoi ndeara dó fhéin aghaidh a thabhairt ar an gcomhlúadar.

“Cén fáth nár fhan tú i do chodladh? Tabharfaidh mise chuig an scoil iad.” “Tabharfaidh mé fhéin ann iad.” Stad sí dá graithe d'fhonn cur lena cuid argóna, ach bhac an stodam a bhí ina iompar í. A chuid mífhoighde á mbrostú amach an doras sul má bhí sé d'uain acu a gcionn a chúiteamh léi. Saothar uirthi ag sacadh boiscíní lóin síos i málaí agus á leagan ar an suíochán lena dtaobh. Bhí a cuid cos ag rith uaithi le fonn suí isteach ina gcuideachta, dá dtoileodh a dhreach íogmhar é. Amach roimhe a bhí sé ag breathnú go crosta agus ríméad a chlainne ag dul thar a chluasa. Ise go liúntach ag breathnú ina ndiaidh nó go dtug siad cor as amharc.

Phléasc an t-ualach aníos de bhéal a cléibh sul má bhí sé d'ionú aici cúlú isteach ar foscadh ó shúile na gcomharsan. Gan aon cheansú ar an mbleacht goirt deora ná ar an gártháil chaoineacháin a rinne sí in ard a cinn tar éis an doras a dhúnadh amach. Í ag samhlú an mheáchain a bheadh ina glór ag iarraidh an drochscéal a bhriseadh dá gcuid páistí. Beart pianmhar a

## I nGan Fhios don Saol

thairg sí a fhulaingt ar a son. Í faoi réir le dhul ag taoscadh na farraige móire dá bhféadfadh sí ré an achair a thabhairt dó, ach gan fóiriúint i ndán dó ón nóiméad ar chuala sé gur aige fhéin a bhí an t-anshógh le roinnt.

I bhfoisceacht céad slat de gheata na scoile a stop sé an carr agus a chroí ina bhéal ag iarraidh focla boga a roghnú dá chruachás. Giúin chroíúil na bpáistí a bhí ag spraoi i gclós na scoile ag beophianadh na beirte. Bís orthu nó go mbeidís ag rith is ag rásáil i gcomhlú-adar a gcairde. Amharc a súl ar leathmhaing i dtreo an tsonais nuair a phógadar a leiceann go deifreach. Fonn air an deis a thapú, ach gan é de chroí ann múisiam a chur orthu. Iad chomh haerach le dhá mhionnán ag fágáil slán aige.

Chruinnigh meall i mbéal a chléibh ag breathnú ina ndiaidh. Iad ligthe uaidh aige gan oiread is a leithscéal a ghabháil. Abairtí a bhí curtha de ghlan-mheabhair i rith na hoíche fanta i bhfastó ar bharr a theangan. I gcogar a thosaigh sé ag teilgean na bhfocal ina ndiaidh, chomh coinsiasach is dá mba í faoistin a bháis a bhí sé a spré amach go dúrachtach. “Beidh Deaide ag dul san ospidéal inniu níl aon neart air ach tabharfaidh Mamí aire daoibh aire mhaith”

Bhí sé buíoch anois nár lig an mheat-acht dó an drochscéal a roinnt leo. Tocht ag cur stad ann, teannas ag iar-raidh pléascadh amach thrí mhullach a chinn. Teannas a bhí molta ag dochtúirí dó a sheachaint ar mhaith le fad saoil. Drioganna ré roithleacáin ag baint an tsolais as a shúile. Chaoch sé amharc a intinne in aghaidh na hanachaine ag tnúthan le cúpla meandar sóláis, ach mhearaigh séideadh buin-neáin comhlúadar dó. Bhí carranna ag pógadh tóineanna a chéile i mbéal an gheata agus gasúir ag rith mar a bheadh seachrán á gcur le buille.

Idir a bheo is a mharbh a d'éalaigh sé leis as an mbealach. Cúlraíd ag teastáil lena bhreithiúnas aithrí a chur faoi bhrí na guibhe. Gan an guibhe fhéin de cheirín intinne aige ó thit sé amach le

Dia. Cuthach feirge a chuir faoi ndeara dó rois eascaíní a chur go mullach an aeir nuair a chinn air meabhair a bhaint as an ngrá Dé a bhí tar éis a theaghlach a fhágáil in umar na haimléise. Gan mórán samhaine le baint as rúndi-amhair in am an ghatair.

Síos i dtreo na céibhe a thug sé aghaidh an chairr. Brat nóiníní bána ag ceil-iúradh an earraigh ar fhad an bhealaigh nó gur leathnaigh siad ina ngairdín Pharthais ar na maolchnocáin cois cladaigh. Áilleacht a ghinfadh rabharta dóchais don té a bheadh ábalta an dóchas a iompar. Chaoch sé a shúile in aghaidh ghile na gréine a bhí ag bogrinne ar dhroim na farraige. Shiúil sé i dtreo na mbád a bhí ceangailte le céibh bheag chloiche in ascaill an chroimpáin. An púcán a thugadh léargas ar na Flaithis dó ag snámh go socair suaimhneach sa mbarr láin. D'umhlaigh an tslat bhoird dá mheachan mar a bheadh sí ag cásamh an dóláis leis, ceann faoi ar feadh dhá mheandar mar a rinne an dochtúir nár chuir fiacail ann. ‘Ailse’ a dúirt sé ag craitheadh a chinn go cinnte. Tost ansin in ómós don tsleá a bhí ag spi-onadh putóga, sul má bhain sé feidhm as an gcóras aibíte chun beartas leighis a léiriú, é chomh dóchasach go dtóg-fadh sé duine ó bhás go beatha, ach b'fhurasta dó a bheith dóchasach nuair nach air a bhí an éalann.

“Ní hé deireadh an tsaoil é”, mar fhocal scoir aige ag éirí ina sheasamh is á mhúscaill le bosóg mhisnigh, ach bhí sé fánach aige a bheith ag iarraidh mean-ma mharbh a ardú. Ba phurgadóir gach ré solais ón noiméad sin. Páis a mhná is a chlainne ag cur meáchan céadach sa gcrois a bhí á chiapadh. Crois a bhí ag tabhairt fuarallais amach thrína chraiceann agus é ag iniúchadh anama ar éadan a uaireadóra. Dhá uair an chloig fanta sul má chaithfeadh sé aghaidh a thabhairt ar ospidéal na hailse san Ardchathair. Ifreann a chuid samh-laíochta, b'fhearr leis bás a fháil ar an toirt dá mbeadh sé de thrócaire i nDia glaogh air.


Lig sé a ucht amach thar an tslat bhoird ag géilleadh don lagar spiorad a d'aim-

sigh a chuid glúine. Cóir leighis a bhí chomh léanmhar is nach bhféadfadh sé ribe as a cheann ag cur scéin an bhainbh dhóite ann. Rabharta meatachta á dhaingniú san ísle brí. Ba léanmhaire fós an leigheas a bhí casta deiseal agus tuaifeal ina cheann le linn uaireanta uaigneacha an dorchadais, ach bheadh suaimhneas sciobtha síoraí de luach saothair air. Gan an poll báite ach fad a láimhe uaidh. Maidhmeanna beaga ag lapaireacht mar a bheidís ag sioscadh leis, an fharraige chomh mealltach is go mba dheacair leis a chreidiúint nach mbeadh trua ná taise inti ag plúchadh an anama amach as. Bhí dhá cheann na meá á chur ar forb-hás ar an tslat bhoird, gan ag teastáil ach sá cos lena chur go tóin poill i ndiaidh a mhullaigh. Beartas a bhí furas-ta le cur i gcrích in am marbh na hoíche, ach a bhí ag tabhairt a dhushláin anois. Bháigh sé a chuid ingne i dtaobh an bháid, ag cur greim an fhir bháite de chuingir air fhéin ó dhul ar aghaidh ná ar gcúl. Scread sé go ciúin i dtreo na síoraíochta ag iarraidh fóiriúint óna ghéibheann. Faoileán a scread ar ais mar a bheadh sé á mhaíomh chun far-raige ina chuideachta. Scaoil sé thar bord é fhéin chomh fada is go raibh an t-uisce ag líochán a chuid gruaige. Gan de dhíth ar a chinneadh ach taom min-sigh. Crann an bháid i gcumraíocht croise sínte ar a fhad faoi uisce. Portáin le feiceáil ag séirseáil anonn is anall mar a bheidís faoi réir le dhul i mbun obráide, goin orthu le dhul ag strachailt geampaí nó go n-alpfaidís as meall a bhí ar thob é a chriogadh. Smaoineamh a bhí chomh sceonmhar le sceanairt na ndochtúirí, gan caitheamh na leathphinghne de dhifríocht ann, ach an seans caol ar fhad saoil a bhí na dochtúirí a thuar. Chúlaigh sé ar ais in aghaidh a thola, a scáile á leanacht mar a bheadh sé ag sá leis.

Dhearc sé isteach ins na súile air fhéin go leithscéalach, a chuid meatachta ag cur náire air. Náire nach raibh le sonrú sa scáile a bhí ag breathnú chomh fol-láin le bradán thar an gnapáinín dofhe-icthe a bhí á chéasadh i ngan fhios don saol. ■

# Na chéad scoláirí a d'fhreastal ar Gairmscoil Cholmcille\* sa bhliain 1955/'56.

\*Coláiste Cholmcille mar atá anois air



- |                                           |                                       |
|-------------------------------------------|---------------------------------------|
| 1 Colm Mac Fhlannchadha, Teach Mór        | 20 Tomás Mháirín Ó Conghaile, Cnoc    |
| 2 Pádraic Ó Conaola, Cor na Rón           | 21 Seosamh Ó Fátharta, Aille          |
| 3 Máirtín Bán Ó Conchubhair, Leitir Meas  | 22 Máirín Ní Chadhain, Lochán Beag    |
| 4 Tomás Ó Gríofa, Cor na Rón              | 23 Máirín Nic an Fhálaigh, An Spidéal |
| 5 Micheál Ó Neachtain, Púirín             | 24 Bríd Ní Chualáin, Cor an Rón       |
| 6 Máirtín Dubh Ó Conchubhair, Leitir Meas | 25 Bríd Ní Dhonnacha, Teach Mór       |
| 7 Peadar Ó Curraoin, Cnocán Glas          | 26 Máire Ní Churraoin, Bothúna        |
| 8 Máirtín Ó Curraoin, Saillethúna         | 27 Eibhlín Ní Dhonnacha, Cor na Rón   |
| 9 Peadar Ó Neachtain, Cnoc                | 28 Nóra Ní Chadhain, Lochán Beag      |
| 10 Seán Bán Ó Cualáin, Saillethúna        | 29 Bríd Ní Mháille, Minna             |
| 11 Colm Ó Tuathail, Minna                 | 30 Seán Mac Fhlannacha, Teach Mór     |
| 12 Séamus Ó Márta, Cor na Rón             | 31 Gan aithne                         |
| 13 Peadar Ó Conaola, Púirín               | 32 Caitlín Ní Chéidigh, Lochán Beag   |
| 14 Máirtín Ó Neachtain, Púirín            | 33 Bernie Breathnach, Múinteoir Tíos  |
| 15 Seán Ó Curraoin, Na Forbacha           | 34 Micheal Mac Aodha, Príomh Oide     |
| 16 Pádraic Ó Tuathail, Minna              | 35 Máirín Ní Thuathail, Minna         |
| 17 Filimíne Ní Obáin, Minna               | 36 Colm Ó Curraoin, Minna             |
| 18 Siobhán Ní Chéidigh, Bothúna           | 37 Pádraig Ó Coinceanainn, Minna      |
| 19 Mairéad Ní Nuadháin, Minna             |                                       |

# Ga Gréine i gCnoc na hAille: Coláiste Cholmcille

Breandán Ó Callarán, Príomhoide

Buachaillí agus cailíní sa scoil chéanna ag suí le taobh a chéile, 'sé an rud is nádúrtha ar domhan é, ach ní mar a bhí i gcónaí. Ar Lá 'le Bríde na bliana 1955 osclaíodh scoil nua i gCois Fharraige - Gairmscoil Chuilm Cille. Ba i gColáiste Chonnacht sa Spidéal a bhí ionad na scoile i dtosach. Mar gheall nach gceadódh Easpag na Gaillimhe scoil mheasctha (buachaillí agus cailíní) a bheith sa Deoise, bhí ar an gCoiste Gairmoideachais suíomh nua a aimsiú i nDeoise Thuama. D'aistrigh na daltaí agus an fhoireann múinteoirí go dtí an Cnoc nuair a bhí an scoil nua tógtha. Bhí suas le caoga cúig scoláire ar an rolla nuair a osclaíodh na doirse an chéad lá.

Bhí béim iomlán ar na hábhair theicneolaíochta an t-am sin agus chuaigh na scoláirí ar fad le ceardaíocht nó rúnaíocht mar ghairm bheatha. Nuair a cheadaigh an tAire Donncha Ó Máille an saoroideachas sa mbliain 1967 tharla athruithe móra. Is gearr ina dhiaidh sin go raibh deis ag scoláirí an Mheánteistiméireacht a dhéanamh agus sa mbliain 1975 thug an tAire Oideachais, Risteárd De Búrca T.D., cead an Ardeistiméireacht a dhéanamh tar éis dó cuairt a thabhairt ar an scoil le linn Fothoghcháin i nDáilcheantar Ghaillimh Thiar. Shuigh scoláirí do scrúdú na hArdeistiméireachta den chéad uair sa mbliain 1977. Téann 80% de scoláirí na scoile chuig Coláistí tríú leibhéal sa lá atá inniu ann. Is iontach an dul chun cinn atá déanta. Athraíodh an t-ainm ó Ghairmscoil Chuilm Cille go Coláiste Cholmcille sa mbliain 1991.

Le himeacht aimsire tháinig meadú ar an líon scoláirí agus ní raibh a dhóthain spáis lena n-aghaidh sa scoil. Tháinig Údarás na Gaeltachta i gcabhair ar an scoil. Thug siad cead na hoifigí a bhí trasna an bhóthair a usáid mar sheomraí ranga go dtí go bhfuair an scoil seomraí breise sa mbliain 1993. Dhá bhliain ina dhiaidh sin tógadh ceithre sheomra bhreise agus i mbliana cuireadh trí sheomra nua eile leis an scoil chun freastal ar oideachas an 240 scoláire atá ar scoil faoi láthair. Tá páirc

imeartha nua uileaimseartha móide raon lúthchleasaíochta le n-oscailt go luath agus cuirfidh siad seo go mór le háiseanna na scoile.

Tá cúrsaí breise curtha le curaclam na scoile chun scoláirí a ullmhú níos fearr don saol atá amach rompu, mar atá: Réitíonn Clár Gairme na hArdeistiméireachta scoláirí don saol oibre. Tugann cúrsa na hIdirbhliana deis do scoláirí forbairt agus teacht in inmhe mar dhaoine chomh maith le scileanna nua a fhoghlaim. Tá réimse leathan scileanna ríomhaireachta á chleachtadh leis an gcúrsa ECDL (Ceadúnas Tiomána Ríomhaire Eorpach). Tá an-chúnamh á fháil maidir le forbairt phearsanta na scoláirí sna ranganna achmhainne agus ranganna breise in ábhair áirithe.

Chomh maith le hardchaighdeán a bhaint amach sna scrúduithe tá béim ar leith ar fhorbairt phearsanta an scoláire. Tá sé tabhachtach go mbeadh scoláirí sona sa scoil, go mbainfeadh siad sásamh as a bheith ar scoil, go mbeadh meas acu ar dhaoine eile, go mbeadh siad in ann oibriú agus comhoibriú le daoine eile, agus go mbeadh meas acu ar a gcultúr féin. Chuige sin tá réimse mór imeachtaí breise á eagrú sa scoil.



Bliain na hArdeiste i gColáiste Cholmcille sa bhliain 2000/2001

Ar chúil ó chlér:- Pádraig Ó Mainnín, Séamus Ó Maoláin, Pól Ó Cearra, Dualta Mac Lochlainn, Micheál Ó Giobúin, Tadhg Ó Dómhnailláin, Pádraic T. Ó Conghaile, Ian Ó Finneadha, Caitlín Nic Dhiarmada, Jason Mc Gettigan, Joanne Ní Chadhain, Shane Ó Conghaile, Bairbre Seoighe, Máire Breathnach, Eoin Breathnach, Cian Ó Tuathail, Breandán Ó Callaráin, Pádraig F. Ó Conghaile, Pamela Ní Fhátharta.

Ó chlér i lár:- Aodán Ó Finnégáin, Béibhinn Nic Dhiarmada, Rónán Mac Donnacha, Edel De Paor, Niall Mac Diarmada, Maurie Ní Chonaire, Pól Ó Loideáin, Aine Ní Dhómhnaill, Colm Ó Cualáin.

Ó chlér chun tosaigh:- Dáire Ó hAinmhíre, Liam Ó Domhnalláin, Síle Ní Choisdealbha, Pádraic B. Ó Conghaile, Siobhán Ní Cheallaigh, Keith Mac Donnacha, Bairbre Ní Chaisín, Seán Ó Neachtain.

*Ga Gréine i gCnoc na hAille: Coláiste Cholmcille ...*

Tá béim mhór ar dhíospóireachtaí, tráth-na-gceist, ceol agus damhsaí Gaelacha, dramaíocht agus scríbhneoireacht. Is léir ón méid scoláirí a ghlacann páirt sna himeachtaí sin go bhfuil tuiscint ag na scoláirí ar thábhacht agus eagsúlacht a gcultúir.

Tá an-suim i gcónaí ag na scoláirí i gcúrsaí spóirt agus cabhróidh an pháirc nua go mór le himeachtaí. Ba mhór an onóir é don scoil nuair a thug iarscoláire de chuid na scoile, ball d'fhoireann na Gaillimhe, Corn Shomhairle Mhig Uidhir isteach sa scoil tar éis Craobh na hÉireann a bhuachan sa mbliain 1998. Bhí áthas agus bród ar gach duine sa scoil nuair a ghlac iarscoláire páirt sna cluichí Ólimpeacha i Sydney sa gcaghadóireacht. Is breá linn a fheiceáil freisin go bhfuil triúr iarscoláirí na scoile ar phainéal peile na Gaillimhe faoi láthair. Tá éachtaí déanta i gcúrsaí gnó agus i gcúrsaí cumarsáide an cheantair ag go leor dár n-iarscoláirí. Is iontach an tacaíocht atá ar fáil ag an scoil ó na daoine seo.

Is garr go mbeidh Lá Breithe leathchéad bliain ag an scoil sa gceantar agus is iomaí athrú a tharla le linn an ama seo agus baint, a bheag nó a mhór, ag an scoil leo. Faoi láthair tá an saol ag athrú níos sciobtha ná riamh. Ó thaighde atá déanta le tamall anuas tá sé soiléir go bhfuil deacrachtaí móra ag óige na tíre seo: Tá an leibhéal aclaíochta is ísle san Aontas Eorpach acu. Tá siad ar bharr an liosta ó thaobh mhí-úsáid alcóil agus drugaí de. Tá brú ó thaobh cúrsaí gnéis ag aois níos óige ar ógá-naigh an lae inniu. Tá obair pháirtaimseartha ag roinnt mhaith scoláirí. Níl mórán airde ar rialacha agus údarás. Cén chaoi a reiteofar na fadhbanna seo? Ní leigheasfar sa scoil amháin iad. Ní mór don scoil, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne teacht agus oibriú le chéile ar mhaithe na ndaltaí. Tá polasaithe agus pleananna nua Rialtais ag teastáil freisin. Tá dúshlán mór le tabhairt. Táim sásta agus muiníneach go bhfuil Coláiste Cholmcille i gcomhar le thuismitheoirí agus eagraíochtaí eile in ann don dúshlán atá romhainn.

## GLACADH NA CINNIÚNA

*Maria Nic Diarmada*

Cén mhaith a bhí aici bheith á ceistiú féin le ceisteanna dofhreagartha mar a bhí á dhéanamh aici ón lá ar tharla sé? Ag suí ar leic na huaighe, ag éisteacht le fuaimeanna na dtonn ag teacht aníos ar an gcladach. Mothú na ciontaí inti agus gan í in ann an t-uaigneas a chroithheadh di. Suite san atmaisféar seo, smaoinigh sí nach morán ama é chúig bhliana, ach nárbh iomaí rud a bhí tarlaithe ó thainig sé isteach ina saol? Is é aistear an tsaoil é sin ó bhroinn na máthar go dtí an fód.

An lá sular socraíodh an chinniúint bhíodar beirt - deartháir agus deirfiúr - sa seomra ag gáire agus ag spraoi mar ba ghnách leo a dhéanamh ach bhí tuiscint eatarthu nach bhféadfaidís a mhiniú, nach i bhfad eile a bheidís ag gáire le chéile. Chan siad 'Beidh Aonach Amárach i gContae an Chláir' mar gurbh é a thaithnigh leis agus mar chríoch leis an gcurfá bhí 'cén mhaith dhom é, ní bheidh mé ann' agus aríst agus aríst eile, dúirt sé an líne chéanna agus súile an chréatúirín ag líonadh le deora nach dtiocfadh leis. Bhuaile cantal í. Nárbh é a d'fhulaing, ach casaoid ní dhearna ariamh. Chuile mhaidin ag teacht isteach ina leaba chuici le meangadh gáire, agus ag breith barróige uirthi.

Ach, bhí críoch tagtha leis sin agus thuig sí gur mhór an difríocht idir a raibh taobh thiar agus a bheadh amach roimpi. Bhí a deartháir, an duine a rinne an chiall uilig di, imithe, a mhúin di gur as dorchadas a thagann dóchas agus a líon a croí le háthas gach lá a raibh sé ann. Soir léi, i dtreo gheata na reilige, ag breathnú timpeall go haireach, clocha cinn ag teacht suas lena cúl agus fuaimeanna na farraige gléigile á

leanacht de shíor. Gan fonn uirthi an áit a fhágáil ach é de dhualgas uirthi éalú.

Leis sin, tharla rud éicint, bhuaile nóiméad eisceachtúil í, é seacht mí ó tharla sé, agus an geata á dhúnadh aici - ní fhéadfadh sí leanacht ar aghaidh mar a bhí. Ní bheadh na freagraí go deo aici. B'éigean di ligean den phian agus a dícheall a dhéanamh dul ar aghaidh lena saol go neamhspléach. Shocraigh sí, cé nach n-imeodh mothú na ciontaí uathí fad is a bheadh uisce ag rith agus féar ag fás, bhí sí réidh le haghaidh chonstaici a saoil nua, dá uireasa.

Ghlac sí leis an gcinniúint, bás a dearthára, rud a chaitheann muid uilig a dhéanamh uair éicint - cé nach mar a chéile cás chuile dhuine - nó sin maireachtáil san iargúlacht. Deir na seandaoine, nach maireann aon cheo ach seal, gur fearr as na mairbh sna Flaithis. Ba dheas é, a chreid sí, go mbeadh an ceart acu, ach cé aige atá a fhios? Le deartháir ar feadh chúig bhliana, gan deartháir ar feadh ama aineolaigh. Is dó a mhair sí, is é a spreag í - a ghruaig dhubh, a shúile móra gorma, a lámha beaga soineanta dochomparáideacha, an bealach ar dhúirt sé a hainm. Ní chloisfeadh sí aríst é. Meas gan teorainn a bhí aici air. Bhí caitheamh ina dhiaidh aici, nár inis sí dó gurbh é a laoch é, an duine nár lig síos ariamh í, súil aici go raibh a fhios aige é.


Bhí a baile sroichte anois aici, baile lán le croithe briste, an duine a cheangail le chéile iad imithe. Mar sin féin, shiúil sí isteach le dearcadh nua ar gach a raibh tarlaithe agus a bhí le theacht. Bhí glacadh na cinniúna déanta aici. Leis sin, dúirt sí léi féin: "Imithe ó mo shaol atá tú a Mhichael, ach ní ó mo chroí".

*Seo píosa a scríobh Maria ar bhás a dearthára, Michael, a d'éag in Eanáir, 1999 in aois a chúig bhliana.*

## Maidhc Ó Cadhain 1920 - 2001

*Seán Éiniú*

**Ag tús mí Meithimh i mbliana, bhásaigh Maidhc Cadhain. Ón mbliain 1981, nuair a chuaigh sé amach ar pinsean, chónaigh Maidhc agus a bhean Máire (Mamie Johnny Mhaidhc) ar an Lochán Beag. Rugadh Maidhc sa mbliain 1920. Chaith sé tamall ag obair i mBaile Átha Cliath agus i Sasana, ach is i mBoston Mheiriceá a chaith sé formhór a shaoil.**



*Maidhc Ó Cadhain*

Nuair a chuaigh Maidhc go Meiriceá ag deireadh na ndaichidí, bhí na mílte as Éirinn ag tarraingt ar na hallaí damhsa i mBoston agus i Dorchester. Is ag ceann de na damhsaí sin a casadh Máire Ní Chadhain (Mamie) ar Mhaidhc. Phós siad agus chaith Maidhc a shaol oibre ina dhiaidh sin le comhlacht Leictreachais Mheiriceá, Edison. Bhí cónaí orthu ar Shráid Emerson, City Point, Boston le linn fhormhór an ama sin.

Fear aclaí a bhí sa gCadhanach. Shiúileadh sé trí nó ceithre mhíle chuile lá. I Meiriceá, théadh sé ag snámh agus ag aclaíocht thíos ar thrá Charson áit a mbíodh pinniúr liathróide láimhe agus trealamh aclaíochta. Bhí suim an-mhór aige sna hócáidí Gaelacha a bhíodh ar siúl ar fud Mheiriceá: feiseanna, cluichí peile agus iománaíochta, agus féilte éagsúla. Ba mhinic leis freastal ar an bhféile mhór cheoil a bhíonn ar siúl sna Catskills i Nua Eabhrac.

Nuair a chuaigh Maidhc amach ar pinsean, tháinig sé féin agus Mamie abhaile go dtí a dteach nua ar an Lochán Beag. Dar ndóigh, b'as an gCnocán Glas ó dhúchas do Mhaidhc, agus níor thóg sé i bhfad air aithne a chur ar mhuintir an Locháin Bhig, a chuir an-fháilte roimhe. Bhí an-suim aige i gcónaí i gcúrsaí peile, go háirithe Cumann Peile Micheál Breathnach, agus d'fhreastalaíodh sé go rialta ar na cluichí ina mbíodh na Breathnaigh ag imirt.

Chuirfeadh Maidhc Cadhain fáilte mhór roimh gach duine, sean nó óg, a thagadh ar cuairt chuige. Léadh sé go leór leabhra, irisí agus páipéir, agus ba bhreá leis a bheith ag plé cúrsaí polaitíochta agus scéalta móra an lae le daoine. Bhí bua na héisteachta aige go deimhin, agus ní tharraingneodh sé anuas aon ábhar cainte mura ndéarfá féin rud éicint ar dtús! Ba dhuine é nár lig scil air fhéin ach ba léir ón leabharlann iontach a bhí aige go raibh go leor eolais aige.

Duine an-oibleagáideach a bhí ann. Dá mbeadh gar ag teastáil uait, bhí Mhaidhc ar fáil i gcónaí chun cabhrú leat. Bhí féith an ghrinn ann, bhí féith na tuisceanna ann agus ba chara, comharsa agus duine uasal é.

Thug sé cuairt ar Bhaile Átha Cliath ag tús na bliana seo, nuair a bhronn Raidió na Gaeltachta sraith de dhlúthdhioscaí béaloidis Mháirtín Uí Chadhain ar an gclann, ag ócáid a bhí ar siúl in Óstán Buswells. B'in í an ócáid phoiblí dheireanach ar ar fhreastail sé. Bhí sé i measc a mhuintire agus a ghaolta an oíche sin agus bhain sé an-taitneamh as gan dabht.

Tá an Cadhanach imithe uainn anois, faraor, agus súil againn go bhfuil sé i measc a mhuintire agus a chairde atá imithe roimhe. Ar dheisláimh Dé go raibh a anam uasal.

# Campa Saoire Chois Fharraige

Liam Puirseil, Stiúrthóir

Tá Campa Saoire Chois Fharraige os cionn deich mbliana ar an saol anois mar is i 1991 a reáchtáladh an chéad champa. Níor tugadh ainm don champa go dtí 1992, an bhliain chéanna a ndeachaigh Scléip Teo. ina bhun. Ó shin i leith bhí dhá chúrsa nó trí ar siúl gach samhradh. Cúrsaí gníomhaíochta trí mheán na Gaeilge a bhíonn ar bun sa gcampa agus 'siad na príomhimeachtaí ná drámaíocht, ríomhaireacht, ceardaíocht, aclaíocht, damhsa, amhránaíocht agus cluichí. Bíonn na scoláirí páirteach sna himeachtaí uilig, rud a chinntíonn nach mbíonn siad rófhada ag plé le haon ábhar amháin.

Is í Scoil Sailearna ionad an champa saoire agus go deimhin murach chomh breá agus chomh fairsing is atá an scoil sin bheadh sé dodhéanta a leithéid a chur ar siúl. Bhí bliain amháin ar aistrigh an campa saoire go dtí na Forbacha mar gheall ar obair mhór thógála a bheith ar siúl i Sailearna. B'in é samhradh te na bliana 1995 agus cé gur éirigh go maith leis an gcampa bhí líon na scoláirí beag agus b'éigean córas taistil a chur ar fáil. An bhliain sin tháinig scoláirí as Cathair na Gaillimhe den chéad uair agus ó shin tá an-éileamh ar áiteanna sa gcampa saoire uathu. Tagann a bhformhór as na Gaelscoileanna agus go háirithe as ceantar Chnoc na Cathrach.



Is dóigh gurb é Campa Saoire Chois Fharraige an chéad campa saoire Gaeilge sa tír. Chuir Roinn na Gaeltachta, mar a tugadh orthu ansin, suim sa gcoincheap ó thús agus cé go raibh sí i bhfad ar an mbealach tá scéim dheontais do na campaí curtha i bhfeidhm anois. Mar thoradh air sin tá campaí samhraidh ar fud na nGaeltachtaí uilig anois.

Nuair a thosaigh Campa Saoire Chois Fharraige bhí thart ar 35 páiste ar gach cúrsa. Ta an uimhir sin méadaithe go mór anois agus bhí suas le 300 scoláire ar na cúrsaí i 2000 agus 2001.

Bíonn gá le foireann mhór, breis is 25 chun freastal ar slua chomh mór sin. Is éasca go mór déileáil leis an líon sin scoláirí in aimsir mhaith ach ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí. Bíonn Plean B réitithe i gcónaí agus is minic a chaitear é a chur i bhfeidhm chun gach duine a choinneáil gníomhach agus sásta.

Cuireann an campa saoire córas taistil ar fáil do na scoláirí ón gCeathrú Rua aniar agus an bealach uilig amach as Gaillimh. Mar sin is scoláirí lae a bhíonn ag freastal ar na cúrsaí. Bhíodh roinnt scoláirí cónaithe as Gaelscoileanna ar na cúrsaí ach bhí deacrachtaí go leor leis an scéim agus cuireadh deireadh léi.

Tá an-tábhacht ag baint leis an 'oíche dheiridh' sa gCampa cé nach féidir oíche a thabhairt uirthi mar go críochnaíonn an spórt ag 7.30. Fanann an Campa ar oscailt i rith an lae go dtí an t-am sin agus cuirtear deireadh leis an gcúrsa le ceilí, dioscó, slua-amhránaíocht agus bronnadh na nduaiseanna.

Is fíor a rá go mbaineann na páistí a thagann chuig an gcampa saoire an-sult as agus go mbíonn siad gníomhach ann ar bhealach atá tairbheach agus sláintiúil.

## GC

Electrical Contractors Ltd.

INDUSTRIAL, DOMESTIC & COMMERCIAL INSTALLATIONS & MAINTENANCE

*Comhghairdeas le Pobal Pharóiste an Chnoic*

LOCHÁN BEAG, INDREABHÁN,  
CO. NA GAILLIMHE

TEIL: 091 - 593333  
FAICS: 091-593334  
MOBILE: 087-2598999

## Lá Chinn an Dá Lá Dhéag

"Go dtreoraí Solas Chríost muid go geataí n bhfhlaithes mar a tharraing an réalta mhór eolais na ríthe go doras an stábla."

"Go raibh lán na súil de radharc an tSlánuitheóra sa deire ag an té a chuardaíonn go dúthrachtach é ar nós na ríthe."

## Lá 'le Muire san Earrach

"Céad fáilte romhat, a linbh, a gineadh sa Márta,  
Céad fáilte romhat, a linbh a rugadh sa stábla,  
A aon-mhic Mháire, céad míle moladh leat  
'S Dia bheatha do shláinte"

"Through her, we may see Him,  
Made clearer, not made dim,  
And her hand leaves his light  
Sifted to suit our sight."

G.M. Hopkins

## Lá 'le Páraig - 17 Márta

"Is glóir athar mac dílis."

"A Pháraig atá i bPárthas Mhic Dé gan locht,  
Bheir sláinte is do ghrásta don té bhíos bocht,  
Tháinig mé i do láthair -se agus mé lag gan luath  
Fáigh áras dhom i bPárthas san áit a bhfeicfidh mé thú."

"Críost liom, Críost romham,  
Críost i mo dhiaidh,  
Críost ós mo chionnsa is Críost fúm.  
Críost ina chónaí i mo chroí-se,  
Críost fós ó dheas díom, Críost ó thuaidh,  
Críost ar fad is Críost ar leithead,  
Críost anseo is Críost annsúid;  
Críost i gcroí gach aon duine bhéas ag smaoineadh ort inniu,  
Gach aon duine de na daoine a labhras liom-sa  
Críost ina bhéal  
Críost i súil gach uile dhuine dhearcas ormsa feadh an lae  
Críost i gclusa gach aon duine de na daoine a chloisfeas mé."

## Lá 'le Muire Mór san bhFómhar - 15 Lúnasa

"Go raibh mé i láthair ag baint lán na súil amach anseo as áileacht  
Mhuire á corócnuí mar Bhanríon  
An Fhomhair ins na Flaitheas."

"A Mhaighdean ghlórmhar mhodhamhail mhaiseach  
Is tú mo lón, mo stóir mo thraisce,  
Is tú mo réalt eolais dul romham san mbeallach,  
I ngleann seo na ndéor go mba tú mo charaid."

## Féile Mhuire Gan Smál - 8 Nollaig

"Smaoinigh tú fhéin ar do Mháthair Muire  
Nár rug sí an páiste a shábhail muidhe.  
Chonnigh sé an teach ins gach chaoi ba ghloine,  
Agus ghluais sí roimpi, an bóthar ba ghiorra.

Níl bean dá dtáinig ná dár imigh  
Nár lig lúb ar lár cé is moite d'ise,  
Chaith sí an lá le h-urnaí is guí  
Agus chonnigh sé a clann amach slán ón teine

Má théann tú amú, bhfearr duit fílleadh  
Is nocht do rún le rí na cruinne,  
Feac do ghlúin agus labhair le Muire  
Glanfaidh an cheo agus beidh an lá níos gile."

Johnny Chóil Mhaidhc

## Lá 'le Bríde - 1 Feabhra

"A Bhrid a Mhuire na nGael. A Bhrid, scaoil tharm do bhrat agus coinnigh faoi do chumhdach mé go mbeidh mé leat i bhFlaitheas Dé."

# Tom Pheaidí Mac Diarmada

## 1909 - 2001

Maití Joe Sheamuis Ó Fátharta

Ar an dara lá d'Áibreán a d'imigh an anáil deiridh as duine Aeile fós de chairde móra an tsaoil Ghaelaigh. Bhí a chairde móra fhéin ar fad mórán curtha roimhe ag Tom Pheaidí mar fuair sé fhéin aois bhreá. Go deimhin bhí a mhuintir saolach, cé nach raibh Tom ach ocht mbliana nuair a sciob an bás go tragóideach a athair, Eadbhard Pheaidí. Ba é an tríú duine ab óige den naonúr muirín a bhí ar Eadbhard Mac Diarmada agus a bhean, Máire Tom Ní Chualáin, thíos ar an Leic i mBaile na Féasóige, an Lochán Beag. Bhí Eadbhard ar dhuine den naonúr a maraíodh nuair a phléasc mianach ar an Trá Shalach in íochtar an Locháin tráthnóna gruama ceo, Dé Luain, an 17 Meitheamh 1917. Saol crua a bhí in chuile áit ag an am. Mar a dúirt deirfiúr Tom, Nóra Pheaidí, liom thall i mBoston os cionn chúig bhliana fichead ó shin: "Ní raibh scilling ó Bhearna go Carna, a mhaicín nuair a bhí mise ag éirí aníos!" Ach mura raibh fhéin, is minic a chuala mé ag Tom agus ag an gcuid eile acu nach bhfuair siad aon ocras ariamh. Leanadh de thraidisiún iascaigh a n-athar agus bhíodh greadadh éisc, fataí agus leamhnachta acu má ba é bricfeasta, dinnéar agus suipéar fhéin go minic é.



Cothú níos tábhachtaí, níos spioradálta agus, b'fhéidir níos suaimhní ar ball don mhuirín óg, ab ea an beathú agus an saibhreas teangan a roinn a máthair, Máire Tom Phroinnséis, orthu. Ní hí an teanga shaibhir amháin ach tréithe uaisle, ionraice agus spioradálta eile na nGael, caingean a bhí de dhlúth agus d'inneach ar an saol agus ar an gcuatán a d'fhulaing mórán dár seacht sinsear, ach go háirithe an ghlúin sin. Ba mhinic a d'airínn mo mháthair a rá nár choinnigh a máthair fhéin ceachtar dá clann sa mbaile ariamh aon lá ón scoil dá ghéire dar theastaigh siad uaithi, go háirithe tar éis bás a fir. Ba é an feall dá réir sin gur thit Tom amach leis an máistir is gan é ach sa gceathrú nó sa gcúigiú rang agus nach ngabhfadh sé ar ais ar scoil aríst ar ór ná ar airgead. Sin é a d'fhag eisean ag fosaíocht agus ag talmhaíocht ag baile ní b'óige ná mar a tharla don chuid eile dá cuid deirfiúracha ná deartháireacha. Níor admhaigh sé aon chaitheamh i ndiaidh na scoile a bheith ariamh air ach bhraithfeá go mb'fhéidir go raibh scaití nuair a bhíodh sé ag trácht ar chuid de na "laethanta aoibhne" agus na dlúthchairde scoile, leithéidí Joe Sheamuis Sheáin, Filí Bhaile na mBroghach, a d'áirigh sé i measc a phríomhcharad i gcaitheamh a shaoil in inneoin iad a bheith dealaithe ó chéile ag imirce nó deoraíocht, an leath ab fhearr de.

Cén t-iontas dá réir sin gur thosaigh buanna an ghlas-stócaigh

á léiriú fhéin luath go leor ina fhear óg. Bhí sé sáite in imeachtaí Chumann Díospóireachta agus Chumann Peile Chois Fharraige ó aimsir a mbunaithe sna tríochaidí agus ní mórán Oireachtas a lig sé thairis ó athbhunaíodh an fhéile sin i 1939. Ba ag teacht le chéile de chuid an Chumainn Díospóireachta a chum sé a chéad phíosa filíochta, bua nár luaigh sé go dtí i ndáil le leathchéad bliain aríst nuair a d'iarr sé orm amhrán ag moladh a cheantair dhúchais, 'Cois Fharraige an Cheoil,' a ghabháil ar a shon sa gcomórtas d'amhráin nuachumtha ag Oireachtas tosaigh Thrá Lí i 1982. Rinne sé riar maith eile, idir dhánta agus amhráin, ó shin. Thug teacht le chéile Baird agus Filí Chois Fharraige an-tsámh agus spreagadh dó. Agus bhíodh fonn air amhrán a bheith réitithe aige le tacú le hócáidí agus comórtais áitiúla ar nós Ceiliúradh Iúbaile Órga Ráth Cairn nó Comórtas Pheait na Máistreása agus Comórtas na mBailéad Nuachumtha.

B'aoibhinn leis a bheith ag freastal ar na hócáidí sin nó ar ócáid Ghaelach ar bith eile. Cúrsaí comhluadair a bhí ansin dó. Chleacht sé caidreamh agus comhluadar i gcaitheamh a shaoil ag baile nó i mBleá Cliath do. Nach ina theach i nDún Siunca a bhíodh an chuid ab fhearr den Oireachtas ó na caogaidí go dtí 1974 nuair a tháinig sé ar ais, ar a phinsean go dtí an Lochán Beag.

Tom Pheaidí Mac Diarmada .....

Fear ríméadach a bhí ann ag fílleadh ar a dhúchas. B'aoibhinn leis a bheith ar ais aríst i measc a mhuintire agus na sean-chomharsan. Thugadh na hoícheanta seanchais in Áras Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua sásamh ar leith dó le blianta. Bhaineadh sé an-tsult as oícheanta áirneáin Tigh Pheadair Mhóir ar an mBánrainn nó as an oíche mhór bhliantúil i Scoil na hAirde mar chuid d'imeachtaí Phléaráca Chonamara. B'ait leis a bheith in am ag ócáidí ar bith den tsórt, ach an oiread liom fhéin, go deimhin ní mharaíodh a dheifir á bhfágáil é! Ba mhinic na fuiseoga go hard ar an aer ag déanamh an bhealaigh abhaile, fiú chomh gairid leis an mbliain arú anuraidh, sílim gur muid an bheirt deiridh a shiúil amach doras Theach na Scoile san Aird. Ach ní i dtuilleamaí corrrthamall scléipe ná pléaráca a bhí Tom, fiú ar na saolta deireanacha b'fhada leis go dtagadh oíche Dé Domhnaigh le dhul Tigh Mharcuis, Tigh Tommy nó sa bPot, áit a thaithigh sé go dtí coicis sular bhásaigh sé.

Bhí lorg carad mhóir eile freisin, Máirtín Ó Cadhain ag scríobadh leis ar feadh a shaoil: nadúr ar leith leis an nGaeltacht agus le muintir na Gaeltachta ar fud na tíre. Bhíodh sé chomh mór sa mbaile ag cailcéireacht Tigh Dhónaill Uí Chatháir ar a mBuailtín, i Tigh an Cheoil sa Rinn, Tigh Mháire Liúc i gCoill a' tSídheáin nó Tigh 'Connie na mBollachaí' sna Doirí Beaga is a bhíodh sé i gceann ar bith de thithe ósta Chonamara. Ach sílim nár mhiste leis dá ndéarfainn gurbh é Ráth Cairn an ceantar Gaeltachta by mhó a raibh dáimh aige leis taobh amuigh de Chonamara fhéin. D'fhás comrádaíocht an-speisialta idir é agus "an mhuintir aniar" i Ráth Cairn agus bhíodh a chosa beaga ag sciarradh uaidh ann siar as Dún Siunca. Is iomaí oíche mhór a bhí acu Tigh Chahill in Áth Bui

ach go mór mhór thíos i 'mBóithrin Limbó', tigh an charad ba mhó leis ar an domhan, Cóil Neain Pháidín. I dteannta a gcuid comrádaíochta, bhí an tóir chéatach aige ar fhonnadóireacht Chóil. D'áirigh mé é ag rá uair thíos sa seanteach s'againn fhéin agus fonnadóirí móra na haimsire sin faoi chaibidil gur dhóigh leis gurbh é Cóil an té ab fhearr ar fad orthu. Tá tuairim agam gurbh é Cóil a dhúisigh spéis agus dúil Tom corcheann de na hamhráin ab ansa leis a rá ag corrrchuinniú agus teacht le chéile sa gceathrú deiridh dá shaol. Bhí an-bharúil agus an-mheas aige ar amhránaíocht a bheirt dearthára agus beirt dá chuid deirfiúracha, Pat and Michael, Baib agus mo mháthair Neain, agus bhí cuimhne chumasach aige ar mhórán chuile líne agus chuile fhocal dá gcuid amhrán. Níl sé ach leathscór bliain ó shin ó scríobh sé amach ceann de chuid Phat dom le rá ag an Oireachtas, amhrán a rinne Féilim Mac Cumháil, 'An Bhó Bhán'. Tá mé cinnte gurb iomaí ceann den tsórt a d'fhéadfadh sé fhéin a rá ach níor thogair sé a chul thar 'Na Bairillí' nó 'Bodenstown Church Yard' ar bhonn poiblí ná an méid sin fhéin go dtí tar éis fílleadh ar ais ar a fhód dúchais dó.

A bhuíochas don seanchas agus do shliocht na gcomhluadar éagsúil sin uile a fuair aithne air, mairfidh a chuimhne, a chuid scéalta, amhráin agus leaganacha fileata cainte a thagadh chuige go tobann, tráthuile go ceann i bhfad. Nach minic amach anseo a chuimhneos muid air faoi bhealach go Ráth Cairn nó go Bleá Cliath nuair a déarfus duine éicint: "Nach breá an lá ag gabháil soir thrí Éirinn é!"

*Solas na bhFlaitheas do Tom Pheaidí.*

### Dara lá d'Áibreán

*Dhúisigh mé,  
D'éirigh mé, ag súil go mbeifeá fós linn  
Ghlaoigh mo Dhaidí orm  
Ní raibh gá dó focal a rá  
Thosaigh mé ag caoineadh*

*Cén fáth?  
Ní féidir!  
Bhí mo chroí trom.*

*Feicfidh mé aríst thú  
Le Cúnamh Dé, a dhaideó,  
Ach go dtí sin - aireoidh mé uaim thú.*

*In onóir do mo dhaideó  
Tom Phaidí 'Ac Diarmada*

*Eibílóid*

## Lá Oibre

Dáire Ó hAinmhire

**B**hí Cól Phaidín Pheait ar an bportach ón hocht a chlog ar maidin - bhí ocras air anois. Fear mór, ard, láidir a bhí ann le dreach garbh a thaispeáin na blianta a chaith sé ag sclábhaíocht ar an bhfeirm bheag sna sléibhte. Bhí folt catach rua air le paiste folamh i lár báire. Bhí an ghrian ag soilsiú ar an bplait seo agus bhí sé ag éirí dearg. Bhí an lá brothallach marbhánta agus bhí Cól ag cur allais. Faoin am seo bhí boladh bréan uaidh ach ní raibh duine ná deoraí i bhfoisceacht scread asail de agus bhí cleachtadh mhaith aige féin ar an mboladh sin.

Bhí a dhroim tinn fresin - ag gróigeadh a bhí sé - agus bhí an mhaidin uilig caite aige ag obair lena dhá lámh agus é cromtha síos. Obair chrua a bhí ann ach ní raibh Cól sásta glacadh le haon aicearra ná aon bhealach nua-aimseartha sa gcás seo. Dhéanfadh seisean an jab díreach mar a rinne a mhuintir roimhe é ag dul siar thar na blianta. Bhí bealach amháin le móin a shabháil, an bealach a mhúin a athair dó agus an bealach a chleacht sé féin ón tús. Bhí móin ag muintir Uí Chualáin i gcónaí - nach raibh cliú agus cáil orthu i gcéin agus i gcóngar mar gheall ar an gclochmhóin a bhíodh acu? Ina intinn féin bhí Cól chomh maith inniu ar an bportach is a bhí sé ariamh, ach ag an am céanna bhí pianta ina chnámha anois. Bhí air suí síos i bhfad níos minicí agus bhí sos ag teastáil uaidh go rialta fiú nuair nach raibh gal dá phíopa uaidh.

Bhí Cól ag obair chomh dian sin nár chuala sé Cáit ag teacht aníos an boithrín beag cúng gairbhéil ar an seanrothar meirgeach. Leag sí an rothar faoi dhris, ó theas na gréine. Nuair a shroich sí a fear chéile, bheannaigh sí don obair le beannacht thradisiúnta agus d'fhreagair sé féin le beannacht chuí. Chuaigh sí go dtí áit thirim a raibh luachair agus fraoch leagtha síos ag Cól inti agus shuigh an bheirt acu síos. Níor dhúirt siad tada eile le chéile ina dhiaidh sin. Bhí súile móra gorma ag Cáit, le drithlí iontu. Bheadh a fhios ag stráinséir gur duine aerach a bhí inti uair amháin nuair a bhí sí óg ach ar nós Chóil féin bhí scéal na mblianta le feiceáil ina súile agus go háirithe na blianta deacra a chaith sí i mBaile an tSléibhe ag tógáil ochtar gasúr gan uisce ná leictreachas sa teach. Is iomáí furca a bhí ar éadan Cháit anois tar éis na blianta ag sclabhaíocht.

Thosaigh sí ag smaoineamh ar an uair a rugadh Cáit Óg, an chéad uair a raibh sí féin san ospidéal. Chuimhnigh sí ar an turas fada go dtí an t-ospidéal i nGaillimh le capall agus carr sa dorachadas, an phian chéasta a bhí uirthi agus an bród nuair a tháinig an páiste tar éis beagnach ceithre huairé fichead ag fanacht. Shíl sí go raibh an páiste is áille ar domhan aici. Rugadh Pádraic an bhliain ina dhiaidh sin, ansin Bridie, Mickey, Cóilín, Beartla, Caitlín agus Tomás. Ochtar páistí ar fad agus iad uilig imithe anois - Sasana, Meiriceá, agus Tomás san Astráil. Ach bhí siad ag déanamh go maith dóibh féin, buíochas le Dia, postanna maithe acu, ní raibh aon cheann acu ag sclábhaíocht ar nós Cháit agus Cól nuair a bhí siad ag fás.

Faoin am seo bhí Cól réidh leis an arán baile agus an buidéal tae. Chaith sé caorán le caróg liath a bhí ag teacht gar dóibh. Chuir Cáit an buidéal agus na páipéir ar ais sa mála donn agus sheas sí suas. “Seasfaidh mé ag an ngarraí buí ar mo bhealach abhaile,” ar sise. Bhí a fhios ag Cól céard a bhí i gceist aici, go mbreathnódh sí ar an mbó dhubh agus a gamhain ar a bealach abhaile. Phioc sí suas buidéal an bhainne ón lagpholl ar an mbealach amach, áit a raibh sé fágtha ag Cól le go mbeadh sé fuar agus úr i gcónaí agus bhuaíl sí bóthar.

Chuaigh Cól ar ais ag obair. Bhí se bródúil as a bhean cé nár dhúirt sé a leithéid riamh léi. Bhí tuairim aige go raibh a fhios aici, ach ar nós go leor eile ní raibh aon ghá é a rá, is dóigh. Bhí a dhroim ag cur as dó aríst ach ní raibh de rogha aige ach leanacht leis. Thaitin sé leis a bheith ag machnamh leis féin nuair a bhí sé ag obair. Is minic a bhí sé leis féin na laethanta seo. Chuimhnigh sé ar an lá ar thit Beartla beag isteach sa lagphortach agus gur beagnach cailleadh é. Bhíodh gleo agus caint agus spraoi ar an bportach nuair a bhí na gasúir ann. Cheap sé ag an am go raibh siad badráilte ach thuig sé an scéal i bhfad níos fearr inniu. Cé mhéad a d'íocfadh sé anois chun Beartla beag a thabhart ar ais aríst go dtí an portach, fiú ar feadh deich nóiméad? Nach acu a bheadh spraoi? Meastú an bhfuil sé i gcónaí in ann an sléan a láimhseáil nó an bhfuil dearmad déanta aige ar na scileanna a d'fhoghlaim sé óna athair? Nach é a bheadh bródúil as an gclochmhóin álainn sin?

Bhí Cól chomh cruógach sin lena chuid smaointe agus leis an obair a bhí ar siúl aige nár thug sé faoi deara an scamall mór dorchas sa spéir, siar ó dheas uaidh. Rith sé i dtreo scailpe ar bhruach an lagphortaigh nuair a thosaigh an bháisteach. Bhí beagán foscaidh ansin. Bhreathnaigh sé ar an spéir agus bhí sé sásta go raibh sé gar go maith don sé a chlog. Ní fhéadfadh sé mórán eile a dhéanamh inniu mar go raibh an áit fliuch anois. Bhuaíl cloigín an tséipéil d'Fháilte an Aingil agus chuir Cól comhartha na croise air féin. Chuaigh sé síos go mall ar ghlúin amháin sa bpuiteach, bhí sé ina chreatachán ceart. Bhí a fhios aige anois go raibh an aois ag teacht air.

*(Bhuaigh an scéal seo an chéad duais i gComórtas an Údarais agus i gcomórtas an Oireachtais sa mbliain 1999.)*

## Máire Áine Ní Dhonnchadha

Ciarán Ó Conceanáin

**S**iad na trí coda den draíocht, ceo, ceol agus seoltóireacht, a deirtear linn. Draíocht is ea an ceol, draíocht is ea an amhránaíocht, ach tá draíocht faoi leith le cloisteáil i nduanaireacht Mháire Áine. Ag éisteacht léi, ba dhóigh le duine gur tugadh trí cheo draíochta é go dtí an náisiún anonn ina bhfuil an ghrian agus na réalta ina stad le chéile, mil ina slaodaibh, torthaí ar ghéagaibh, óige an tsaoil de shíor ann, gan trácht ar aois go brách.

Is maith a thuill Máire Áine Ní Dhonnchadha an nóta molta a scríobh Seán Ó Riada ar chlúdach *Deora Aille*, ceirmín dá cuid amhrán a d'eisigh Ceirmíní Cladaigh i 1970. Fréamhaithe i bhfad siar thar a linn féin, am a raibh na mná caointe i mbarr a réime, b'fhéidir, a bhí stil scanrúil chaoiteach fonadóireachta Mháire Áine, an stil chéanna a thuill cliú agus cáil di, ní hamháin i gceantar iargúlta Chois Fharraige agus ar fud an oileáin bhig seo ach níos faide anonn ar stáitsí arda sna tíortha coimhthíocha. Ba ar an mBóthar Buí i gCois Fharraige a saolaíodh í agus ba í an té ab óige den naonúr muiríne a bhí ar Sarah Thaidhg agus Stiofán Sheáin Hughie Ó Donnchadha. Bhí scoth na n-amhrán ag a hathair agus ag a máthair agus ní haon ionadh go bhfuair an ghirseach óg an bua seo le huacht uathu. Amhráin aeracha spóirtíúla a hathar ar nós 'An Faoitín', agus amhráin bhrónacha a máthar, go háirithe 'Seán Bán', amhrán atá imithe ar gcúl sa lá atá inniu ann ach a bhfuil gaol gairid aige le haicme na 'Unguite Grave Songs' atá le fáil go fóill i gConamara agus sna ceantair Ghaeltachta eile, 'Ceaite an Chúil Chraobhaigh', go príomha a bhfuil leagan de curtha i dtaisce ag Máire Áine i dtaisce ceoil dúchais na hÉireann.

B'as saol an bhéaloidis, saol na dtithe ceann tuí, na n-óicheanta áirneáin agus na *timeanna* a fáisceadh Máire Áine ar an gCnoc in Indreabhán sa mbliain 1919. D'fhreastail sí ar Scoil Náisiúnta Shailearna sula dtug sí a haghaidh ar Chlochar na Trócaire i dTuaim agus ansin ar aghaidh chuig Coláiste Oiliúna Thuar Mhic Éadaigh agus ansin go dtí Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach, áit ar cáilíodh í ina hoide scoile. Is mar amhránaí sean-nóis is fearr a bhain sí cliú amach di féin, áfach. Le linn a hóige i gCois Fharraige bhí na hamhráin

le cloisteáil istigh agus amuigh agus iad chomh fairsing leis na clocha duirlinge nó na ceannabháin bhána ins na portaigh. B'ansin a chuir sí eolas ar an rud a bhí aici féin go nádúrtha, an traidisiún sean-nóis fréamhaithe ina cuid fola agus gan de leigheas aici air ach ardán a thabhairt dó. Bhain sí cliú agus cáil amach di féin leis seo, gan trácht ar thraidisiún na hamhránaíochta dúchais a chur ar stáitse níos leithne ná mar a bhí ar chumas na n-amhránaíthe sean-nóis a bhí ag saothrú na ceirde i nGaeltachtaí eile na tíre. Ghnóthaigh sí Bonn Óir an Oireachtais i 1950 agus is cinnte gur mhéadaigh sé seo ar a cáil agus ar na deiseanna taistil chun briathar na hamhránaíochta a chraobhscaoileadh.

Ní mar amhránaí, áfach, is mó atá cáil uirthi sa lá atá inniu ann ach mar bhailitheoir agus mar chaomhnóir ar na hamhráin dúchais, amhráin a bheadh curtha i dtalamh d'uireasa an dua agus an anró a chuir sí uirthi féin chun iad a bhailiú, a thaifeadadh agus a bhreacadh síos agus ansin a chur ar fáil don phobal ar suim leo iad. Bheadh cuid d'amhráin mhóra Chonamara imithe as cuimhne na ndaoine murach go ndearna sí taifeadadh orthu, 'An Aill Eidhneach', 'Neilín an Bhrollaigh Ghil' agus 'Loch na Ní' chun cuid den bheagán a lua. Is lena leagan caointeach d'amhrán Thomáis Láidir 'Ac Coisdealbha, 'Úna Bhán', is mó a bhain sí cáil amach di féin. Bhain an leagan neamhghnách seo den amhrán geit as an gcirocal fonadóireachta agus lucht critice araon. Bhí an leagan seo den amhrán ar an gceirmín *Deora Aille*. Duirt Hamish Henderson ar chloisteáil an amhráin dó: “*Listening to Úna Bhán on this record, I want to pay her artistry a worthy tribute, and find my words inadequate. When one hears such high excellence of singing, one searches in vain for praise that won't seem incompe-*

*tent or patronising; in the long run, one finds oneself forced back on the illiterate language of silence.*”

Ba ó Mháire Chafaí i Ros a' Mhíl a fuair Máire Áine an leagan seo do 'Úna Bhán', áit a mbíodh sí ag cuartaíocht le linn a hóige. Nuair a smaoinimid ar an tseoid luachmhar filíochta atá imithe i dtalamh, cuimhnimid ar Mháire Áine aríst a bhailigh amhráin ar nós 'Neilín an Bhrollaigh Ghil' óna comharsa béal dorais, Pádraig Cheannabháin, amhrán a tharraing scliúchas nuair a heisíodh caiséad ar a raibh Máire Áine ag gabháil don amhrán cúpla bliain ó shin. Tharraing an raic aird na bhfonnadóirí ar an amhrán aríst agus is minic a chloistear an t-amhrán á ghabháil sa lá atá inniu ann. Bhí cuid den amhrán breactha síos i mbailiúchán de hÍde, *Amhráin Ghrá Chúige Chonnacht*, faoin teideal 'Tiarna Bhinn Éadair' cé go raibh ceol an amhráin ligthe i ndearmad.

Tá Máire Áine i gcré na cille anois, faraoir, ach maireann an draíocht a bhí ina cuid duanaireachta i gCois Fharraige go dtí an lá atá inniu ann. B'fhéidir nach bhfuil sé de mhisneach ag fonnadóirí an dara casadh a thabhairt ar 'Úna Bhán' ina diaidh ach níl comórtas ná siamsa ná áirmean a mbíonn fonnadóirí óga Chois Fharraige ann nach bhfuil macalla an aoibhnis a bhí le sonrú i leagan aerach Mháire Áine de 'Barr an tSléibhe' le cloisteáil ag cách. Tá buíochas ag dul do Mháire Pheter atá ag spreagadh agus ag munlú an aosa óig i ré seo na nua-theicneolaíochta, treabhadh siar ar a ndúchas agus a n-oidhreacht, an bóthar céanna a thóg Máire Áine ina seal, ag daingniú an traidisiún amhránaíochta a shamhlaítear leis an gceantar de bharr fhonadóireacht Mháire Áine.

## Postaí

Go maire na lánúineacha seo a phós i bparóiste An chnoic idir  
Eanáir 2000 agus Iúil 2001 a nuaíocht

- John Joseph Morgan agus Imelda Ní Thuairisc (Lochán Beag)
- Hubert Keady (Teach Mór) agus Deirdre Ní Fhlatharta (Lochán Beag)
- Micheal Ó Scanláin agus Caitriona Ní Loideáin (Púirín)
- Micheal Walsh agus Gearoidín Ní Chonghaile (Bóthar Bui)
- Pádraig Ó Máille agus Áine Nic an Iomaire (Doire Choill)
- Stephen Naughton agus Caitriona Ní Fhéinneadha (Lochán Beag)
- Barry Dean O'Brien agus Barbara Coyne (Lochán Beag)
- Raymond Bernard Hannon agus Christina Mary O'Malley (Minna)
- Tomás Ó hAiniféin agus Aoife Ní Mhuirí (Cré Dhubh)

## Baistí

Comhghairdeachas faoin dea-scéala a chuir Dia againn idir Eanáir 2000 agus Mí Iúil 2001.  
Fáilte isteach chuig na páistí ar bronnadh branda Chríost agus  
Sacraimint na Fáilte orthu sa mBaisteadh.

- Oisín Séamus Ó Fátharta (Aille) le Séamus Ó Fátharta agus Treasa Ní Chualáin
- Pierce Michael Ó Ceannabháin (Cor na Rón) le Pádraig agus Anne Ní Loinsigh
- Cathal Páraig Ó Coisdealbha (Baile na mBroghach le Páraig agus Rita Ní Chonghaile
- Shauna Anne Spratt (Cor na Rón) le John agus Anne Kilmartin
- Marcus Pádraig Ó Céide (Teach Mór) le Micheál agus Martina Ó Brien
- Claire Marie Nic an Ultaigh le Pádraig Joseph agus Máirín Bhreathnach
- Michael James Langan (Aille) le Michael agus Máire Nic an Rí
- Páraig Caomhán Conneely (Bolusice) le Páraig agus Caitlín Ní Chonchubhair
- Saoirse Faherty (Clochar na gCon) le Patrick agus Shirley Lesley Charles
- Páid Gerard Ó Cualáin (Teach Mór) le Pádraig agus Marie Ní Ghríofa
- Emma Dillon Brock (Cor na Rón) le Tommy agus Barbara Dillon
- Ealanóir Máire Ní Fhéinneadha (Scailp an Chait) le Máirtín agus Eilín Ní Thuathail
- Seán Pádraig Ó Biadha (An Cnoc) le Máirtín agus Áine Ní Mháille
- Tomás Michéal Conneely Flaherty (Cao Rua) le Cuimín agus Eilís Conneely
- Kiara Mary Ní Dhugáin (Púirín) le Seán agus Margarita Ní Cheallaigh
- Tomás Micheál Mac Diarmada (Lochán Beag) le Tomás agus Margaret Ní Chéide
- Shane Peadar Ó Márta (Cor na Rón) le Séamus agus Sorcha Ní Ghríofa
- Pádraig Rónán Ó Conaire (Cor na Rón) le Tadhg agus Cáit Ní Chorraoin
- Máirtín Tomás Ó Maoláin (Cor na Rón) le Tomás agus Máire Aine Ní Mháirtín
- Róisín Máire Ní Ghionnáin (Cor na Rón) le Páraig agus Bríd Ní Mháirtín
- Aoife Máire Ní Chonchubhair (Bothúna) le Criostóir agus Breda McGrath
- Éabha Ní Fhlatharta (Cré Dhubh) le Seosamh agus Patricia Ní Chionnaith
- Suibhne Liam Ó Foighil (An Cnoc) le Diarmaid agus Margaret KimLuo
- Fionnuala Mairéad Ní Mháirtín (Aille) le Philip agus Frances Lynch
- Ella Mary Griffin (Aille) le John agus Helen Mullen
- Aoife Cáit Nic Cormaic (Seanadh Mhóinín) le Aodhán agus Bríd Ní Churraoin
- Domhnaill Máirtín Ó Braonáin (Teach Mór) le Greg agus Caitlín Ní Chualáin
- Iosold Máire Ní Fhoighil (Cathair) le Micheál agus Máire Ní Chonaire
- Oisín Sergie Ó Cualáin (Cor na Rón) le Brendán agus Áine Ní Ghríofa
- Brendán Seosamh Ó Tuathail (Cor na Rón) le Seosamh agus Bríd Ní Mhúgáin
- Liam Eoin Ó Céide (Teach Mor) le William agus Caroline Gallagher

## Ag tús An Earraigh

“Déan fómhar buí san nGaeltacht  
den ithir a spré ár sleacht  
Lonnraigh an séod nár léir dúinn  
Chun ár gcultúir fhéin a bhaint..  
Aibigh dias na Gaeilge  
Nó ní bheidh an síol le craith  
Do gach duine dá bhfuil dá chloisteál  
Go méaduí Dia gach maith.  
Oibreo muid as lámh a chéile  
‘S ní bheidh ár saothar gan rath”

Joe Steve

## Lá an Tobair - 9 Meitheamh

Go mbeannaí Dia duit, a Cholmcille naofa,  
Go mbeannaí Muire duit agus beannaím féin duit  
Is chugat a tháinig mé ag gearán mo phéin duit  
Is ag iarraidh carthanachta as ucht Dé ort.”

“A Naoimh Colmcille guidh go grod is  
go baileach is go duthrachtach  
Guidh aduaidh agus aneas,  
Guidh anoir is aniar,  
Guidh anuas agus thuas,  
Abhus agus thall,  
Guidh arais is ar aghaidh,  
Chugat agus uait  
Agus go lá brátha. Amen.”

“Go raibh créafóg Cholmcille ó Ghartan  
á úsáid mar ortha le muid a  
chur faoi choimirce Cholmcille  
is le muid a chosaint ó chontúirt báite  
is dóite is ó thimpistí bóthair.”

“Go gcuire Bád Cholmcille ar an mBánrach  
i gcuimhne dúinn gur deoraí Chríost é  
Colmcille agus fearacht Cholmcille  
Go raibh sé de mhisneach againn creideamh Chríost  
A scapiu.”

“Tugann “An Cathach” le fios dúinn  
dílseacht Cholmcille do Bhriathar Dé agus  
go raibh macalla an Bhriathair chéanna  
mar inspioráid againn i mbun gnaithe an tsaoil.”

# Ar Shlí na Fírinne

Guíonn Pobal an Chnoic fáilte abhaile do na daoine as an bparóiste a bhásaigh idir Eanáir 2000 agus Iúil 2001.

*"Tiocfaidh An Bás gan cás gan cuireadh  
Is níl mórán spáis i ndán don duine  
Níl ann ach lá don té is sine  
Ná bíodh do shrathair ar lár sa trá agus é ag tuile."*

Johnny Chóil Mhaidhc

- Mary Ní Chadhain (Sheáin) - Sailechúna
- Judeen Thomáis Ní Churraoin - Seana Mhóinín
- Bríd Bn Uí Fheinneadha - An Caisleán
- Jimmy Bhartley Ó Fátharta - Aille
- Lorcán Ó Cualáin - Cor na Rón
- Máirtín Ó Fátharta (An Phosta) - Cnocán Glas
- Seán Ó Cualáin - Na Criogáin
- Bríd Bn Uí Chualáin (bean Pat Phat Sally) - Caol Rua
- Seán Nolan - Lochán Beag
- Babe Bn Uí Chonghaile - An Tulach
- Peadar Mháirtín Tom Ó Donnchadha - Aille
- Máire Bn. Mhic Dhonnchadha - Cré Dhubh
- Micil Ó Báille - Tearmann Ainnín
- Paddy Mac Cárthaigh - Púirín
- Seán Ó Coincheannain (Cáit Dan) - Sailechúna
- Tomás Ó Ráigne O.S. - Caol Rua
- Cóilín Andy Ó Coisdealbha - Caorán
- Seán Mac an Iomaire - Bóthar Buí
- Máire Bn. Uí Chonghaile (Tadhg Ghabha) - Cathair
- Seán Mór Ó Fátharta - Clochar na gCon
- Bríd Sheáin Ní Chualáin - Teach Mór
- Tomás Ó Conghaile (Mháirtín Tim) - Caisleán
- Micheál Mháirtín Eoinín Ó Neachtain
- Bairbre Bn. Mhic Dhonnchadha (Joe Naneen) - Cré Dhubh
- Máire Chóil Mhaidhc Ní Choisdealbha - Indreabhán
- Aodán Ó Tuathail (Liam) - Púirín
- Páraig Stiofáin Ó Loideáin - Sailechúna
- Tim Shéamuis Mhóir Ó Fátharta (Aille)
- Eric Hadley - Bothúna
- Joe Ruaidí Ó Tuairisc - Cor na Rón
- Mamie Ní Chonghaile - Cathair
- Tom Phaddy Mac Diarmada - Lochán Beag
- Peadar Chait Ó Conghaile - Caorán
- Tomás Ó Neachtain - Baile na h-Abhann
- Maria Ní Choisdealbha Uí Fhlatharta - Baile na mBroghach

# Glór na nGael - Ceathrú Thaidhg

Tá ceantar Gaeltachta Dhún Chaocháin suite in iarthuaisceart Iorrais i gCo. Mhaigh Eo. 'Sé Ceathrú Thaidhg an baile is lárnaí. Ceantar tuaithe in aice na farraige atá ann agus tá muintir na háite ag brath ar an bhfeirmeoireacht agus ar an iascaireacht (atá séasúrach) ar scála beag. Cuireann Coláiste Gaeilge Cheathrú Thaidhg le bunioncam an cheantair. Tá muintir Dhún Chaocháin an-ghníomhach mar phobal agus tá ionadaí ar choiste Ghlór na nGael ó na coistí éagsúla deonacha atá ag feidhmiú sa gceantar. Le blianta beaga anuas bailíodh agus foilsíodh logainmneacha, scéalta, amhráin agus béaloideas as ceantar Dhún Chaocháin. Tugann na foilseacháin seo léargas iontach dúinn ar thírdhreach agus ar shaol na ndaoine a mhair is a mhaireann sa dúiche ársa seo.



Sa ngrianghraf tá Coiste Ghlór na nGael Cheathrú Thaidhg ar ócáid seoladh CD RPM Dhún Chaocháin leis an Aire Stáit, Éamon Ó Cuív agus Dr Séamas Ó Catháin, Ollamh i Roinn Bhéaloideas Éireann (ar dheis).



Glór na nGael, Fionn Trá, Co. Chiarraí. Grúpa Aisteoirí Óga Scoil Chaitlín Naofa, Cillmhicadomhnaigh, Fionn Trá a thóg páirt i bParáid na Mílaoise sa Daingean. - Meitheamh 2000.

## Glór na nGael, An Sciobairín, Co. Chorcaí

Rang Oíche:

Bíonn cúrsaí Gaeilge ar siúl ar feadh 10 seachtaine sa bhfómhar agus tar éis na Nollag. Má chríochnaíonn duine na ranganna tugann Glór na nGael Fáinne dóibh. Thosaigh na ranganna i 1996 agus tá siad ar siúl ó shin i leith.

Seo grúpa a chríochnaigh an cúrsa roimh an Nollaig 2000.



# Club Óige Lurgan

Barry Ó Coisdealbha

Tá Club Óige Lurgan ag freastal ar dhéagóirí an cheantair ó Abhainn Chromghlinne go dtí Abhainn an Chnoic. Tá suas le deichniúr agus trí scór cláraithe sa gclub, agus iad ag freastal ar an gclub chuile Dé hAoine i gColáiste Lurgan ón 8:00 go dtí a 10:00. Anuraidh d'fhreastail an Club ar an Oireachtas i gCaisleán an Bharraigh, áit ar éirigh leo an dara háit a bhaint amach sa gcomórtas scoraíochta lena seó ardáin a bhí curtha le chéile ag baill an chlub iad féin, 'Ag Dul Chuig an Oireachtas'.

Chuir na baill grúpa popcheoil le chéile chun freastal ar Slógadh, agus cé gur chuir siad an-obair isteach ag cleachtadh go rialta, níor éirigh leo freastal ar Slógadh de bharr na géarchéime Crúb agus Béal. Chuaigh grúpa de na baill ar shiúlóid lae go dtí an Bhoireann i mbliana, áit ar shroch siad barr Chontae an Chláir, agus is iad a bhí sásta nuair a bhí siad ag dul síos le fána. Chun deireadh a chur le himeachtaí na bliana chuaigh grúpa as an gclub amach go hInis Oírr ar feadh deireadh seachtaine, áit ar chas siad le club Inis Oírr, agus bhí spraoi agus spórt ag an ngrúpa ar fad.

Tá an Club Óige cláraithe leis an eagraíocht Óige an Iarthair: seo eagraíocht a dhéanann freastal ar chlubanna óige i gConamara, Árann agus Gaeltachtaí Mhaigh Eo. Déanann an Club Óige freastal ar fhormhór na n-imeachtaí a bhíonn eagraithe idir na clubanna seo. Is féidir a rá go bhfuil an Club Óige láidir, agus ag déanamh freastal maith ar óige an cheantair agus cur chun cinn na Gaeilge.



Grúpa de na baill ar shiúlóid lae go dtí an Bhoireann i mbliana.



Ó chl: Molly Ní Thuairisg (Lochán Beag), Seán Ó Tuairisg (Lochán Beag), Pádraic Ó Tuairisg (Lochán Beag).




Ó chl: Cól Phóil Ó Diolúin (Coill Rua), Pádraic Thaidhg Phádraic Ó Conghaile (An Cnoc), Séamus Árann Ó Fátharta (Cor na Rón), Matt Sheáinín Ó Cualáin (Teach Mór).



Na Gárdaí a d'éirigh as a bpost san gCeantar le gairid:

Thuas: Tony Ó Loinsigh, Cor na Rón  
Ar Dheis: Pat Ó Conchubhair, Teach Mór



Saol fada faoi shláinte dá ghuí dhíbh!



Ó chl: Meaig agus Pat Choilm Phadhraic Ó Céidigh (Saillethúna)



Ó chl: Matt Sheáinín Ó Cualáin (Teach Mór), Beairtín Tom Ó Flatharta (Teach Mór), Beairtle Phatch Ó Cualáin (Teach Mór)

## Comghairdeachas ó chroí dóibh seo a leanas a bhain a gcuid céimeanna amach i mbliana!



Ó chl: Tony Óg Ó Loinsigh (Cor na Rón), Tadhg Ó Fátharta (Na hAille), Eoin Mac Diarmada (Lochán Beag)



Micheál Dáirbe Ó Fátharta, Na hAille



Ó chl: Máirín Ní Choinceanainn (Saillethúna), Cathal Ó Conaire (Lochán Beag)

## Brenda Uí Shuilleabháin

'Sí Brenda Uí Shuilleabháin, ó Glór na nGael Cuileann Uí Chaoimh, a bhuaigh Duais Chultúrtha Glór na nGael i mbliana. Is bean de bhunadh Cuileann Uí Chaoimh ó dhúchas í, agus tá seacht mbliana fichead caite aici i mbun imeachtaí Glór na nGael ar an mbaile cultúrtha Gaelach seo i gCo. Chorcaí.

Tá Féis Liatirian ar cheann do na príomhimeachtaí a bhfuil baint ag Brenda leo, leis na blianta, agus 'sí cúl taca Scoil Liatirian í le beagnach cúig bliana fichead. Bíonn cúrsaí samhraidh trí Ghaeilge ar siúl sa scoil do scoláirí bunscoile and iarbhunscoile.

Chomh maith leis sin, bhí Brenda páirteach i ranganna rince do pháistí, déagóirí agus daoine fásta. Bhí baint aici le bunú ran-

ganna sa cheol Gaelach i gCuileann Uí Chaoimh chomh maith. I measc na rudaí eile a raibh baint aici leo bhí ranganna Gaeilge agus bunú an Naíonra ar an mbaile. Thugadh sí fhéin na páistí chun na scoile nuair nach raibh aon deis taistil eile ar fáil dóibh.

Mar gheall ar a cuid ama, dúthrachta agus grá don chultúr Gaelach, tá an duais seo tuillte go maith aici, go mba fada buan í. ■



Glór na nGael, Cuileann Uí Chaoimh, Co. Chorcaigh - An Bronnadh, Feabhra 2001



Glór na nGael, Baile Átha Í, Condae Chill Dara



Buaiteoirí Craobh Chonnacht FBD i gComórtas Gailf Chumainn Luthchleas Gael 2001.

Ag déanamh ionadaíocht ar shon Cumann Luthchleas Gael Mhicheál Breathnach bhí ó chlé: Michael Tim Ó Conghaile, Peadar Ó Finneadha, Cól Ó Finneadha, Pádraic Ó Maoileoin agus Donnacha Ó Conghaile.

## Glór na nGael

### Ceantar Naithí

**B**hí bliain ghnóthach ag an gcoiste áitiúil i nDún Droma. D'fhoilsigh siad torthaí de shuirbhé mór a rinne siad faoi dhearcadh mhuintir an cheantair ar an nGaeilge. Fuair siad amach gur cheap 94% de na daoine a d'fhreagair an ceist-neoir, go raibh an Ghaeilge tábhachtach mar chuid dár gcultúr agus oidhreacht. Chomh maith leis sin ba mhaith le 94% comharthaí/fógraí i nGaeilge a fheiscint ins na siopaí agus ar na sráideanna.

Bhí an coiste ag plé go mór le cúrsaí na hóige taobh istigh agus taobh amuigh de na scoileanna. I measc na n-imeachtaí bhí:

Comórtas Ealaíne agus Filíochta an tSamhraidh a bhí eagraithe idir bhunscoileanna an cheantair do pháistí rang a trí. Is iad na scoileanna a ghlac páirt ná Scoil Gharrán Mhuire, Scoil Naithí, Scoil na Croise Naofa, Scoil an Bhriathair Dhiaga, Scoil Naomh Olaf, Scoil Bhanríon na nAingeal, Gaelscoil Thaobh na Coille agus Bunscoil Chnoc Anville. Bhí níos mó ná 300 iontráil sa gcomórtas agus ba é 'An Samhradh' téama na bpíosaí. Is i dTeach Airfield i nDún Droma a bhí bronnadh na nduaiseanna. Ina dhiaidh sin bhí tráthnóna siamsaíochta ag na clanna nuair a thug siad cuairt ar an bhfeirm agus na gairdíní áille atá in Airfield.

Féile Leabhar na bPáistí: D'eagraigh muid lá scéalaíochta i leabharlann Dhún Droma mar chuid den Fhéile (faoi stiúir na Séirbhíse Leabharlanna) ar an gCéadaoin an 18 Deireadh Fómhair. Tháinig Annette de Paor ó Naíonra Naithí chun an scéalaíocht a dhéanamh agus bhí slua mór ann - os cionn 90 páiste - agus, ar ndóigh, bhí slua mór daoine fásta ann freisin ag baint taitnimh as na scéalta ar nós Na Trí Bhéar agus Micí Moncaí. Ag deireadh an spóirt agus an spraoi tugadh balún go gach páiste le 'Grá an Ghaeilge' scríofa orthu.

Bhí Ceardlanna Drámaíochta & Damhsa Nua-Ainmseartha do pháistí ar siúl i Scoil Bhanríon na nAingeal ar an 14 agus 15 Deireadh Fómhair. Bhí siad eagraithe ag Ceantar Naithí - Glór na nGael, agus d'éirigh go hiontach leo. D'fhreastail



Pictiúr ó chlé: Lorna Verdon, Fiona O'Sullivan, Lisa Johnson. Ceantar Naithí - Glór na nGael

os cionn 100 páiste orthu ó 12 bunscoil ar fud Cheantar Naithí. Ba é Caimin Collins (a bhíonn ag obair leis an Ark agus An Ceoláras Náisiúnta) an stiúrthóir ar an lá agus in éineacht leis bhí grúpa ó Artslab agus cuairteoirí ón Spáinn. Is comhlacht Amharclainne iad Artslab agus bhí an t-ádh linn go raibh daoine chomh proifisiúnta ag obair linn ar an lá. Ag deireadh na gceardlann chuir na páistí léiriú beag deich noiméad ar fáil do na tuismitheoirí inar léirigh siad na heil-imintí: Tine, Gaoth, Uisce agus Ithir. Ag fágáil dóibh fuair gach páiste teastas as uacht páirt a ghlacadh.

Bhí ceolchoirm iontach eagraithe ag Craobh Naithí de Chomhaltas Ceoltoirí Éireann in Amharclann Naithí ar an Satharn, an 21 Samhain. Is mar chuid de cheardlanna agus léachtaí na Scoile Geimhridh 2001 a eagraíodh an oíche. Ghlac Mícheál Tubridy. Méabh Ní Lochlainn, Peadar Ó Ceannabháin, Brendan McGlinchey, Catherine McEvoy, Bríd Meaney, Muintir Mhic Mhathna agus go leór oirfideach eile páirt ann. Lean an ceolchoirm ar aghaidh ó 8.00 i.n. go dtí tar éis méan oíche agus an rud is mó a chuir gliondar ar chroí an scríbhneora seo ná an méid daoine óga ó Cheantar Naithí a bhfuil an amhránaíocht ar an sean-nós ar a dtail acu. Ag an bhFleá Cheoil an samhraidh seo caite, bhuaigh na ceoltoirí agus na hamhránaithe an chéad duais ina lán comórtas difriúil.

Obair eile a bhí idir láimhe ná An Club Comhrá, cláracha raidió áitiúil, Glór Naithí agus 'Meascán', colún seachtainiúil san *Southside People*, imeachtaí difriúla i rith Sheachtain na Gaeilge agus *Nuachtlitir Naithí*. ■



pobal



forbairt

teanga



cultúr



*ag obair ar son phobal  
na Gaeltachta agus  
na Gaeilge*



# Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh.

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: [eolas@udaras.ie](mailto:eolas@udaras.ie)

<http://www.udaras.ie>